2026/1086

29.5.2026

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP.29/343 CEE-NA, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/transport/road-transport/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 83 na Náisiún Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le hastú truailleán de réir ceanglais breosla innill [2026/1086]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí go léir suas go dtí:

09 sraith leasuithe - Dáta theacht i bhfeidhm: XX Meán Fómhair 2026 (Le sonrú)

Is áis doiciméadúcháin amháin an doiciméad seo. Is iad seo na téacsanna atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí: ECE/TRANS/WP.29/2026/25 (arna leasú le mír 66 agus Iarscríbhnn V de thuarascáil ECE/TRANS/WP.29/1190)

WP.29-198-06

GRPE-94-24r1

CLÁR ÁBHAR

Rialachán

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar cheadú
4. Ceadú
5. Sonraíochtaí agus tástálacha
6. Forchoimeádta
7. Cineálcheaduithe a leathnú
8. Comhréireacht táirgeachta
9. Comhréireacht inseirbhíse
10. Pionóis mar gheall ar neamh-chomhréireacht táirgeachta
11. Scor cinntitheach den táirgeadh
12. Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha speisialta
13. Ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Iarscríbhinní

1 Saintréithe innill agus feithicle agus faisnéis a bhaineann le tástálacha a dhéanamh

Foscríbhinn 1 - Tuarascáil tástála

2 Teachtaireacht

Foscríbhinn 1 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh cheanglais Chineál 3

Foscríbhinn 2 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála chun críoch cineálcheadú astaíochtaí

Foscríbhinn 3 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh Cheanglais Chineál 6

Foscríbhinn 4 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh Cheanglais Chineál 1

Foscríbhinn 5 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh Cheanglais Chineál 4

Foscríbhinn 6 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na tástála saotharlainne ar chóimheas raoin lánleictrigh ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha

Foscríbhinn 7 - Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas cinnte cumhachta

3 Leagan amach an mhairc ceadaithe

4 Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí

Foscríbhinn 1 - Critéir maidir le feithiclí a roghnú agus teip feithiclí a chinneadh

Foscríbhinn 2 - Rialacha maidir le tástálacha Chineál 4 a dhéanamh le linn na comhréireachta inseirbhíse

Foscríbhinn 3 - Tuarascáil ISC

Foscríbhinn 4 - Tuarascáil ISC bhliantúil an Údaráis Cineálcheadaithe Deonúcháin

Foscríbhinn 5 - Liostaí Trédhearcachta

5 Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí

Foscríbhinn 1 - Suirbhé feithicle

6 Tástáil Chineál 3

7 Feistí cúblála agus straitéisí cúblála

Foscríbhinn 1 - Modheolaíocht chun AES agus BES a mheasúnú agus a cheadú

Foscríbhinn 2 - Pacáistí doiciméadachta

8 Tástáil Chineál 6

9 Frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil

Foscríbhinn 1 - Leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe, agus samplaí de mhaoluithe

10 Sonraíochtaí na mbreoslaí tagartha

10a Sonraíochtaí na mbreoslaí gásacha tagartha

11 Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh tástáil saotharlainne ar chóimheas raoin leictrigh ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha

12 Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí coscáin

13 Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh córais faireacháin ar bord

Foscríbhinn 1 - Modhanna le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse agus faireachas margaidh réigiúnaigh roghnach ar chórais faireacháin ar bord

Foscríbhinn 2 - Critéir chomhlíontachta le haghaidh aicme OBM

1. Raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí maidir le hastaíochtaí ó chás an chromáin (tástáil Chineál 3) agus astaíochtaí sceite ag teocht chomhthimpeallach íseal (tástáil Chineál 6) le haghaidh astaíochtaí comhdhúl gásach.

Ina theannta sin, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le comhréireacht inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí sceithphíopa agus galaitheacha, marthanacht ceallraí, cóimheas raoin leictrigh feithiclí lánleictreacha ag teochtaí ísle, astaíochtaí coscáin agus faireachán ar bord; chomh maith le rialacha maidir le frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil; agus feistí cúblála agus straitéisí cúblála.

1.1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí i gcatagóirí M_1 agus N_1 ([1]).

Arna iarraidh sin don mhonaróir, i gcás feithiclí de chatagóir N_2 idir 3,5 agus 5 thona uasmhais de thionscnamh cineál feithicle de chatagóir N_1, féadfaidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú astaíochtaí a dheonú má chomhlíonann an fheithicil na ceanglais le haghaidh cineál feithicle de chatagóir N_1.

2. Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, mura sonraítear a mhalairt thíos, agus sa chás sin beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

2.1. Ciallaíonn '*cineál feithicle*' grúpa feithiclí a chomhlíonann na ceanglais le haghaidh cineál feithicle maidir le hastaíochtaí i gcomhréir le mír 3.0.1. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.2. Forchoimeádta.

2.3. Ciallaíonn '*uasmhais*' an uasmhais incheadaithe go teicniúil arna dearbhú ag monaróir na feithicle (féadfaidh an mhais sin a bheith níos mó ná an uasmhais arna húdarú ag an údarás náisiúnta).

2.4. - 2.7. Forchoimeádta.

2.8. Ciallaíonn '*cás an chromáin*' na spásanna in inneall, nó na spásanna seachtracha d'inneall, atá i gceangal le humar na hola trí dhuchtanna inmheánacha nó seachtracha trínar féidir le gáis agus gal éalú.

2.9. - 2.11. Forchoimeádta.

2.12. Ciallaíonn '*gaireas rialaithe truaillithe*' na comhpháirteanna sin d'fheithicil lena rialaítear astaíochtaí sceite agus galaitheacha agus/nó lena gcuirtear teorainn leo.

2.13. Ciallaíonn '*comhréireacht inseirbhíse*' nó 'ISC' na gníomhaíochtaí a dhéantar ar fheithiclí atá i gcúrsaíocht, ar chórais, ar aonaid theicniúla faoi leith nó ar chomhpháirteanna chun críche comhlíonadh na gceanglas marthanachta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú.

2.14. Ciallaíonn '*tástáil Comhréireachta Inseirbhíse*' an tástáil agus an meastóireacht ar chomhréireacht a dhéantar i gcomhréir le mír 9 den Rialachán seo.

2.15. Ciallaíonn '*á cothabháil agus á húsáid go hiomchuí*', i gcás feithicil tástála, go gcomhlíonann an fheithicil sin na critéir maidir le feithicil roghnaithe a ghlacadh, critéir a leagtar síos i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4.

2.16. – 2.18. Forchoimeádta.

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, mír 2. - www.unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.19. Ciallaíonn '*ceadú feithicle*' ceadú ar chineál feithicle maidir le raon feidhme an Rialacháin seo.

2.20. - 2.25. Forchoimeádta.

2.26. Ciallaíonn '*fuarthosú*', i gcomhthéacs an chóimheasa feidhmíochta monatóirí DAB le linn úsáide, teocht an fhuartháin innill nó teocht choibhéiseach ar thosú an innill atá cothrom le 35 °C nó níos ísle agus atá 7 C nó níos lú thar teocht chomhthimpeallach, más ann dó.

2.27. – 2.34. Forchoimeádta.

2.35. Ciallaíonn '*imoibrí*' aon táirge seachas breosla a stóráiltear ar bord na feithicle agus a sholáthraítear don chóras iarchóireála sceite arna iarraidh sin don chóras rialaithe astaíochtaí.

2.36. Forchoimeádta.

2.37. Ciallaíonn '*córas iniompartha chun astaíochtaí a thomhas (PEMS)*' córas iniompartha chun astaíochtaí a thomhas a chomhlíonann na ceanglais a shonraítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.38. Ciallaíonn '*Bonnstraitéis Laghdaithe Astaíochtaí (BES)*' straitéis astaíochtaí atá gníomhach ar feadh raon luais agus ualaigh na feithicle mura ndéantar Straitéis Chúnta Laghdaithe Astaíochtaí a ghníomhachtú.

2.39. Ciallaíonn '*Straitéis Chúnta Laghdaithe Astaíochtaí (AES)*' straitéis astaíochtaí a éiríonn gníomhach agus a chuirtear in ionad BES nó a dhéanann mionathrú ar BES chun críche sonraí agus mar fhreagairt ar thacar sonrach dálaí comhthimpeallacha nó dálaí oibriúcháin agus ní fheidhmeoidh sí ach amháin nuair atá na dálaí sin ann.

2.40. Ciallaíonn '*tríú páirtí*' páirtí ag a bhfuil leas dlisteanach agus rochtain ar shaoráidí tástála leormhaithe chun críche seiceálacha agus tástálacha comhlíontachta, agus na saoráidí sin creidiúnaithe i gcomhréir le EN ISO/IEC 17020 agus EN ISO/IEC 17025.

2.41. Ciallaíonn '*feiste cúblála*' aon ghné den dearadh a fhágann nach gcomhlíonann feithicil ceanglais an Rialacháin seo agus í á tiomáint ach nach bhfuil faoi thástáil rialála, cé go bhfágann sí gur cosúil go mbíonn an fheithicil comhlíontach nuair a dhéantar tástáil uirthi, nó a dhéanann ionramháil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, tomhaltas breosla nó tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí.

2.42. Ciallaíonn '*straitéis chúblála*' straitéis a fhágann nach gcomhlíonann feithicil ceanglais an Rialacháin seo agus í á tiomáint ach nach bhfuil faoi thástáil rialála, cé go bhfágann sé go mbíonn an chuma air go bhfuil an fheithicil comhlíontach nuair a dhéantar tástáil uirthi, nó a dhéanann ionramháil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, tomhaltas breosla nó tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí.

2.43. ciallaíonn '*crioscaíl*' an t-inneall nó an mótar leictreach, feistí agus córas rialaithe truaillithe feithiclí, an córas tiomána, ceallra tarraingthe, odaiméadar, feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, diagnóisic ar bord nó córas faireacháin ar bord a dhíghníomhachtú nó a mhodhnú, lena n-áirítear aon bhogearra nó aon ghné rialaithe loighciúil eile de chuid na gcóras sin agus a gcuid sonraí, arb é an toradh atá air nach gcomhlíonann an fheithicil an Rialachán seo.

2.44. Ciallaíonn '*ceallra*' córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe (REESS) a shuiteáiltear i bhfeithicil leictrithe agus a úsáidtear go príomha chun críoch tarraingthe.

2.45. Ciallaíonn '*fuinneamh ceallra inúsáidte (UBE)*' an fuinneamh a sholáthraíonn an ceallra ó thús an nós imeachta tástála a úsáidtear le haghaidh deimhniúcháin go dtí go mbaintear amach an critéar scoiteachta is infheidhme maidir leis an nós imeachta tástála a úsáidtear le haghaidh deimhniúcháin.

2.46. Tagraíonn '*raon leictreach*' don raon a chinnfí leis an nós imeachta tástála raoin a úsáidtear chun an fheithicil a dheimhniú, dá ndéanfaí an tástáil ag an bpointe láithreach i saolré na feithicle agus an ceallra a suiteáladh ar dtús inti.

2.47. Tagraíonn '*raon deimhnithe*' ($Raon_{deimhnithe}$) don raon tiomána leictreach a cinneadh le linn dheimhniúchán na feithicle, de réir Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154.04.

2.48. Ciallaíonn '*raon tomhaiste*' ($Raon_{tomhaiste}$) an raon leictreach a chinntear ag an bpointe láithreach i saolré na feithicle leis an nós imeachta tástála a úsáidtear le haghaidh deimhniúcháin, de réir Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154.04.

2.49. Ciallaíonn '*staid an fhuinnimh dheimhnithe*' (SOCE) feidhmíocht tomhaiste UBE nó feidhmíocht UBE ar bord ag pointe sonrach le linn a shaolré, a shloinntear mar chéatadán d'fhuinneamh deimhnithe inúsáidte an cheallra.

2.50. Ciallaíonn '*staid an raoin dheimhnithe*' (SOCR) an raon leictreach tomhaiste nó an raon leictreach ar bord ag pointe sonrach le linn a shaolré, a shloinntear mar chéatadán den raon deimhnithe.

2.51. Ciallaíonn '*Íoscheanglas Feidhmíochta*' (MPR) an íosfheidhmíocht mharthanachta, i dtéarmaí staid an fhuinnimh dheimhnithe nó staid an raoin dheimhnithe ag pointe sonrach i saolré na feithicle, arb é atá inti comhlíontacht fhorálacha marthanachta an Rialacháin seo.

2.52. Ciallaíonn '*Ceanglas Feidhmíochta Dearbhaithe*' luach staid an fhuinnimh dheimhnithe nó staid an raoin dheimhnithe a dhearbhaíonn an monaróir atá níos mó ná luach an íoscheanglais feidhmíochta chomhfhreagraigh agus a thagann chun bheith ina íosfheidhmíocht mharthanachta ansin arb é atá ann comhlíontacht fhorálacha marthanachta an Rialacháin seo ag an monaróir.

2.53. Ciallaíonn '*monatóir staid an raoin dheimhnithe*' gaireas atá suiteáilte san fheithicil a choinníonn meastachán ar staid an raoin dheimhnithe ar bun trí bhíthin algartaim a oibrítear le sonraí a bhailítear ó chórais na feithicle.

2.54. Ciallaíonn '*monatóir staid an fhuinnimh dheimhnithe*' gaireas atá suiteáilte san fheithicil a choinníonn meastachán ar staid an fhuinnimh dheimhnithe ar bun trí bhíthin algartaim a oibrítear le sonraí a bhailítear ó chórais na feithicle.

2.55. Ciallaíonn '*staid an raoin dheimhnithe ar bord*' ($SOCR_{léite}$) meastachán ar staid an raoin dheimhnithe a tháirgeann monatóir staid an raoin dheimhnithe.

2.56. Ciallaíonn '*staid an fhuinnimh dheimhnithe ar bord*' ($SOCE_{léite}$) meastachán ar staid an fhuinnimh dheimhnithe a tháirgeann monatóir staid an fhuinnimh dheimhnithe.

2.57. Ciallaíonn '*staid an raoin dheimhnithe tomhaiste*' ($SOCR_{tomhaiste}$) staid an raoin dheimhnithe mar a chinntear tríd an raon tomhaiste a roinnt ar an raon deimhnithe, de réir mhír 3.1.2. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Rialachán seo.

2.58. Ciallaíonn '*staid an fhuinnimh dheimhnithe tomhaiste*' ($SOCE_{tomhaiste}$) staid an fhuinnimh dheimhnithe mar a chinntear tríd an bhfuinneamh ceallra inúsáidte tomhaiste a roinnt ar an bhfuinneamh ceallra inúsáidte deimhnithe.

2.59. Ciallaíonn '*V2X*' úsáid na gceallraí tarraingthe chun éileamh seachtrach ar chumhacht agus ar fhuinneamh a chumhdach, amhail V2G (ó Fheithicil go hEangach) le haghaidh cobhsú eangaí trí úsáid a bhaint as ceallraí tarraingthe, V2H (ó Fheithicil go Baile) chun ceallraí tarraingthe a úsáid mar stóráil chónaithe le haghaidh optamú áitiúil nó foinsí cumhachta éigeandála le linn cliseadh cumhachta, agus V2L (ó Fheithicil go hUalach, ní sholáthraítear ach ualaí nasctha) lena n-úsáid le linn cliseadh cumhachta agus/nó gníomhaíocht lasmuigh i ngnáthamanna.

2.60. Ciallaíonn '*fuinneamh díluchtaithe iomlán chun críoch neamhtharraingthe*' an méid iomlán fuinnimh in kWh a dhíluchtaítear ón gceallra chun críoch eile seachas tarraingt chun tacú leis an gcás úsáide ar leith a bhaineann le feithicil de Chatagóir N agus ní áirítear leis aerchóiriú/téamh don chábán ná úsáidí eile atá i gcatagóir M cheana féin.

2.61. Ciallaíonn '*SOCX*'s staid an fhuinnimh dheimhnithe nó staid an raoin dheimhnithe, de réir mar is infheidhme.

2.62. Ciallaíonn '*príomh-shaolré*' agus suas le 160 000 km nó 8 mbliana, pé ceann a tharlaíonn ar dtús

2.63. Ciallaíonn '*saolré bhreise*' an tréimhse tar éis na príomh-shaolré agus suas le 200 000 km nó 10 mbliana, pé ceann a tharlaíonn ar dtús.

2.64. Ciallaíonn '*monaróir ísealtáirgeachta*';

(a) monaróir a bhfuil a gcláruithe san Aontas Eorpach i ngach bliain féilire níos lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir M_1, nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir N_1, agus:

(i) monaróir nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é; nó

(ii) monaróir ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é atá freagrach as níos lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir M_1, nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir N_1 san iomlán, a chláraítear san Aontas Eorpach gach bliain féilire; nó

(iii) monaróir ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é ach a oibríonn a shaoráidí táirgeachta féin agus a ionad dearthóireachta féin;

(b) I gcás páirtithe conarthacha eile lasmuigh den Aontas Eorpach a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go sainmhínítear monaróir ísealtáirgeachta ina gcreat reachtach réigiúnach.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Déanfaidh monaróir na feithicle nó a n-ionadaí údaraithe an t-iarratas ar cheadú ar chineál feithicle maidir le ceanglais an Rialacháin seo a chur faoi bhráid an Údaráis Chineálcheadaithe.

3.1.1. Déanfar an t-iarratas dá dtagraítear i mír 3.1 a tharraingt suas i gcomhréir leis an samhail den doiciméad faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.1.2. Ina theannta sin, cuirfidh an monaróir an fhaisnéis seo a leanas isteach:

(a) An doiciméadacht ábhartha uile chun údar teicniúil a thabhairt le heaspa feistí cúblála agus straitéisí cúblála;

(b) Dearbhú maidir le comhlíonadh na gceanglas córas frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála (Iarscríbhinn 2, Foscríbhinn 2);

(c) Más infheidhme, dearbhú maidir le comhlíonadh cheanglais thástáil Chineál 3 ar astaíochtaí gáis ó chás an chromáin (Iarscríbhinn 2, Foscríbhinn 1);

(d) I gcás inarb iomchuí, cóipeanna de chineálcheaduithe eile in éineacht leis na sonraí ábhartha ionas gur féidir na ceaduithe a leathnú;

(e) Léiriú go gcomhlíontar Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe (más infheidhme), Leibhéal 1A, nó Leibhéal 2 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána (RDE) (más infheidhme), Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin, agus Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM) agus Pas Comhshaoil Feithicle (EVP).

3.2. Tugtar samhail den doiciméad faisnéise a bhaineann le hastaíochtaí sceite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.3. I gcás na dtástálacha a shonraítear i mír 5 den Rialachán seo, déanfar feithicil atá ionadaíoch ar an gcineál feithicle atá le ceadú a chur faoi bhráid na Seirbhíse Teicniúla atá freagrach as na tástálacha ceadaithe.

3.3.1. Déanfar an t-iarratas dá dtagraítear i mír 3.1 den Rialachán seo a tharraingt suas i gcomhréir leis an samhail den doiciméad faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.3.2. Chun críoch mhír 3.1.2.(a)., comhlíonfaidh an monaróir Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le tástálacha, modhanna agus nósanna imeachta chun easpa feistí cúblála agus straitéisí cúblála a shuí.

3.3.2.1. Áirítear leis na tástálacha, modhanna agus nósanna imeachta sin na róil agus na freagrachtaí a shanntar do mhonaróirí feithiclí, d'údaráis chineálcheadaithe, agus do ghníomhaithe eile lena n-áiritheofar nach mbeidh feistí cúblála ná straitéisí cúblála ann agus sonraítear iad in Iarscríbhinn 7.

3.3.3. Chun críocha mhír 3.1.2.(b) den Rialachán seo, is iad na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 na forálacha a bhaineann le frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil.

3.3.4. Forchoimeádta.

3.3.5. Leis an iarratas ar chineálcheadú feithiclí fleiscbhreosla, comhlíonfar na ceanglais bhreise a leagtar síos i mír 5.8 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

3.3.6. Athruithe ar dhéanamh córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil faoi leith a tharlaíonn i ndiaidh chineálcheadaithe, ní bheidh cineálcheadú neamhbhailí go huathoibríoch dá ndeasca ach amháin má athraítear a saintréithe bunaidh nó a bparaiméadair theicniúla i riocht agus go ndéantar difear d'fheidhmíocht an innill nó an chórais rialaithe truaillithe.

3.4. Déanfar feithiclí i gcatagóirí M_1 nó N_1 a cheadú le carachtair astaíochtaí mar a shonraítear i dTábla A3/1, Foscríbhinn 3, agus an fachtóir fóntais comhfhreagrach á chur san áireamh arna chinneadh i gcomhréir leis na luachanna a shonraítear i dTábla A8.App5/1 de phointe 5. d'Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

3.5. Ina theannta sin, soláthróidh an monaróir pacáiste maidir le trédhearcacht a thástáil don údarás cineálcheadaithe a dheonaigh an cineálcheadú astaíochtaí faoin Rialachán seo ('údarás cineálcheadaithe deonúcháin'), pacáiste ina mbeidh an fhaisnéis is gá chun tástáil a chumasú i gcomhréir le pointe 5.9 d'Iarscríbhinn 4.

4. Ceadú

4.1. An cineál feithicle a chuirtear isteach lena chineálcheadú i ndiaidh an leasaithe sin, má chomhlíonann sé ceanglais mhír 5 den Rialachán seo, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil feithicle sin.

4.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál dá gceadófar.

4.2.1. Ceithre roinn a bheidh san uimhir cineálcheadaithe. Deighlfear gach roinn leis an gcarachtar '*'.

Roinn 1: An cheannlitir 'E' agus, ina diaidh, sainuimhir an Pháirtí Chonarthaigh a dheonaigh an cineálcheadú ([2]).

Roinn 2: An uimhir 83 agus an litir 'R' ina diaidh, agus ina ndiaidh siúd na nithe seo a leanas i ndiaidh a chéile:

(a) Dhá dhigit (a bhfuil roinnt nialas chun tosaigh orthu mar is infheidhme) a léiríonn sraith leasuithe lena gcuimsítear forálacha teicniúla an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe arna chur i bhfeidhm maidir leis an gceadú (00 le haghaidh an Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe ina fhoirm bhunaidh);

([2]) Déantar sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a atáirgeadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, Iarscríbhinn 3 www.unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

(b) Slais agus dhá dhigit (a bhfuil roinnt nialas chun tosaigh orthu mar is infheidhme) a léiríonn uimhir an fhorlíonta ar an tsraith leasuithe arna cur i bhfeidhm maidir leis an gceadú (00 le haghaidh na sraithe leasuithe ina foirm bhunaidh);

(c) Slais (/) agus dhá charachtar lena léirítear an caighdeán astaíochta (e.g. FL) mar a shainmhínítear i dTábla A3/1, Iarscríbhinn 3.

Roinn 3: Uimhir sheicheamhach ceithre dhigit (a bhfuil roinnt nialas chun tosaigh uirthi mar is infheidhme). Is ag 0001 a thosóidh an seicheamh.

Roinn 4: Uimhir sheicheamhach dhá dhigit (a bhfuil roinnt nialas chun tosaigh uirthi más infheidhme) chun an leathnú a chur in iúl. Is ag 00 a thosóidh an seicheamh.

Beidh na digití uile ina n-uimhreacha Arabacha.

4.2.2. Sampla d'Uimhir Ceadaithe don Rialachán seo:

E11*83R09/01/FL*0123*01

An chéad leathnú ar an gCeadú uimhir 0123, arna eisiúint ag an Ríocht Aontaithe chuig Sraith Leasuithe 09, Forlíonadh 01, ar ceadú é de réir caighdeán astaíochta 'Euro 7A'.

4.2.3. Ní dhéanfaidh an páirtí conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile feithicle.

4.3. Déanfar fógra maidir le ceadú ar chineál feithicle nó maidir le leathnú nó diúltú an cheadaithe sin de bhun an Rialacháin seo a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.3.1. I gcás ina leasaítear an téacs atá ann faoi láthair, má leagtar síos teorainnluachanna nua, mar shampla, cuirfear na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú ar an eolas faoi cé na cineálacha feithicle a ceadaíodh cheana a chomhlíonann na forálacha nua.

4.4. Gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a cheadaítear faoin Rialachán seo, greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta di a bheidh le feiceáil go soiléir, a bheidh in áit a bhféadfar teacht air go héasca, áit a shonrófar ar an bhfoirm ceadaithe, agus is éard a bheidh ann:

4.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú.

4.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal ar a dtugtar tuairisc i mír 4.4.1., uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais, agus an uimhir cheadaithe.

4.4.3. Sa mharc ceadaithe beidh carachtar breise i ndiaidh na huimhreach cineálcheadaithe, arb é is cuspóir dó an caighdeán astaíochta ar deonaíodh an ceadú lena aghaidh a idirdhealú. Ba cheart an uimhir sin a roghnú de réir Thábla A3/1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.5. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh cineálcheadú faoin Rialachán seo, le cineál feithicle atá ceadaithe faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a leagtar síos i mír 4.4.1. a chur ann arís; i gcás den sórt sin, déanfar an Rialachán, na huimhreacha ceadaithe agus siombailí breise na Rialachán ar fad ó na Náisiúin Aontaithe faoinar deonaíodh ceadú sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo a chur i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a leagtar síos i mír 4.4.1. den Rialachán seo.

4.6. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta.

4.7. Cuirfear an marc ceadaithe ar phláta sonraí na feithicle nó gar dó.

4.7.1. In Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar samplaí de leagan amach an mhairc ceadaithe.

5. Sonraíochtaí agus tástálacha

5.1. Ginearálta

5.1.1. Léireoidh na monaróirí go bhfuil gach feithicil nua cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áirítear ar na hoibleagáidí sin na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonfar nósanna imeachta cineálcheadaithe chun comhréireacht táirgeachta; comhréireacht inseirbhíse; frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil; agus feistí cúblála agus straitéisí cúblála a fhíorú.

Ina theannta sin, ní mór na bearta teicniúla a dhéanann an monaróir a bheith de chineál lena n-áiritheofar go ndéanfar astaíochtaí sceithphíopa a theorannú go héifeachtach, de bhun an Rialacháin seo, ar feadh shaolré na bhfeithiclí faoi na coinníollacha tástála a shonraítear sa Rialachán seo, i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe. Le haghaidh an Rialacháin seo, is éard atá sa tsaolré an phríomh-shaolré a gcuirtear síneadh léi leis an tsaolré bhreise. Maidir le feithiclí le linn na saolré breise, úsáidfear iolraitheoir marthanachta 1,2 chun na teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha a choigeartú. Dá bhrí sin, seiceálfar bearta comhréireachta inseirbhíse go ceann tréimhse 10 bliana nó 200 000 km, cibé acu is túisce a shroichfear.

Seiceálfar comhréireacht inseirbhíse le haghaidh astú sceite go háirithe mar a thástáiltear de réir na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

5.1.2. Déanfaidh monaróirí feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil chun an Rialachán seo, Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe a chomhlíonadh.

5.1.3. Forchoimeádta

5.1.4. Forchoimeádta

5.1.5. Forchoimeádta

5.1.6. Forchoimeádta

5.1.7. Forchoimeádta

5.2. Tástálacha a chur i bhfeidhm

Léirítear i dTábla A na féidearthachtaí éagsúla maidir le cineálcheadú feithicle.

Tábla A - Ceanglais

Cur i bhfeidhm na gceanglas tástála le haghaidh cineálcheadaithe agus leathnuithe

<table>
<tr><td colspan="11">Cur i bhfeidhm na gceanglas tástála le haghaidh cineálcheadaithe agus leathnuithe</td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Catagóir feithicle</td><td colspan="9" rowspan="2">Feithiclí ag a bhfuil innill adhainte deimhní, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha</td><td colspan="2" rowspan="2">Feithiclí ag a bhfuil innill adhainte comhbhrú, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha</td><td rowspan="2">Feithiclí lánleictreacha</td></tr>
<tr></tr>
<tr><td></td><td colspan="4">Aonbhreosla</td><td colspan="4">Débhreosla (2)</td><td>Fleiscbhreosla</td><td colspan="2">Aonbhreosla</td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Breosla tagartha</td><td rowspan="2">Peitreal</td><td rowspan="2">Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL)</td><td rowspan="2">GN/Bithmheatán</td><td rowspan="2">Hidrigin (ICE)</td><td>Peitreal</td><td>Peitreal</td><td>Peitreal</td><td>Peitreal</td><td rowspan="2">Díosal</td><td rowspan="2">Peitreal</td><td rowspan="2">—</td></tr>
<tr><td>Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL)</td><td>GN/Bithmheatán</td><td>Hidrigin (ICE)</td><td>Eatánól (E85)</td></tr>
</table>

Cur i bhfeidhm na gceanglas tástála le haghaidh cineálcheadaithe agus leathnuithe											
Catagóir feithicle	Feithiclí ag a bhfuil innill adhainte deimhní, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha								Feithiclí ag a bhfuil innill adhainte comhbhrú, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha		Feithiclí lánleictreacha
	Aonbhreosla				Débhreosla ([2])			Fleiscbhreosla	Aonbhreosla		
Astaíochtaí ó chás an chromáin ([1]) (Tástáil Chineál 3)	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	—	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	—	—	—
Astaíochtaí teochta ísle (Tástáil Chineál 6)	Le cur i bhfeidhm	—	—	—	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (peitreal amháin)	Le cur i bhfeidhm (an dá bhreosla)	—	—	—
Comhréireacht inseirbhíse	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm (amhail ag an gcineálcheadú)	Le cur i bhfeidhm (amhail ag an gcineálcheadú)	Le cur i bhfeidhm (amhail ag an gcineálcheadú)	Le cur i bhfeidhm (amhail ag an gcineálcheadú)	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm	Le cur i bhfeidhm

([1]) Dearbhú an mhonaróra feithicle maidir le comhlíonadh tráth an chineálcheadaithe go bhfuil córas dúnta chás an chromáin nó ródú chuig an sceithphíopa suiteáilte. Féadfaidh an t-údarás ceadaithe a éileamh go ndéanfar tástáil.

([2]) I gcás ina bhfuil feithicil débhreosla comhcheangailte le feithicil ilbhreosla, tá feidhm ag an dá nós imeachta tástála.

5.3. Tuairisc ar thástálacha:

5.3.1. Forchoimeádta.

5.3.2. Forchoimeádta.

5.3.3. Tástáil Chineál 3 (Astaíochtaí ó chás an chromáin a fhíorú).

5.3.3.1. Mura n-éilíonn an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tástáil chun críche cineálcheadaithe, soláthróidh an monaróir, mar a shonraítear i mír 3.1.2.(c), dearbhú sínithe maidir le comhlíonadh cheanglais thástáil Chineál 3 ar astaíochtaí gáis ó chás an chromáin. Cuirtear an dearbhú sin maidir le comhlíonadh in ionad na gceanglas le haghaidh tástála i gcomhréir leis an Rialachán seo tráth an chineálcheadaithe.

Leagtar síos teimpléad le haghaidh dhearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh cheanglais thástáil Chineál 3 ar astaíochtaí gáis ó chás an chromáin i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 2.

Má éilíonn an t-údarás ceadaithe an tástáil sin, mar shampla ag Comhréireacht Táirgeachta (féach mír 8.), déanfar í ar gach feithicil dá dtagraítear i mír 1., seachas na feithiclí sin a bhfuil innill adhainte comhbhrú iontu.

5.3.3.1.1. Feithiclí ar féidir iad a bhreoslú le peitreal nó le GPL nó GN, is ar pheitreal amháin ba cheart iad a thástáil i dtástáil Chineál 3.

5.3.3.1.2. D'ainneoin cheanglas mhír 5.3.3.1.1., measfar feithiclí gáis aonbhreosla a bheith ina bhfeithiclí nach féidir leo imeacht ach ar bhreosla gásach le haghaidh tástáil Chineál 3.

5.3.3.2. Nuair a dhéantar tástáil air i gcomhréir le hIarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo, ní cheadófar astú gáis ó chás an chromáin isteach san atmaisféar le córas aerála chás an chromáin de chuid an innill.

5.3.4. Forchoimeádta.

5.3.5. Tástáil Chineál 6 (Meánastaíochtaí sceite aonocsaíde carbóin agus hidreacarbóin a fhíorú tar éis tosú fuar ag teocht chomhthimpeallach íseal).

5.3.5.1. Déanfar an tástáil sin ar gach feithicil dá dtagraítear i mír 1, seachas na feithiclí sin a bhfuil innill adhainte comhbhrú iontu.

5.3.5.1.1. Cuirtear an fheithicil ar raon rollach a bhfuil modh ionsamhlaithe táimhe feistithe air.

5.3.5.1.2. Is éard atá sa tástáil na ceithre thimthriall tiomána uirbí tosaigh i gCuid a hAon de thástáil Chineál I bunaithe NEDC. Tá tuairisc ar thástáil Chuid a hAon i mír 6.1.1. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán, agus léirítear í i bhFíor A4a/1 den iarscríbhinn chéanna. Déanfar an tástáil maidir le teocht chomhthimpeallach íseal ar feadh 780 soicind ar an iomlán gan bhriseadh agus cuirfear tús léi ar chasadh an innill.

5.3.5.1.3. Déanfar an tástáil maidir le teocht chomhthimpeallach íseal ag teocht tástála chomhthimpeallach 266 K (-7 °C). Sula ndéanfar an tástáil, déanfar cóiriú aonfhoirmeach ar na feithiclí chun a áirithiú go bhféadfar torthaí na tástála a bheith in-atáirgthe. Déanfar an cóiriú agus na nósanna imeachta tástála eile mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an Rialachán seo.

5.3.5.1.4. Le linn na tástála, déantar na gáis sceite a chaolú agus bailítear sampla comhréireach. Déantar gáis sceite na feithicle ar a ndearnadh tástáil a chaolú, a shampláil agus a anailísiú, agus an nós imeachta a thuairiscítear in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint, agus déantar toirt iomlán an sceite chaolaithe a thomhas. Déantar anailís ar na gáis sceite chaolaithe le haghaidh aonocsaíd charbóin agus iomlán na hidreacarbón.

5.3.5.2. Faoi réir an gceanglas i míreanna 5.3.5.2.2. agus 5.3.5.3., déanfar an tástáil faoi thrí. Beidh mais na n-astaíochtaí aonocsaíde carbóin agus hidreacarbóin a thiocfaidh as sin níos lú ná na teorainneacha a léirítear i dTábla 2.

Tábla 2

Teorainn astaíochta na n-astaíochtaí aonocsaíde carbóin agus na n-astaíochtaí sceite hidreacarbóin tar éis tástáil fuarthosaithe

Teocht tástála 266 K (–7 °C)			
Catagóir feithicle	Aicme	Mais aonocsaíde carbóin (CO) L_1 (g/km)	Mais hidreacarbón (HC) L_2 (g/km)
M	-	15	1,8
N_1	I	15	1,8
	II	24	2,7
	III	30	3,2
N_2	-	30	3,2

5.3.5.2.1. D'ainneoin cheanglais mhír 5.3.5.2., le haghaidh gach truailleáin, ní mór ar a laghad dhá cheann de na trí thoradh tástála a bheith faoi bhun na teorann. Is féidir le ceann amháin de na torthaí tástála an teorainn a shárú ach ní le níos mó ná 10 faoin gcéad. Ní mór meánluach uimhríochtúil na dtrí thoradh tástála le haghaidh truailleáin a bheith faoi bhun na teorann a leagtar síos. I gcás ina sáraítear na teorainneacha a leagtar síos le haghaidh níos mó ná truailleán amháin, tá sé neamhábhartha an dtarlaíonn sé sin sa tástáil chéanna nó i dtástálacha éagsúla.

5.3.5.2.2. Féadfar líon na dtástálacha a leagtar síos i mír 5.3.5.2. a laghdú i gcomhréir le míreanna 5.3.5.3.1. agus 5.3.5.3.2. arna iarraidh sin don mhonaróir, a mhéadú go 10 má tá meán uimhríochtúil na gcéad trí thoradh níos lú ná 110 faoin gcéad den teorainn. Sa chás sin, níl ann sa cheanglas tar éis na tástála ach go mbeidh meán uimhríochtúil na 10 dtortha uile níos lú ná an teorainnluach.

5.3.5.3. Féadfar líon na dtástálacha a leagtar síos i mír 5.3.5.2. a laghdú i gcomhréir le míreanna 5.3.5.3.1. agus 5.3.5.3.2.

5.3.5.3.1. Ní dhéanfar ach tástáil amháin más lú ná 0,70 L an toradh a fhaightear maidir le gach truailleán sa chéad tástáil nó más ionann é agus 0,70 L.

5.3.5.3.2. Mura gcomhlíontar ceanglas mhír 5.3.5.3.1., ní dhéanfar ach dhá thástáil más lú ná 0,85 L an toradh maidir le gach truailleán sa chéad tástáil nó más ionann nó más ionann é agus 0,85 L agus más lú ná 1,70 L suim an chéad dhá thoradh nó más ionann í agus 1,70 L agus más lú ná L toradh an dara tástáil ná nó más ionann é agus L.

($V_1 \leq 0{,}85$ L agus $V_1 + V_2 \leq 1{,}70$ L agus $V_2 \leq$ L).

6. Forchoimeádta

7. Cineálcheaduithe a leathnú

7.1. Forchoimeádta.

7.2. Leathnuithe maidir leis an tástáil teochta ísle (tástáil Chineál 6).

7.2.1. Feithiclí ag a bhfuil maiseanna tagartha éagsúla.

7.2.1.1. Ní dhéanfar an cineálcheadú a leathnú ach amháin chun cumhdach a dhéanamh ar fheithiclí ag a bhfuil mais tagartha lena n-éilítear an chéad dá tháimhe choibhéiseacha eile is airde nó aon táimhe choibhéiseach is ísle a úsáid.

7.2.1.2. I gcás feithiclí Chatagóir N, ní dhéanfar an cineálcheadú a leathnú ach amháin chun cumhdach a dhéanamh ar fheithiclí ag a bhfuil mais tagartha níos ísle, i gcás ina bhfuil astaíochtaí na feithicle a ceadaíodh cheana laistigh de na teorainneacha a leagtar síos don fheithicil a bhfuil leathnú an chineálcheadaithe á iarraidh ina leith.

7.2.2. Feithiclí ag a bhfuil cóimheasa tras-seolta foriomlána éagsúla

7.2.2.1. Ní dhéanfar an cineálcheadú a leathnú chun feithiclí ag a bhfuil cóimheasa tras-seolta éagsúla a chumhdach ach amháin faoi choinníollacha áirithe.

7.2.2.2. Chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir an cineálcheadú a shíniú, maidir le gach ceann de na cóimheasa tras-seolta a úsáidtear sa tástáil Chineál 6, deimhneofar an sciar,

$$(E) = |(V_2 - V_1)|/V_1$$

i gcás, ag luas innill 1 000 min^{-1}, inarb é V_1 luas na feithicle ar tugadh cineálcheadú di agus inarb é V_2 luas an chineáil feithicle a bhfuil síneadh an chineálcheadaithe á iarraidh ina leith.

7.2.2.3. I gcás gach cóimheasa tras-seolta, más amhlaidh atá $E \leq 8$ faoin gcéad, deonófar an leathnú gan tástáil Chineál 6 a athdhéanamh.

7.2.2.4. I gcás cóimheas tras-seolta amháin ar a laghad, más amhlaidh atá E > 8 faoin gcéad, agus i gcás gach cóimheas giair, más amhlaidh E ≤ 13 faoin gcéad, déanfar tástáil Chineál 6 arís. Féadfar na tástálacha a dhéanamh i saotharlann arna roghnú ag an monaróir faoi réir ceadú ón tSeirbhís Theicniúil. Seolfar an tuarascáil ar na tástálacha chuig an tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha cineálcheadaithe.

7.2.3. Feithiclí ag a bhfuil maiseanna tagartha agus cóimheasa tras-seolta éagsúla

Déanfar an cineálcheadú a leathnú chun feithiclí ag a bhfuil maiseanna tagartha agus cóimheasa tras-seolta éagsúla a chumhdach, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 7.2.1 agus 7.2.2.

8. Comhréireacht táirgeachta

8.1. A mhéid a bhaineann le comhpháirteanna a dhéanann difear d'astú truailleán ón inneall agus astaíochtaí ó chás an chromáin, beidh gach feithicil ar a bhfuil marc ceadaithe mar a leagtar síos faoin Rialachán seo i gcomhréir leis an gcineál feithicle atá ceadaithe. Beidh na nósanna imeachta um chomhréireacht táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach i gComhaontú 1958, Sceideal 1 (E/ECE/TRANS/505/Rev.3), agus leis na ceanglais seo a leanas:

8.1.1. I gcás inarb infheidhme, déanfar tástáil Chineál 3, mar a thuairiscítear i dTábla A den Rialachán seo. Leagtar amach i mír 8.2 na nósanna imeachta sonracha maidir le comhréireacht táirgeachta.

8.1.2. Tá monaróirí ísealtáirgeachta díolmhaithe ó cheanglais maidir le comhréireacht táirgeachta.

8.2. Comhréireacht na feithicle le haghaidh thástáil Chineál 3 a sheiceáil.

8.2.1. Má tá fíorú na tástála Chineál 3 le déanamh, déanfar é i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

8.2.1.1. I gcás ina gcinneann an t-údarás chineálcheadaithe go bhfuil cáilíocht na táirgeachta míshásúil, tógfar feithicil ón aicme go randamach agus cuirfear í faoi réir na dtástálacha dá dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 6.

8.2.1.2. Measfar an táirgeacht a bheith comhlíontach i gcás ina sásaíonn an fheithicil sin ceanglais na dtástálacha a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn 6.

8.2.1.3. Mura gcomhlíonann an fheithicil a thástáiltear ceanglais mhír 8.2.1.1., roghnófar sampla randamach breise de cheithre fheithicil ón aicme chéanna agus cuirfear iad faoi réir na dtástálacha ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 6. Féadfar na tástálacha a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil 15 000 km de mhíleáiste ar a mhéad acu gan aon mhodhnú.

8.2.1.4. Measfar an táirgeacht a bheith comhlíontach i gcás ina sásaíonn trí fheithicil ar a laghad ceanglais na dtástálacha ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 6.

9. Comhréireacht inseirbhíse

9.1. Déanfar bearta chun comhréireacht inseirbhíse feithiclí a chineálcheadaítear faoin Rialachán seo a áirithiú i gcomhréir le hIarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí sceithphíopa agus astaíochtaí galaitheacha, Iarscríbhinn 5 maidir le marthanacht ceallraí, Iarscríbhinn 11 maidir le raon leictreach feithiclí lánleictreacha ag teochtaí ísle, Iarscríbhinn 12 maidir le hastaíochtaí coscáin agus Iarscríbhinn 13 maidir le córais faireacháin ar bord.

9.2. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaitheacha

9.2.1. Fíorófar leis na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse go bhfuil astaíochtaí sceite seachas CO_2 agus astaíochtaí atá galaithe go roghnach teoranta go héifeachtach le linn príomh-shaolré agus saolré bhreise feithiclí.

9.2.2. Déanfar comhréireacht inseirbhíse a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4, idir ag 15 000 km nó 6 mhí cibé acu is déanaí agus ag 200 000 km nó 10 bliana cibé acu is túisce a tharlóidh. Déanfar comhréireacht inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí galaitheacha a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4, idir ag 30 000 km nó 12 mhí cibé acu is déanaí agus ag 200 000 km nó 10 bliana cibé acu is túisce a tharlóidh.

Tá na ceanglais maidir le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse infheidhme go dtí 10 mbliana tar éis na feithiclí deireanacha den aicme comhréireachta inseirbhíse sin a chlárú atá faoi réir tástála de réir mhír 9.2.3., mar a shainmhínítear i mír 3 d'Iarscríbhinn 4.

9.2.3. Ní bheidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse éigeantach más lú ná 5 000 feithicil sa bhliain féilire roimhe sin raibh méid táirgeachta bliantúil d'aicme comhréireachta inseirbhíse a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol sna Páirtithe Conarthacha a chuireann an rialachán seo i bhfeidhm. I gcás an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm aige sin maidir leis an Aontas ina iomláine. I gcás aicmí comhréireachta inseirbhíse mar sin, cuirfidh an monaróir tuarascáil ar fáil don údarás cineálcheadaithe maidir le haon bharánta a bhaineann le hastaíochtaí agus maidir le haon deisiú ábhartha mar a leagtar amach i mír 4 d'Iarscríbhinn 4. Féadfar na haicmí comhréireachta inseirbhíse sin a roghnú fós lena dtástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn 4.

9.2.4. Ní bheidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse sainordaitheach i gcás cineálcheaduithe a dheonaítear d'fheithiclí a tháirgeann monaróirí ísealtáirgeachta.

9.2.5. Déanfaidh an monaróir agus an t-údarás a dheonaíonn an cineálcheadú seiceálacha comhréireachta inseirbhíse i gcomhréir le hIarscríbhinn 4. Féadfaidh údaráis chineálcheadaithe eile, seirbhísí teicniúla eile agus gníomhaithe eile codanna de na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn 4.

9.2.6. Tar éis measúnú comhlíontachta i gcomhréir le mír 6 d'Iarscríbhinn 4, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an cinneadh i dtaobh ar theip ar aicme forálacha na comhréireachta inseirbhíse a chomhlíonadh agus ceadóidh sé an plean beart feabhais arna chur i láthair ag an monaróir i gcomhréir le mír 7 d'Iarscríbhinn 4.

9.2.7. Má chinneann údarás cineálcheadaithe deonúcháin, seirbhís theicniúil nó gníomhaithe eile go dteipeann ar aicme sa tseiceáil comhréireachta inseirbhíse, tabharfaidh sé fógra don údarás cineálcheadaithe deonúcháin gan mhoill.

Tar éis an fógra sin a fháil, cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an monaróir ar an eolas go dteipeann ar aicme comhréireachta inseirbhíse sna seiceálacha comhréireachta inseirbhíse. Leanfaidh an monaróir agus an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 6. agus 7. d'Iarscríbhinn 4 agus bunóidh an monaróir plean beart feabhais agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin é.

9.2.8. Áiritheoidh an monaróir, le linn saolré feithicle a bhfuil cineálcheadú aici i gcomhréir le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, nach sáraíonn torthaí astaithe a hastaíochtaí fíorthiomána críochnaitheacha, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána agus arna n-astú le linn aon tástáil maidir le hastaíochtaí fíorthiomána a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán sin, na teorainneacha astaíochta a bhaineann le NOx agus PN, agus an t-iolraitheoir marthanachta, mar a shainmhínítear i mír 5.1.1 , i gcás inarb infheidhme.

9.3. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar mharthanacht ceallraí infheithicle i gcás OVC-HEVanna agus PEVanna

9.3.1. Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 5.

9.4. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar raon leictreach feithiclí lánleictreacha ag teochtaí ísle

9.4.1. Déanfar an chomhréireacht inseirbhíse le haghaidh cóimheas raoin leictrigh feithiclí lánleictreacha ag teochtaí ísle a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 11, agus fad iomlán (suim an fhaid a tiomáineadh mar a thuairiscítear leis an odaiméadar agus an fhaid fhíorúil (más infheidhme)) idir 3 000 km agus suas le 40 000 km nó aois feithicle suas le 2 bhliain, ag comhaireamh ó dháta monaraithe na feithicle, cibé acu is túisce.

9.5. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí coscáin

9.5.1. Déanfar comhréireacht inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí coscáin a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 12.

9.6. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord

Tá monaróirí ísealtáirgeachta díolmhaithe ó na ceanglais sin

9.6.1. Déanfar comhréireacht inseirbhíse le haghaidh OBM a sheiceáil ar fheithiclí a dhéantar a chothabháil agus a úsáid i gceart, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 13, idir ag 30 000 km nó 12 mhí cibé acu is déanaí agus ag 200 000 km nó 10 bliana cibé acu is túisce a tharlóidh.

10. Pionóis mar gheall ar neamh-chomhréireacht táirgeachta

10.1. An ceadú a dheonaítear i leith cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 8.1 nó má theipeann ar an bhfeithicil nó na feithiclí sna tástálacha a leagtar síos i mír 8.1.1.

10.2. Páirtí Conarthach a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. Scor cinntitheach den táirgeadh

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de bheith ag monarú cineál feithicle a ceadaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás cineálcheadaithe a dheonaigh an ceadú. Tar éis don údarás an fógra ábhartha a fháil, cuirfidh sé na Páirtithe Conarthacha eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ar an eolas faoi sin trí bhíthin cóipeanna den fhoirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha speisialta

12.1. Forálacha ginearálta

12.1.1. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 09 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheadú a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 09.

12.2. Cineálcheaduithe

12.2.1. Ón 29 Samhain 2026 ar aghaidh, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceadú ar chineálacha nua feithiclí ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais uile seo a leanas:

(a) Na ceanglais le haghaidh feithiclí arna gceadú faoi charachtar FL nó FE mar a shainmhínítear i dTábla A3/1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, arna leasú le sraith leasuithe 09;

(b) Ceanglais Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglais shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe;

(c) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe;

(d) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 01 ar cheanglais Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána;

(e) Ceanglais Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM.

(f) Ceanglais Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin.

12.2.2. Ó dháta theacht i bhfeidhm oifigiúil shraith leasuithe 09, ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu glacadh le cineálcheadú nár deonaíodh i gcomhréir le sraith leasuithe 09 ar an Rialachán seo.

12.2.3. Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceadú ar chineálacha nua feithiclí ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

(a) Na ceanglais le haghaidh feithiclí arna gceadú faoi charachtar GL mar a shainmhínítear i dTábla A3/1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, arna leasú le sraith leasuithe 09;

(b) Ceanglais Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglais shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe;

(c) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe;

(d) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 01 ar cheanglais Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána;

(e) Ceanglais Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM;

(f) Ceanglais shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin, tar éis theacht i bhfeidhm na sraithe sin.

12.2.4. Ón 1 Eanáir 2030, ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm glacadh le cineálcheaduithe le haghaidh feithiclí nach gcomhlíonann forálacha mhír 12.2.3. agus ceanglais mhír 3 d'Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

12.2.5. Go dtí an 30 Meitheamh 2030, i gcás feithiclí de chatagóir M1 nó N1 a tháirgeann monaróirí ísealtáirgeachta, ní dhiúltóidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm glacadh le cineálcheadú feithicle a ceadaíodh de réir na sraithe leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.2.6. Ón 1 Iúil 2030 ar aghaidh, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceadú ar chineálacha nua feithiclí ó mhonaróirí ísealtáirgeachta ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

(a) Na ceanglais le haghaidh feithiclí arna gceadú faoi charachtar GS nó GT mar a shainmhínítear i dTábla A3/1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, arna leasú le sraith leasuithe 09. Meastar gur leordhóthanach dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh a eisiúint chun tástálacha chineál 3 agus chineál 6 a chumhdach;

(b) Ceanglais Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhír 6, agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglais shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhír 11. Meastar gur leordhóthanach dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh a eisiúint chun na tástálacha uaschumhachta/casmhóiminte uasta (córais) a chumhdach;

(c) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhíreanna 5.11 agus 8. Meastar gur leordhóthanach dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh a eisiúint chun tástálacha Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a chumhdach;

(d) Ceanglais Leibhéal 1A nó Leibhéal 2 de shraith leasuithe 01 ar cheanglais Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána, cé is moite de mhír 12. Meastar gur leordhóthanach dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh a eisiúint chun na tástálacha astaíochtaí fíorthiomána a chumhdach;

(e) Na ceanglais i míreanna 7.9 agus 7.10 de Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM;

(f) Ceanglais Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin, cé is moite de mhír 10.

12.2.7. Ón 1 Iúil 2030, ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm glacadh le cineálcheadú le haghaidh feithiclí ó mhonaróir ísealtáirgeachta nár deonaíodh i gcomhréir le sraith leasuithe 09 ar an Rialachán seo.

12.3. Forálacha maidir le feithiclí sainchuspóireacha

12.3.1. Forálacha maidir le feithiclí armúrtha

Féadfaidh an t-údarás freagrach cineálcheaduithe a dheonú, lena n-áirítear díolúine nó díolúintí ó cheanglais an Rialacháin seo, d'fheithiclí armúrtha i gcomhréir le mír 2.5.2. den Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), má léiríonn an monaróir nach bhféadfaidh an fheithicil na ceanglais a chomhlíonadh mar gheall ar an sainchuspóir atá léi.

Tá tuairisc le tabhairt ar an gcineál feithicle sainchuspóirí agus ar na díolúintí a dheonaítear i bpointe 1.0 de roinn I den deimhniú ar chineálcheadú i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais maidir le comhréireacht inseirbhíse i gcomhréir le mír 9. den Rialachán seo maidir le feithiclí armúrtha.

12.3.2. Forálacha maidir le heileatraim

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais maidir le comhréireacht inseirbhíse i gcomhréir le mír 9. den Rialachán seo i gcás eileatraim i gcomhréir le mír 2.5.4. den Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3).

13. Ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Na páirtithe conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, mar aon le hainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó leathnú, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, arna n-eisiúint i dtír eile ([3]).

([3]) Déanfar an teagmháil sin tríd an bhfeidhmchlár '343' atá le fáil ag: https://apps.unece.org/WP29_application.

IARSCRÍBHINN 1

Saintréithe innill agus feithicle agus faisnéis a bhaineann le tástálacha a dhéanamh

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis seo a leanas, nuair is infheidhme í, agus áireofar liosta ábhair inti.

Má tá líníochtaí ann, beidh siad ar scála iomchuí agus léireofar mionsonraí leordhóthanacha iontu; cuirfear i láthair i bhformáid A4 iad nó fillfear iad chun go mbeidh siad san fhormáid sin. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

Má tá rialtáin leictreonacha ag na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla faoi leith, soláthrófar faisnéis maidir lena bhfeidhmíocht.

Tabhair faoi deara: tá uimhriú na míreanna san iarscríbhinn seo neamhsheicheamhach d'aon ghnó in áiteanna.

0. Ginearálta

0.1. Déanamh (ainm an ghnóthais): .....

0.2. Cineál: .....

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála, má tá siad ar fáil: .....

0.2.3.1. Aicme idirshuímh (de réir Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe): .....

0.2.3.3. Sainaitheantóir aicme PEMS (de réir Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána (más infheidhme) .....

0.2.3.4. Aicme ualaigh friotaíochta bóthair .....

0.3. Modh sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil: ([1]) .....

0.3.1. Suíomh na marcála sin: .....

0.4. Catagóir na feithicle: ([2]) .....

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra: .....

0.8. Ainm/ainmneacha agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála: .....

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí údaraithe an mhonaróra .....san áit arb iomchuí:

.....

([1]) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil faoi leith arna gcumhdach ag an doiciméad faisnéise seo i modh sainaitheantais an chineáil, déanfar na carachtair sin a léiriú sa doiciméadacht leis an tsiombail '?'(e.g. ABC??123??).

([2]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.3, mír 2. - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions

2. Maiseanna agus toisí ([3]) (in kg agus mm) (déan tagairt do líníocht más iomchuí) .....

2.6. Mais na feithicle le cabhalra agus, i gcás feithicil tarraingthe de chatagóir seachas M_1, ag a bhfuil gaireas cúplála, má tá sé feistithe ag an monaróir, in ord reatha, nó mais an fhionnaidh nó an fhionnaidh leis an gcabán, gan cabhalra agus/nó gaireas cúplála mura bhfuil an cabhalra agus/nó an gaireas cúplála feistithe ag an monaróir (lena n-áirítear leachtanna, uirlisí, roth spártha, má tá sé feistithe, agus tiománaí agus, i gcás busanna agus cóistí, comhalta foirne má tá suíochán foirne san fheithicil) ([4]) (uasmhéid agus íosmhéid do gach gné athraitheach): .....

2.8. An uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil mar a shonraíonn an monaróir: ([5]), ([6])

3. Tuairisc ar thiontairí fuinnimh agus ar ghléasra cumhachta. ([7]) (I gcás feithicil a fhéadann feidhmiú ar pheitreal nó ar dhíosal etc, nó in éineacht le breosla eile freisin, luafar na hítimí arís. ([8])) .....

3.1. Monaróir an Innill: .....

3.1.1. Cód innill an mhonaróra (mar atá marcáilte ar an inneall, nó modh eile sainaitheantais): .....

3.2. Inneall dócháin inmheánaigh: .....

3.2.1. Faisnéis shonrach faoin inneall: .....

3.2.1.1. Prionsabal oibre: adhaint dheimhneach/adhaint chomhbhrú, timthriall ceithre bhuille/dhá bhuille/rothlach ([9])

3.2.1.3. Toilleadh innill ([10]): .....cm^3

3.2.1.6. Gnáthluas réchasta an innill ([11]): .....

3.2.1.6.1. Ardluas réchasta innill: ([11]) .....

3.2.1.7. Cion aonocsaíde carbóin de réir na toirte i ngás sceite agus an mhonaróra, innill adhainte deimhní amháin) ([11]).....faoin gcéad

3.2.13. Suíomh shiombail na comhéifeachta ionsúcháin (innill adhainte comhbhrú amháin): .....

3.2.15. Córas breoslaithe GPL: is ea/ní hea .....

3.2.16. Córas breoslaithe GN: tá/níl ([9])

([3]) I gcás ina bhfuil gnáthchábán i leagan amháin agus cábán codlata i leagan eile, ní mór an dá shraith maiseanna agus toisí a dhearbhú.
([4]) Déantar mais an tiománaí agus, más infheidhme, mais an chomhalta foirne a mheasúnú ar 75 kg (foroinnte i mais an úsáideora 68 kg agus mais bhagáiste 7 kg de réir Chaighdeán ISO 2416-1992), líontar an t-umar breosla go 90 faoin gcéad agus líontar na córais eile ina bhfuil leacht (seachas na córais le haghaidh uisce úsáidte) go 100 faoin gcéad den toilleadh arna shonrú ag an monaróir.
([5]) I gcás leantóirí nó leathleantóirí, agus i gcás feithiclí arna gceangal le leantóir nó leathleantóir a chuireann mórualach ceartingearach i bhfeidhm ar an ngaireas cúplála nó ar an gcúigiú roth, déantar an ualach sin, agus é roinnte ar an luasghéarú caighdeánach de bharr domhantarraingthe, a áireamh san uasmhais atá incheadaithe go teicniúil.
([6]) Comhlánaigh anseo na huasluachanna agus na híosluachanna le haghaidh gach leagain mhalartaigh.
([7]) I gcás innill agus córais neamhghnácha, soláthróidh an monaróir sonraí atá coibhéiseach leis na sonraí dá dtagraítear anseo.
([8]) Measfar feithiclí aonbhreosla gáis a bheith ina bhfeithiclí nach féidir leo feidhmiú ach ar bhreosla gásach le haghaidh na tástála.
([9]) Scrios amach an méid nach mbaineann le hábhar.
([10]) Ríomhfar an luach sin (π = 3,1416) agus slánófar é don cm^3 is gaire.
([11]) Sonraigh an lamháltas.

3.2.18. Córas breoslaithe hidrigine: tá/níl ([9])

3.4. Teaglamaí inneall nó mótar

3.4.1. Feithicil Leictreach Hibrideach: tá/níl ([9])

3.4.2. Catagóir feithicle Leictrí Hibridí Luchtú Seachtrach/Gan Luchtú Seachtrach ([9])

3.4.3. Lasc móid oibriúcháin: tá sí ann/níl sí ann ([9])

3.4.3.1. Móid inroghnaithe .....

3.4.3.1.1. Mód lánleictreach: tá/níl ([9])

3.4.3.1.2. Mód lánídithe breosla: tá/níl ([9])

3.4.3.1.3. Móid hibrideacha: tá/níl[1] (má tá, tabhair tuairisc ghairid)

3.4.5. Meaisíní leictreacha (tabhair tuairisc ar leithligh ar gach cineál meaisín leictrigh)

3.4.5.1. Déanamh: .....

3.4.5.2. Cineál: .....

3.4.5.3. Príomhúsáid: mótar tarraingthe/gineadóir

4. Tras-seoladh ([12])

4.5. Giarbhosca: .....

4.5.1. Cineál (lámhoibrithe/uathoibríoch/tras-seoladh athraitheach leanúnach)[9] .....

4.6. Cóimheasa giaranna .....

Innéacs	Cóimheasa inmheánacha an ghiarbhosca (na cóimheasa maidir le himrothluithe an tseafta aschuir idir an t-inneall agus an giarbhosca)	Cóimheas tras-seolta deiridh (an cóimheas maidir le himrothluithe idir seafta aschuir an ghiarbhosca agus an roth tiomána)	Iomlán na gcóimheas giaranna
Uasmhéid le haghaidh Tras-seoladh Athraitheach Leanúnach			
1			
2			
3			
4, 5, eile			
Íosmhéid le haghaidh CVT			
Cúlú			

([12]) Soláthrófar na mionsonraí sonraithe maidir le haon leagan malartach atá beartaithe.

6. Crochadh .....

6.6. Boinn agus rothaí .....

6.6.1. Teaglaim/Teaglamaí bonn/rothaí

(a) .....

Le haghaidh gach rogha boinn, léirigh an méid ainmnithe, innéacs toillte ualaigh, siombail na catagóire luais;

(b) .....

Maidir le boinn de chatagóir Z atá beartaithe lena bhfeistiú ar fheithiclí ag a bhfuil uasluas is mó ná 300 km/h, soláthrófar faisnéis choibhéiseach; maidir le rothaí, léirigh méid/méideanna an imill agus seach-chur/seach-chuir.

6.6.1.1. Acastóirí

6.6.1.1.1. Acastóir 1: .....

6.6.1.1.2. Acastóir 2: .....

6.6.1.1.3. Acastóir 3: .....

6.6.1.1.4. Acastóir 4: .....etc.

6.6.2. Uasteorainn agus íosteorainn gathanna rollacháin/imlínte rollta: ([13])

6.6.2.1. Acastóirí

6.6.2.1.1. Acastóir 1: .....

6.6.2.1.2. Acastóir 2: .....

6.6.2.1.3. Acastóir 3: .....

6.6.2.1.4. Acastóir 4: .....etc.

6.6.3. Brú na mbonn atá molta ag an monaróir: .....kPa

([13]) Sonraigh ceann amháin nó ceann eile.

Iarscríbhinn 1 – Foscríbhinn 1

Tuarascáil tástála

Tuarascálacha Tástála

Is éard is tuarascáil tástála ann an tuarascáil arna heisiúint ag an tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh i gcomhréir leis an rialachán seo.

Is í an fhaisnéis seo a leanas, más infheidhme, na sonraí íosta is gá

Uimhir na tuarascála

IARRATASÓIR			
Monaróir			
ÁBHAR	…		
Oibiacht a ndearnadh tástáil uirthi			
	Déanamh	:	
	Cineál	:	
CONCLÚID	An oibiacht a ndearnadh tástáil uirthi, comhlíonann sí na ceanglais a luaitear san ábhar.		

ÁIT,	LL/MM/BBBB

Nótaí ginearálta:

Má tá roinnt mhaith roghanna (tagairtí), ba cheart tuairisc a thabhairt sa tuarascáil tástála ar an gceann a ndearnadh tástáil uirthi

Mura bhfuil, féadfaidh gur leor tagairt amháin a dhéanamh don doiciméad faisnéise ag tús na tuarascála tástála.

Bíonn saoirse ag gach Seirbhís Theicniúil roinnt faisnéis bhreise a chur san áireamh.

Áirítear carachtair sna codanna den tuarascáil tástála a bhaineann le cineálacha sonracha feithicle, mar a leanas:

‘(a)’ Baineann go sonrach le feithiclí a bhfuil inneall adhainte deimhní acu

‘(b) Baineann go sonrach le feithiclí a bhfuil inneall adhainte comhbhrú acu

1. Tuairisc ar an bhfeithicil arna tástáil/ar na feithiclí arna dtástáil

1.1. Ginearálta

Uimhreacha feithicle	:	Uimhir fréamhshamhlach agus VIN
Catagóir	:	
Rothaí tiomána	:	

1.1.1. Ailtireacht Gléasra Cumhachta

Ailtireacht gléasra cumhachta	:	feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, hibrid

1.1.2. Inneall dócháin inmheánaigh

I gcás níos mó ná inneall dócháin inmheánaigh amháin, déan an pointe a athrá

Déanamh	:					
Cineál	:					
Prionsabal oibre	:	dhá bhuille/ceithre bhuille				
Líon agus socrú na sorcóirí	:					
Toilleadh an innill (cm^3)	:					
Luas réchasta innill (min^{-1})	:		+ -			
Luas réchasta innill ard (min^{-1}) (a)	:		+ -			
Cumhacht rátaithe innill	:		kW	ag		rpm
Glan-chasmhóimint uasta	:		Nm	ag		rpm
Spréachphlocóid (más infheidhme)	:	déanamh agus cineál				
Corna adhainte (más infheidhme)	:	déanamh agus cineál				
Bealadh innill	:	déanamh agus cineál				
Córas fuaraithe	:	Cineál: aer/uisce/ola				

1.1.3. Breosla tástála

I gcás níos mó ná breosla tástála amháin, déan an pointe a athrá

Déanamh	:	
Cineál	:	Peitreal - Díosal – GPL – GN - …
Dlús ag 15 °C	:	
Cion sulfair	:	Le haghaidh Díosail agus Peitril amháin
Baiscuimhir	:	

1.1.4. Córas fotha breosla (más infheidhme)

I gcás níos mó ná córas fothaithe breosla amháin, déan an pointe a athrá

Instealladh díreach	:	is ea/ní hea nó tuairisc
Cineál breosla na feithicle	:	Aonbhreosla / débhreosla / ilbhreosla
Aonad rialaithe		
Tagairt pháirte	:	mar an gcéanna leis an doiciméad faisnéise
Bogearraí tástáilte	:	léite trí uirlis scanta, mar shampla
Sreabhmhéadar aeir	:	
Cabhail scóige	:	
Braiteoir brú	:	
Caidéal insteallta	:	
Insteallaire (nó insteallairí)	:	

1.1.5. Córas iontógála (más infheidhme)

I gcás níos mó ná córas iontógála amháin, déan an pointe a athrá

Luchtaire brú	:	Tá/níl déanamh & cineál (1)
Idirfhuaraitheoir	:	is ea/ní hea cineál (aer/aer – aer/uisce) (1)
Scagaire aeir (eilimint) (1)	:	déanamh & cineál
Ciúnadóir iontógála (1)	:	déanamh & cineál

1.1.6. Córas sceite agus córas frithghalaitheach (más infheidhme)

I gcás níos mó ná ceann amháin, déan an pointe a athrá

An chéad tiontaire catalaíoch	:	déanamh & tagairt (1) prionsabal: trí threo / ocsaídiúcháin / asúiteoir NO_x / córas stórála NO_x / Dí-ocsaídiú Roghnaitheach Catalaíoch…
An dara tiontaire catalaíoch	:	déanamh & tagairt (1) prionsabal: trí threo / ocsaídiúcháin / asúiteoir NO_x / córas stórála Nox_x / Dí-ocsaídiú Roghnaitheach Catalaíoch…
Scagaire cáithníní	:	is ann dó/ní ann dó/ní bhaineann le hábhar catalaithe: tá/níl déanamh & tagairt (1)
Tagairt agus suíomh an bhraiteora ocsaigine agus/nó lambda	:	roimh an gcatalaíoch / tar éis an chatalaígh
Instealladh aeir	:	is ann dó/ní ann dó/ní bhaineann le hábhar
Instealladh uisce	:	is ann dó/ní ann dó/ní bhaineann le hábhar
Athshruthú an gháis sceite	:	is ann dó/ní ann dó/ní bhaineann le hábhar fuaraithe/neamhfhuaraithe HP/LP
Tagairt agus suíomh an bhraiteora/na mbraiteoirí NO_x	:	Roimh/tar éis
Tuairisc ghinearálta (1)	:	

1.1.8. Tras-seoladh (más infheidhme)

I gcás níos mó ná Tras-seoladh amháin, déan an pointe a athrá

Giarbhosca	:	láimhe / uathoibríoch / athraitheacht leanúnach
Aonad rialaithe	:	
Bealadh giarbhosca	:	déanamh agus cineál
Boinn		
Déanamh	:	
Cineál	:	
Toisí tosaigh/cúil	:	

Cuar-imlíne dhinimiciúil (m)	:	
Brú na mbonn (kPa)	:	

* le haghaidh feithicil leictreach hibrideach ag a bhfuil luchtú seachtrach, sonraigh le haghaidh dálaí oibríochta cothaithe luchtaithe agus ídithe luchtaithe.

Cóimheasa tras-seolta (R.T.), cóimheasa príomhúla (R.P.) agus (luas feithicle (km/h)) / (luas innill (1000 (min-1)) (V1000) le haghaidh gach ceann de na cóimheasa giarbhosca (R.B.).

R.B.	R.P.	R.T.	V_{1000}
1ú	1/1		
2ú	1/1		
3ú	1/1		
4ú	1/1		
5ú	1/1		
…			

1.1.9. Meaisín leictreach (más infheidhme)

I gcás níos mó ná Meaisín Leictreach amháin, déan an pointe a athrá

Déanamh	:	
Cineál	:	
Buaic Chumhachta (kW)	:	

1.1.10. Tarraingt Córais Stórála Fuinnimh Leictrigh In athluchtaithe (REESS) (más infheidhme)

I gcás níos mó ná REESS tarraingthe amháin, déan an pointe a athrá

Déanamh	:	
Cineál	:	
Toilleadh (Ah)	:	
Voltas Ainmniúil (V)	:	

1.1.12. Leictreonaic chumhachta (más infheidhme)

Is féidir níos mó ná PE amháin a bheith i gceist (tiontaire tiomána, córas nó luchtaire ísealvoltais)

Déanamh	:	
Cineál	:	
Cumhacht (kW)	:	

1.2. Tuairisc ar an bhfeithicil

1.2.1. Mais

Mais táimhe (kg)	:	

1.2.2. Paraiméadair an Ualaigh Frithíochta Bóthair

f_0 (N)	:	
f_1 (N/(km/h))	:	
f_2 (N/(km/h)^2)	:	
Sainaitheantóir na haicme ualaigh friotaíochta bóthair	:	

2. Torthaí tástála

2.3. Tástáil Chineál 3 (a)

Astú gás cromáin san atmaisféar: gan aon cheann

2.7. Tástáil Chineál 6 (a)

Dáta na dtástálacha	:	(lá/mí/bliain)
Suíomh na dtástálacha	:	
Modh socraithe an dinimiméadair fonnaidh	:	luasmhoilliú saor-rothlaithe (tagairt an ualaigh friotaíochta bóthair)
Cumhacht éifeachtach ionsúite ag 50 km/h lena n-áirítear caillteanais reatha na feithicle ar an dinimiméadar (kW)	:	

Truailleáin		CO (g/km)	HC (g/km)
Tástáil	1		
	2		
	3		
Meán			
Teorainn			

IARSCRÍBHINN 2

Teachtaireacht

(formáid uasta: A4 (210 x 297 mm))



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
……
……
……

Maidir le: (2) Ceadú deonaithe
Leathnú le ceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

de chineál feithicle ag féachaint d'astú truailleán gásach ón inneall de bhun shraith leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe

Uimhir cheadaithe ……

Cúis leis an síneadh : ……

Roinn I

Tabhair faoi deara: tá uimhriú na míreanna san iarscríbhinn seo neamhsheicheamhach d'aon ghnó in áiteanna.

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra): ……

0.2. Cineál: ……

0.2.1. Ainm/Ainmneacha tráchtála (má tá siad ar fáil): ……

0.3. Modh aitheantais an chineáil má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil (3)

0.3.1. Suíomh na marcála sin: ……

0.4. Catagóir na feithicle: (4) ……

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……

0.8. Ainm/ainmneacha agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála: ……

(1) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a leathnaigh/a dhiúltaigh nó a tharraing siar ceadú (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).
(2) Scrios amach an méid nach mbaineann le hábhar.
(3) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha i leith tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh arna gcumhdach ag an doiciméad faisnéise seo i modh sainaitheantais an chineáil, déanfar na carachtair sin a léiriú sa doiciméadacht leis an tsiombail '?' (e.g. ABC??123??).
(4) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, mír 2. - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: .....

1.0 Barúlacha: .....

Roinn II

1. Faisnéis bhreise (i gcás inarb infheidhme): (féach an tAguisín)

2. Seirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh: .....

3. Dáta na tuarascála tástála: .....

4. Uimhir na tuarascála tástála: .....

5. Barúlacha (más ann dóibh): (féach Roinn 3 den aguisín)

6. Áit: .....

7. Dáta: .....

8. Síniú: .....

Ceangaltáin: 1. Pacáiste faisnéise.
2. Tuarascáil tástála.

Aguisín a ghabhann le Teachtaireacht Uimh ... maidir le cineálcheadú a bhaineann le cineál feithicle a chineálcheadú a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán de bhun shraith leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe

Tabhair faoi deara: tá uimhriú na míreanna san fhoscríbhinn seo neamhsheicheamhach d'aon ghnó in áiteanna.

1. Faisnéis bhreise

1.1. Mais na feithicle agus í in ord reatha: .....

1.2. Mais tagartha na feithicle: .....

1.3. Uasmhais na feithicle: .....

1.7. Rothaí tiomána: tosaigh, cúil, 4 x 4 ([1])

1.9. Feithicil leictreach hibrideach: tá/níl ([1])

1.9.1. Catagóir na Feithicle Leictrí Hibridí: Luchtú Seachtrach / Gan Luchtú Seachtrach ([1])

1.9.2. Lasc móid oibriúcháin: tá sí ann/níl sí ann ([1])

1.10. Sainaithint innill: .....

1.10.1. Toilleadh innill: .....

1.10.2. Córas soláthair breosla: instealladh díreach/indíreach ([1])

1.10.3. Breosla arna mholadh ag an monaróir: .....

1.10.4. Uaschumhacht: ..... kW ag ..... min^{-1}

1.10.5. Gaireas luchtaithe brú: tá/níl ([1])

1.10.6. Córas adhainte: adhaint chomhbhrúite / adhaint dheimhneach ([1])

1.11. Gléasra cumhachta (i gcás feithicil lánleictreach nó feithicil leictreach hibrideach) ([1])

1.11.1. Glanchumhacht uasta: ..... kW, ag: ..... go . ..... min^{-1}

1.11.2. Cumhacht uasta 30 nóiméad: .....kW

1.11.3. Glan-chasmhóimint uasta: ..... Nm, ag ..... min^{-1}

1.12. Ceallra tarraingthe (i gcás feithicil lánleictreach nó feithicil leictreach hibrideach)

1.12.1. Voltas ainmniúil: V

1.12.2. Toilleadh (ráta 2 uair an chloig): ..... Ah

([1]) I gcás feithiclí atá feistithe le giarbhoscaí uathoibríocha, tabhair na sonraí teicniúla ábhartha uile.

1.13. Tras-seoladh

1.13.1. Tras-seoladh lámhoibrithe nó uathoibríoch nó athraitheach leanúnach: ([1]) ..... ([1])

1.13.2. Líon na gcóimheas giaranna: .....

1.13.3. Cóimheasa giaranna iomlána (lena n-áirítear imlínte rollacha na mbonn faoi ualach): luasanna bóthair in aghaidh 1 000 min^{-1} (km/h)

An chéad ghiar: ..... An séú giar: .....

An dara giar: ..... An seachtú giar: .....

An tríú giar: ..... An t-ochtú giar: .....

An ceathrú giar: ..... Forthiomáint: .....

An cúigiú giar: .....

1.13.4. Cóimheas tiomána deiridh: .....

1.14. Boinn: .....

1.14.1. Cineál: .....

1.14.2. Toisí: .....

1.14.3. Imlíne rollach faoi ualach: .....

2. Torthaí tástála

Cineál 3 (más infheidhme): .....

Cineál 6:

Cineál 6	CO [mg/km]	THC [mg/km]
Luach tomhaiste		

3. Barúlacha: .....

Iarscríbhinn 2 – Foscríbhinn 1

Dearbhú an mhonaróra maidir le ceanglais Chineál 3 a chomhlíonadh

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le ceanglais Chineál 3:

[ ] tá córas dúnta chás an chromáin suiteáilte.

[ ] déantar na hastaíochtaí ó chás an chromáin a sheoladh go díreach nó go hindíreach chuig sceithphíopa na feithicle.

[ ] déantar na hastaíochtaí ó chás an chromáin a sheoladh chuig aon chóras eile a chuireann cosc ar astaíochtaí gás ó chás an chromáin isteach san atmaisféar.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An […..Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 – Foscríbhinn 2

Dearbhú ón monaróir maidir le comhlíonadh na gceanglas frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála chun críoch cineálcheadú astaíochtaí

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

1. Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le forálacha Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe a bhaineann le frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil;
2. Go bhfuil an doiciméadacht faisnéise frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dearbhú seo ina dtugtar tuairisc ar na critéir theicniúla mhionsonraithe a ghabhann leis an dearbhú seo ceart agus iomlán le haghaidh gach feithicle lena mbaineann an dearbhú seo;
3. Liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an dearbhú seo aon díolúine is infheidhme maidir leis na feithiclí sin a bhaineann leis na forálacha frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála a leagtar síos sa Rialachán seo.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An liosta de Chineál Feithicle/Chineálacha Feithiclí, Aicme Feithicle/Aicmí Feithiclí nó tuairisceoir/ tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo

Iarscríbhinn II: Pacáiste Doiciméadachta maidir le Frithchrioscaíl, Slándáil agus Cibearshlándáil

Iarscríbhinn III: Liosta d'aon díolúine agus/nó easnamh is infheidhme maidir leis na feithiclí sin a bhaineann leis na forálacha maidir le frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil a leagtar síos i Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 – Foscríbhinn 3

Níl an fhoscríbhinn seo infheidhme ach amháin maidir le monaróirí ísealtáirgeachta

Dearbhú an mhonaróra maidir le Comhlíonadh Cheanglais Chineál 6

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

> Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le ceanglais Chineál 6 maidir le hastaíochtaí sceite ag teocht chomhthimpeallach íseal le haghaidh astaíochtaí comhdhúl gásach i gcomhréir le hIarscríbhinn 8 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 - Foscríbhinn 4

Níl an fhoscríbhinn seo infheidhme ach amháin maidir le monaróirí ísealtáirgeachta

Dearbhú an mhonaróra maidir le Comhlíonadh Cheanglais Chineál 1

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

> Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le ceanglais WLTP de Chineál 1 i gcomhréir le hIarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 - Foscríbhinn 5

Níl an fhoscríbhinn seo infheidhme ach amháin maidir le monaróirí ísealtáirgeachta

Dearbhú an mhonaróra maidir le Comhlíonadh Cheanglais Chineál 4

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

> Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le ceanglais Chineál 4 maidir le hastaíochtaí galaitheacha i gcomhréir le hIarscríbhinn C3 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 - Foscríbhinn 6

Níl an fhoscríbhinn seo infheidhme ach amháin maidir le monaróirí ísealtáirgeachta

Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh natástála saotharlainne ar chóimheas raoin lánleictrigh ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

> Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir leis na ceanglais maidir le tástáil saotharlainne ar raon leictreach ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha i gcomhréir le hIarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.

Iarscríbhinn 2 - Foscríbhinn 7

Níl an fhoscríbhinn seo infheidhme ach amháin maidir le monaróirí ísealtáirgeachta

Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gCeanglas Cinnte Cumhachta

(Monaróir): …..

(Seoladh an mhonaróra): …..

Dearbhaíonn sé:

> Go bhfuil na feithiclí a chumhdaítear leis an gceadú seo/na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dearbhú seo ([1]) i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglais Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe.

Arna dhéanamh i/sa [..... Áit]

An [..... Dáta]

[*Ainm agus síniú an duine atá údaraithe ag an Monaróir nó ag Ionadaí an Mhonaróra*]

Ceangaltáin

Iarscríbhinn I: An Cineál Feithicle/na Cineálacha Feithiclí, an Aicme Feithicle/na hAicmí Feithiclí nó na feithiclí ar a dtugtar tuairisc le tuairisceoir/tuairisceoirí feithicle eile a bhfuil feidhm ag an dearbhú seo maidir leo (más infheidhme).

([1]) Scrios an méid nach bhfuil infheidhme.


IARSCRÍBHINN 3

Leagan amach an mhairc ceadaithe

Sa mharc cineálcheadaithe a eisítear agus a ghreamaítear ar fheithicil i gcomhréir le mír 4 den Rialachán seo, beidh carachtar astaíochtaí ag gabháil leis an gcineálcheadú a shanntar i gcomhréir le Tábla A3/1 den iarscríbhinn seo, lena léirítear céim na gceanglas astaíochta a bhfuil an ceadú teoranta dóibh.

Tugtar cuntas san iarscríbhinn seo ar chuma an mhairc sin agus tugtar sampla faoin gcaoi a mbeidh sé comhdhéanta.


Léirítear sa ghrafaic scéimreach seo a leanas an leagan amach ginearálta, na comhréireanna agus inneachar na marcála. Sainaithnítear brí na n-uimhreacha agus na carachtair aibítrigh, agus tagraítear freisin d'fhoinsí chun na malairtí comhfhreagracha a chinneadh le haghaidh gach cáis cheadaithe.



a = 8 mm (íosta)

Is sampla praiticiúil atá sna grafaicí seo a leanas ar an gcaoi ar cheart go mbeadh an mharcáil comhdhéanta.


Sampla 1



Taispeántar sa mharc ceadaithe roimhe sin atá greamaithe le feithicil i gcomhréir le mír 4. den Rialachán seo gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann sa Ríocht Aontaithe (E 11), de bhun Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe faoi uimhir ceadaithe 2439, mar a shainítear i Roinn 3 de mhír 4.2.1. den Rialachán seo. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán seo, agus sraith 09 de leasuithe cuimsithe ann. Thairis sin, sa litir chumhdaigh (FL), cuirtear in iúl go mbaineann an fheithicil le feithicil a chomhlíonann caighdeán astaíochta Euro 7A.

([1]) Uimhir na tíre de réir an fhonóta i mír 4.4.1. den Rialachán seo.
([2]) De réir Thábla A3/1 den Iarscríbhinn seo.

Sampla 2



Taispeántar sa mharc ceadaithe roimhe sin atá greamaithe le feithicil i gcomhréir le mír 4. den Rialachán seo gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4), de bhun:

(a) Rialachán Uimh. 83 seo ó na Náisiúin Aontaithe faoi uimhir cheadaithe 0925, mar a shainítear i Roinn 3 de mhír 4.2.1. den Rialachán seo. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán seo, agus sraith 09 de leasuithe cuimsithe ann. Thairis sin, sa litir chumhdaigh (FL), cuirtear in iúl go mbaineann an fheithicil le feithicil a chomhlíonann caighdeán astaíochta Euro 7A.

(b) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe faoi uimhir cheadaithe 0807. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán seo, agus sraith 04 de leasuithe cuimsithe ann. Thairis sin, léiríonn an cód a ghabhann leis (1A) go bhfuil ceadú tugtha don fheithicil chuig Leibhéal 1A (an Eoraip).

(c) Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána faoi uimhir cheadaithe 1102. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán seo, agus sraith 01 de leasuithe cuimsithe ann. Thairis sin, léiríonn an cód a ghabhann leis (1A) go bhfuil ceadú tugtha don fheithicil chuig Leibhéal 1A (an Eoraip).

(d) Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe faoi uimhir cheadaithe 0818. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán seo, agus sraith 01 de leasuithe cuimsithe ann.

(e) Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM/EVP faoi uimhir cheadaithe 0713. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán ina leagan bunaidh.

(f) Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin faoi uimhir cheadaithe 0909. Tugtar le fios leis an marc seo gur tugadh an ceadú i gcomhréir leis na ceanglais den Rialachán ina leagan bunaidh.

Tábla A3/1

Litreacha maidir le caighdeán astaíochta agus catagóir feithicle (*)

Carachtar Astaíochtaí ([1]) ([2])	Caighdeán astaíochta	Focharachtar le haghaidh an Rialacháin seo (féach Tábla A3/2)	Focharachtar le haghaidh OBM agus EVP (féach Tábla A3/3)	Catagóir feithicle	Focharachtar le haghaidh astaíochtaí ó choscáin (féach Tábla A3/4)
FL	Euro 7A	MA, ME nó MG	OA	M_1, N_1	RA
FE	Euro 7A	MB, MF nó MG	OB	N_2 (Euro 7ext ([3]))	RB
GL	Euro 7B	MG	OA nó OB	M_1, N_1, N_2 (Euro 7ext ([3]))	RC
GS	Euro 7BS	NA	PA	M_1 (SVM), N_1 (SVM)	RD
GT	Euro 7BT	NB	PB	N_2 (Euro 7ext ([3]), SVM)	RE

([1]) An chéad litir den Charachtar: F = Euro 7A, G = Euro 7B
([2]) An dara litir den Charachtar: L = monaróir mórtháirgeachta, E = feithicil Euro 7ext, S = monaróir ísealtáirgeachta, T = feithicil Euro 7ext ó mhonaróir ísealtáirgeachta
([3]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257
(*) Níl sé d'oibleagáid ar pháirtithe conarthacha lasmuigh den Aontas Eorpach glacadh le ceadú i leith chaighdeáin astaíochtaí Euro 7BS nó Euro 7BT ach féadfaidh siad rogha a dhéanamh critéir maidir le glacadh a leagan amach ina rialacháin náisiúnta.

Tábla A3/2

Tábla focharachtair maidir le catagóir feithicle agus gléasra cumhachta

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([2])	Gléasra cumhachta
MA	R154-04	M_1, N_1	Feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh
ME	R154-04 UF EC ([1])	M_1, N_1	NOVC-HEV, OVC-HEV
MB	R154-04	N_2	Feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh
MF	R154-04 UF EC ([1])	N_2	NOVC-HEV, OVC-HEV
ME	R154-04	M_1, N_1	PEV, feithicil bhreosla-chille hibrideach
MF	R154-04	N_2	PEV, feithicil bhreosla-chille hibrideach
MG	R154-04 – LE OBFCM-2 ([3])	M_1, N_1, N_2	Gach ceann
NA	R154-04	M_1 (SVM), N_1 (SVM)	Gach ceann
NB	R154-04	N_2 (SVM)	Gach ceann

([1]) I gcás OVC-HEVanna a úsáideann an fachtóir fóntais ó Euro 6e-bis-FCM (EC), agus an paraiméadar d_{nec} á chur i bhfeidhm chun an fachtóir fóntais codánach a chinneadh de réir Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.
([2]) Nuair a thagraítear dó 'N_2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.
([3]) OBFCM-2 luach coinneála saolré na ngléasraí cumhachta uile is infheidhme, paraiméadair bhreise le haghaidh OVC-HEVanna agus ceanglais nua maidir le PEVanna de réir Mhír 11 agus Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Tábla A3/3

Tábla focharachtair maidir le comhlíonadh Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM agus EVP

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([1])	Gléasra cumhachta
OA	Leagan bunaidh	M_1, N_1	Gach ceann
OB	Leagan bunaidh	N_2	Gach ceann
PA	Leagan bunaidh monaróra ísealtáirgeachta	M_1, N_1	Gach ceann
PB	Leagan bunaidh monaróra ísealtáirgeachta	N_2	Gach ceann

([1]) Nuair a thagraítear dó 'N_2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

Tábla A3/4

Tábla focharachtair maidir le comhlíonadh Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Cáithníní Coscáin

Focharachtar	Tuairisc	Catagóir feithicle ([1])	Gléasra cumhachta
RA	Comhlíonadh Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe ina leagan bunaidh	M_1, N_1	Gach ceann
RB		N_2	Gach ceann
RC	Comhlíonadh shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe	M_1, N_1, N_2	Gach ceann
RD		M_1 (SVM), N_1 (SVM)	Gach ceann
RE		N_2 (SVM)	Gach ceann

([1]) Nuair a thagraítear dó 'N_2' sa cholún seo, níl sé sin infheidhme ach amháin maidir le feithiclí Euro 7ext mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

IARSCRÍBHINN 4

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí


1. Réamhrá

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht comhréireachta inseirbhíse (ISC) chun comhlíonadh a sheiceáil in aghaidh na dteorainneacha astaíochtaí le haghaidh sceithphíopa (lena n-áirítear teocht íseal) agus astaíochtaí galaitheacha ar feadh shaolré na feithicle, mar a leagtar amach i mír 5.1.1.

2. Tuairisc ar an bpróiseas

Fíor A4/1

Léiriú ar an bpróiseas comhréireachta inseirbhíse



Tabhair faoi deara: Tagraíonn GTAA don údarás cineálcheadaithe deonúcháin, tagraíonn OEM don mhonaróir, agus sainmhínítear Gníomhaithe Eile mar a leanas: Tagraíonn TAA d'údaráis chineálcheadaithe seachas an ceann a dheonaíonn an cineálcheadú, tagraíonn TS do Sheirbhísí Teicniúla, CP eile do Pháirtithe Conarthacha nach n-eisíonn an cineálcheadú, agus tríú páirtithe.

3. Sainmhíniú na haicme ISC

Beidh na feithiclí seo a leanas san aicme ISC:

(a) Maidir le hastaíochtaí sceite (tástálacha Chineál 1, astaíochtaí fíorthiomána agus Chineál 6), na feithiclí a chumhdaítear leis an aicme tástála PEMS, a dtugtar tuairisc uirthi i mír 6.3.1. de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána,

(b) Maidir le hastaíochtaí galaitheacha (tástáil Chineál 4), na feithiclí a áirítear in aicme na n-astaíochtaí galaitheacha, mar a thuairiscítear i mír 6.6.3. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

4. Bailiú faisnéise agus measúnú riosca tosaigh

Baileoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin agus gníomhaithe eile an fhaisnéis ábhartha uile maidir le neamhchomhlíonadh féideartha astaíochtaí is ábhartha chun a chinneadh cé na haicmí ISC a dhéanfar seiceáil orthu i mbliain ar leith. Cuirfidh siad san áireamh, go háirithe, faisnéis lena léirítear cineálacha feithiclí a bhfuil astaíochtaí arda acu i bhfíordhálaí tiomána. Gheofar an fhaisnéis sin trí mhodhanna iomchuí, lena bhféadfaí cianbhraiteacht, córais shimplithe faireacháin astaíochtaí ar bord agus tástáil le PEMS a áireamh. Féadfar líon agus tábhacht na sáruithe a thugtar faoi deara le linn na tástála sin a úsáid chun tosaíocht a thabhairt do thástáil ISC.

Mar chuid den fhaisnéis a sholáthrófar i gcomhair na seiceálacha ISC, tuairisceoidh gach monaróir don údarás cineálcheadaithe deonúcháin maidir le héilimh bharánta a bhaineann le hastaíochtaí, agus maidir le haon obair dheisithe bharánta a bhaineann le hastaíochtaí a rinneadh nó a taifeadadh le linn seirbhísithe, i gcomhréir le formáid arna comhaontú idir an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin agus an monaróir tráth an chineálcheadaithe. San fhaisnéis, sonrófar minicíocht agus cineál fabhtanna na gcomhpháirteanna agus na gcóras a bhaineann le hastaíochtaí de réir aicme ISC. Déanfar tuarascálacha ISC a chomhdú ar a laghad uair sa bhliain le haghaidh gach aicme ISC ar feadh na tréimhse ina bhfuil seiceálacha comhréireachta inseirbhíse le déanamh i gcomhréir le mír 9.2.2. den Rialachán seo. Cuirfear na tuarascálacha ISC ar fáil, arna iarraidh sin.

Ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin measúnú tosaigh ar an riosca nach gcomhlíonann aicme ISC na rialacha comhréireachta inseirbhíse agus, ar an mbonn sin, cinnfidh sé cé na haicmí ar cheart iad a thástáil agus cé na cineálacha tástálacha atá le déanamh faoi fhorálacha ISC. Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin aicmí ISC a roghnú go randamach chun tástáil a dhéanamh orthu.

Cuirfidh gníomhaithe eile an fhaisnéis a bhaileofar i gcomhréir leis an gcéad mhír san áireamh chun ord tosaíochta a chur ar na tástálacha. Ina theannta sin, is féidir leo aicmí ISC a roghnú go randamach chun tástáil a dhéanamh orthu.

5. Tástáil ISC

Déanfaidh an monaróir tástáil ISC ar astaíochtaí sceite lena mbeidh ar a laghad tástáil Chineál 1 le haghaidh gach aicme ISC. Féadfaidh an monaróir tástálacha astaíochtaí fíorthiomána, Chineál 4 agus Chineál 6 a dhéanamh le haghaidh gach aicme ISC nó le haghaidh cuid díobh. Déanfaidh an monaróir torthaí uile thástálacha ISC le haghaidh comhréireacht inseirbhíse a thuairisciú don údarás cineálcheadaithe deonúcháin.

Seiceálfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin líon iomchuí aicmí ISC gach bliain, mar a leagtar amach i mír 5.4.

Féadfaidh gníomhaithe eile seiceálacha a dhéanamh gach bliain ar aon líon aicmí ISC. Déanfaidh siad torthaí uile thástálacha ISC a thuairisciú don údarás cineálcheadaithe deonúcháin.

5.1. Dearbhú cáilíochta na tástála

Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin iniúchadh ar bhonn bliantúil ar na seiceálacha ISC a dhéanann an monaróir. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin iniúchadh a dhéanamh freisin ar sheiceálacha ISC a dhéanann gníomhaithe eile. Bunófar an t-iniúchadh ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na monaróirí, nó ag gníomhaithe eile, ina n-áireofar ar a laghad tuarascáil mhionsonraithe ISC i gcomhréir le Foscríbhinn 3. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin a éileamh ar na monaróirí, nó ar ghníomhaithe eile, faisnéis bhreise a sholáthar.

5.2. Torthaí tástálacha a nochtadh

Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin torthaí an mheasúnaithe comhlíontachta agus na mbeart feabhais a bhaineann le haicme ISC ar leith in iúl do ghníomhaithe eile a sholáthair torthaí tástála don aicme sin a luaithe a bheidh siad ar fáil.

Ní fhéadfar torthaí na dtástálacha, lena n-áirítear sonraí mionsonraithe na bhfeithiclí ar fad a tástáladh, a chur in iúl don phobal ach amháin tar éis don údarás cineálcheadaithe deonúcháin an tuarascáil bhliantúil nó torthaí nós imeachta aonair ISC a fhoilsiú nó tar éis clabhsúr gan toradh a bheith curtha ar an nós imeachta staidrimh (féach mír 5.10.). Má fhoilsítear torthaí na dtástálacha ISC a rinne gníomhaithe eile, déanfar tagairt do tuarascáil bhliantúil an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin ina bhfuil fáil orthu.

5.3. Cineálacha tástálacha

Ní dhéanfar tástáil ISC ach ar fheithiclí a roghnaítear i gcomhréir le Foscríbhinn 1.

Tástáil ISC a dhéanfar le tástáil Chineál 1, déanfar í i gcomhréir le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Tástáil ISC a dhéanfar le tástáil na n-astaíochtaí fíorthiomána, déanfar í i gcomhréir le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána, déanfar tástálacha Chineál 4 i gcomhréir le Foscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo agus déanfar tástálacha Chineál 6 i gcomhréir le hIarscríbhinn 8.

5.4. Minicíocht agus raon feidhme na tástála ISC

An tréimhse ama idir thús dhá sheiceáil comhréireachta inseirbhíse arna ndéanamh ag an monaróir le haghaidh aicme ISC ar leith, ní bheidh sí níos faide ná 24 mhí.

Bunófar minicíocht thástáil ISC, a dhéanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin, ar mhodheolaíocht measúnaithe riosca a bheidh i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta ISO 31000:2018 — Bainistíocht Riosca — Prionsabail agus treoirlínte lena n-áireofar torthaí an mheasúnaithe tosaigh a rinneadh i gcomhréir le mír 4.

Déanfaidh gach údarás cineálcheadaithe deonúcháin tástálacha Chineál 1 agus astaíochtaí fíorthiomána ar íosmhéid 5 faoin gcéad d'aicmí ISC in aghaidh an mhonaróra in aghaidh na bliana nó ar ar a laghad dhá aicme ISC in aghaidh an mhonaróra in aghaidh na bliana, má tá fáil orthu. An ceanglas chun tástáil a dhéanamh ar íosmhéid 5 faoin gcéad d'aicmí ISC nó ar a laghad dhá aicme ISC in aghaidh an mhonaróra in aghaidh na bliana, ní bheidh feidhm aige maidir le monaróirí ísealtáirgeachta. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an cumhdach is leithne is féidir ar aicmí ISC agus ar aois feithicle in aicme comhréireachta inseirbhíse ar leith chun comhlíontacht le mír 9.2.2. den Rialachán seo a áirithiú. Críochnóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an nós imeachta staidrimh le haghaidh gach aicme ISC ar cuireadh tú leis laistigh de 12 mhí.

Ní bheidh aon íoscheanglas minicíochta ag tástálacha ISC Chineál 4 nó Chineál 6.

5.5. Maoiniú le haghaidh tástáil ISC ag na húdaráis cineálcheadaithe deonúcháin

Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin go mbeidh a dhóthain acmhainní ar fáil chun na costais a bhaineann le tástáil comhréireachta inseirbhíse a chumhdach. Gan dochar don dlí náisiúnta, aisghabhfar na costais sin trí tháillí ar féidir leis an údarás cineálcheadaithe deonúcháin iad a thobhach ar an monaróir. Leis na táillí sin, cumhdófar tástáil ISC suas le 5 faoin gcéad de na haicmí comhréireachta inseirbhíse in aghaidh an mhonaróra in aghaidh na bliana nó ar a laghad dhá aicme ISC in aghaidh an mhonaróra in aghaidh na bliana.

5.6. Plean tástála

Agus tástáil á déanamh le haghaidh ISC, dréachtóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin plean tástála. I gcás tástáil astaíochtaí fíorthiomána, áireofar sa phlean sin tástáil chun comhlíontacht ISC a sheiceáil faoi raon leathan dálaí i gcomhréir le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána.

5.7. Roghnú feithiclí le haghaidh tástáil ISC

Beidh an fhaisnéis a bhaileofar cuimsitheach a dhóthain chun a áirithiú gur féidir feidhmíocht inseirbhíse a mheasúnú i gcás feithiclí atá á gcothabháil agus á n-úsáid mar is ceart. Úsáidfear na táblaí i bhFoscríbhinn 1 chun a chinneadh an féidir an fheithicil a roghnú chun críocha thástáil ISC. Le linn na seiceála in aghaidh na dtáblaí i bhFoscríbhinn 1, is féidir a dhearbhú go bhfuil roinnt feithiclí lochtach agus nach ndéanfar tástáil orthu le linn ISC, nuair atá fianaise ann go ndearnadh damáiste do chodanna den chóras rialaithe astaíochtaí.

Féadfar an fheithicil chéanna a úsáid chun tuairiscí a dhéanamh agus a bhunú maidir le níos mó ná cineál amháin tástála (Cineál 1, astaíochtaí fíorthiomána, Cineál 4, Cineál 6) ach ní chuirfear san áireamh ach an chéad tástáil bhailí de gach cineál le haghaidh an nós imeachta staidrimh.

5.7.1. Ceanglais ghinearálta

Beidh an fheithicil ina feithicil d'aicme ISC ar a dtugtar tuairisc i mír 3 agus comhlíonfaidh sí na seiceálacha atá leagtha amach sa tábla i bhFoscríbhinn 1. Feithicil atá cláraithe sa Pháirtí Conarthach agus ar tiomáineadh í sa Pháirtí Conarthach ar feadh 90 faoin gcéad ar a laghad dá chuid ama tiomána a bheidh inti. Féadfar an tástáil astaíochtaí a dhéanamh i réigiún geografach atá éagsúil leis an réigiún inar roghnaíodh na feithiclí. I gcás tástáil chomhréireachta inseribhíse a dhéanann an monaróir, le comhaontú an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin, féadfar feithiclí atá cláraithe i dtír nach tír den Pháirtí Conarthach í a thástáil, más den aicme ISC chéanna iad agus má tá Deimhniú Comhréireachta san Aontas Eorpach, nó a choibhéis i bPáirtithe Conarthacha eile, ag gabháil leo.

Beidh taifead cothabhála ag gabháil leis na feithiclí a roghnaítear ina léireofar go ndearnadh an fheithicil a chothabháil mar is ceart agus gur seirbhísíodh í i gcomhréir le moltaí an mhonaróra agus nár úsáideadh ach páirteanna bunaidh chun páirteanna a bhaineann le hastaíochtaí a athsholáthar.

Eisiafar ó ISC feithiclí a léiríonn comharthaí maidir le mí-úsáid, úsáid mhíchuí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá feidhmíocht astaíochtaí, crioscaíl nó dálaí a d'fhéadfadh oibriú neamhshábháilte a bheith mar thoradh orthu.

Ní bheidh modhnuithe aeraidinimiciúla déanta ar na feithiclí nach féidir a bhaint roimh an tástáil.

Eisiafar feithicil ó thástáil ISC má léiríonn an fhaisnéis atá stóráilte sa ríomhaire ar bord gur oibríodh an fheithicil tar éis lochtchód a thaispeáint agus nach ndearnadh deisiú i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra.

Eisiafar feithicil ó thástáil ISC mura gcomhlíonann an breosla ón umar feithicle na caighdeáin is infheidhme nó má tá fianaise nó taifead ar bhreoslú leis an gcineál mícheart breosla.

5.7.1.1. Ceanglais bhreise ISC a bhaineann le hastaíochtaí fíorthiomána

Chun críoch tástála ISC nó chun críoch tástála faireachais margaidh réigiúnaigh, gheofar an mhais tagartha CO_2 ón Deimhniú Comhréireachta le haghaidh na feithicle aonair. Gheofar an luach le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha ag a bhfuil luchtú seachtrach ó thástáil WLTP a dhéanfar ag baint úsáide as an modh Cothaithe Luchtaithe.

5.7.1.2. Ola bhealaithe, breosla agus imoibrí

I gcás tástálacha a dhéantar le linn ISC nó faireachas margaidh réigiúnaigh, féadfar aon bhreosla atá ar fáil go dleathach sa mhargadh agus laistigh de na sonraíochtaí arna n-eisiúint ag an monaróir le haghaidh oibriú na feithicle ag an gcustaiméir a úsáid don bhreosla a úsáidtear le haghaidh thástáil astaíochtaí fíorthiomána.

5.7.2. Scrúdú agus Cothabháil Feithicle

Déanfar fabhtanna a dhiagnóisiú agus aon ghnáthchothabháil is gá a dhéanamh i gcomhréir le Foscríbhinn 1 ar fheithiclí a nglactar leo chun tástáil a dhéanamh orthu, roimh dhul ar aghaidh leis an tástáil ISC nó ina dhiaidh sin.

Déanfar na seiceálacha seo a leanas: Seiceálacha DAB (a dhéanfar roimh an tástáil nó ina diaidh), seiceálacha ó amharc le haghaidh mífheidhme i lasadh na lampaí táscaire, seiceálacha ar an scagaire aeir, ar na criosanna tiomána uile, ar gach leibhéal sreabháin, ar an gcaidhp radaitheora agus an chaidhp umair breosla, ar gach píobán folúis agus píobán córais breosla agus ar an sreangú leictreach a bhaineann leis an gcóras iarchóireála; seiceálacha ar chomhpháirteanna adhainte, méadraithe breosla agus gaireas rialaithe truaillithe le haghaidh míchoigeartuithe agus/nó crioscaíola.

Má tá an fheithicil laistigh de 800 km ó sheirbhís cothabhála sceidealta, déanfar an tseirbhís sin.

Bainfear an sreabhán niteora fuinneoige roimh thástáil Chineál 4 agus cuirfear uisce te ina ionad.

I gcás teipe, baileofar sampla breosla agus coimeádfar é le haghaidh tuilleadh anailíse i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána.

Déanfar gach fabht a thaifeadadh. I gcás ina mbaineann an fabht leis na gairis rialaithe truaillithe, tuairisceofar ansin go bhfuil an fheithicil lochtach agus ní bhainfear úsáid aisti le haghaidh tuilleadh tástála, ach cuirfear an fabht san áireamh chun críocha an mheasúnaithe ar chomhlíontacht a rinneadh i gcomhréir le mír 6.1.

5.8. Méid sampla

Nuair a chuireann monaróirí an nós imeachta staidrimh a leagtar amach i mír 5.10. i bhfeidhm maidir le tástáil Chineál 1, socrófar líon na mbaisceanna samplacha ar bhonn an mhéid táirgeachta bliantúla atá ag aicme inseirbhíse a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol sna Páirtithe Conarthacha a chuireann an rialachán seo i bhfeidhm, mar a thuairiscítear i dTábla A4/1.

Tábla A4/1

Líon na mbaisceanna samplacha le haghaidh thástáil ISC a dhéanfar le tástálacha Chineál 1

Méid Táirgeachta Páirtí Conarthaigh d'fheithiclí in aghaidh na bliana féilire le linn na tréimhse samplála	Líon na mbaisceanna samplacha (le haghaidh thástálacha Chineál 1)
suas le 100 000	1
100 001 go 200 000	2
os cionn 200 000	3

I ngach baisc shamplála áireofar go leor cineálacha feithiclí (a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí) chun a áirithiú go gcumhdófar 20 % ar a laghad de chlárúcháin iomlána na haicme PEMS sin sa Pháirtí Conarthach sa bhliain roimhe sin. I gcás ina roinntear an aicme PEMS chéanna idir níos mó brandaí, déanfar na brandaí uile a thástáil. I gcás aicme a bhfuil gá ina leith go dtástálfar níos mó ná baisc shamplach amháin, sa dara agus sa tríú baisc shamplach roghnófar feithiclí a úsáidtear i ndálaí éagsúla comhthimpeallacha agus/nó gnáthúsáide leis na feithiclí a roghnaíodh don chéad sampla.

5.9. Rochtain ar shonraí is gá chun tástáil a dhéanamh

Líonfaidh an monaróir isteach an pacáiste maidir le Trédhearcacht Tástála san fhormáid a shonraítear i dTáblaí 1 agus 2 d'Fhoscríbhinn 5 agus i dTábla A4/2 agus tarchuirfidh sé é chuig an údarás cineálcheadaithe deonúcháin. Úsáidfear Tábla 2 d'Fhoscríbhinn 5 chun gur féidir feithiclí ón aicme chéanna a roghnú lena dtástáil agus, i dteannta Thábla 1 d'Fhoscríbhinn 5, chun gur féidir go leor faisnéise faoi na feithiclí atá le tástáil a sholáthar.

Beidh rochtain i bhfoirm leictreonach ar an bhfaisnéis go léir atá i dTáblaí 1 agus 2 d'Fhoscríbhinn 5 ag an bpobal saor in aisce laistigh de 5 lá oibre tar éis na hiarrata.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas mar chuid den phacáiste maidir le Trédhearcacht Tástála agus soláthróidh an monaróir í saor in aisce laistigh de 5 lá oibre tar éis dó an t-iarratas a fháil ó ghníomhaithe eile.

Tábla A4/2

Faisnéis íogair

Aitheantas	Ionchur	Tuairisc
1.	Nós Imeachta Speisialta maidir le feithiclí a thiontú (tiomáint ceithre roth go tiomáint dhá roth) le haghaidh tástáil dinimiméadair, má tá fáil air	Mar a shainítear i mír 2.4.2.4. d'Iarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
2.	Treoracha maidir le modh dinimiméadair, má tá fáil orthu	An bealach chun an modh dinimiméadair a chumasú mar a rinneadh le linn tástálacha cineálcheadaithe freisin
3.	Modh luasmhoillithe saor-rothlaithe a úsáideadh i rith na dtástálacha cineálcheadaithe	Má tá treoracha maidir le modh luasmhoillithe saor-rothlaithe ag an bhfeithicil, an bealach chun an mód seo a chumasú
4.	Nós imeachta urscaoilte ceallraí (feithicil leictreach hibrideach ag a bhfuil luchtú seachtrach, feithicil iomlán leictreach (PEV))	Nós imeachta OEM chun ceallraí a ídiú le haghaidh feithicil leictreach hibrideach ag a bhfuil luchtú seachtrach a ullmhú i gcomhair tástálacha cothaithe luchtaithe, agus PEV a ullmhú le haghaidh an cheallra a luchtú

Aitheantas	Ionchur	Tuairisc
5.	Nós imeachta chun gach innealra cúnta a dhíghníomhachtú	Má úsáidtear é le linn tástálacha cineálcheadaithe
6.	An nós imeachta chun sruth agus voltas gach REESS a thomhas le húsáid trealaimh sheachtraigh	Mar a shainítear i bhFoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe Chun sruth agus voltas a thomhas go neamhspleách ar shonraí ar bord, soláthraíonn OEM nós imeachta, tuairisc ar phointí rochtana srutha agus voltais agus liosta de na gairis a úsáidtear le haghaidh tomhas srutha agus voltais le linn cineálcheadaithe.

5.10. An Nós Imeachta Staidrimh

5.10.1. Ginearálta

Braithfidh an fíorú ar chomhréireacht inseirbhíse ar mhodh staidrimh de réir phrionsabail ghinearálta na samplála seicheamhaí le haghaidh cigireacht de réir tréithe. Is é trí fheithicil an samplamhéid íosta le haghaidh toradh pas, agus is é deich bhfeithicil an samplamhéid uasta carnach le haghaidh thástálacha Chineál 1 agus na n-astaíochtaí fíorthiomána.

I gcás thástálacha Chineál 4 agus Chineál 6, is féidir modh simplithe a úsáid, ina mbeidh trí fheithicil sa sampla agus ina measfar gur teip é má theipeann ar gach feithicil de na trí fheithicil pas a fháil sa tástáil, agus gur pas é má fhaigheann gach ceann díobh pas sa tástáil. I gcásanna ina bhfuair dhá cheann as na trí cinn pas nó inar theip ar dhá cheann díobh, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a chinneadh tástálacha breise a dhéanamh nó leanúint ar aghaidh leis an measúnú ar an gcomhlíontacht i gcomhréir le mír 6.1.

Ní mhéadófar torthaí tástála faoi thosca meatha.

I gcás feithiclí a bhfuil Uasluachanna Dearbhaithe Astaíochtaí Fíorthiomána tuairiscithe acu i ndeimhniú comhlíontachta astaíochtaí fíorthiomána an mhonaróra, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn 12 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe, atá níos ísle ná na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach i mír 6.1. de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe, déanfar an chomhréireacht a sheiceáil in aghaidh na nUasluachanna Dearbhaithe Astaíochtaí Fíorthiomána sin. Má fhaightear amach nach bhfuil an sampla i gcomhréir leis na hUasluachanna Dearbhaithe Astaíochtaí Fíorthiomána, ceanglóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin ar an monaróir gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh.

Sula ndéanfar an chéad tástáil ISC, tabharfaidh an monaróir nó gníomhaithe eile fógra don údarás cineálcheadaithe deonúcháin go bhfuil sé ar intinn aige tástáil comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar aicme feithiclí ar leith. Ar an bhfógra sin a fháil, osclóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin fillteán staidrimh nua chun torthaí gach teaglaim ábhartha de na paraiméadair seo a leanas a phróiseáil don pháirtí áirithe sin/nó don bhuíon páirtithe sin: aicme feithiclí, cineál tástála astaíochtaí agus truailleán. Osclófar nósanna imeachta staidrimh ar leith do gach teaglaim ábhartha de na paraiméadair sin.

Ní chuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin i ngach fillteán staidrimh ach na torthaí a sholáthróidh an páirtí ábhartha. Coinneoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin taifead ar líon na dtástálacha a rinneadh, ar líon na dtástálacha ar theip orthu agus ar líon na dtástálacha a phasáil, agus ar shonraí riachtanacha eile chun tacú leis an nós imeachta staidrimh.

Cé gur féidir le níos mó ná nós imeachta staidrimh amháin a bheith ar oscailt an tráth céanna do theaglaim áirithe de chineál tástála agus d'aicme feithiclí, ní cheadófar do pháirtí torthaí tástála a sholáthar ach do nós imeachta staidrimh oscailte amháin le haghaidh teaglaim áirithe de chineál tástála agus d'aicme feithiclí. Ní dhéanfar gach tástáil a thuairisciú ach uair amháin agus tuairisceofar gach tástáil (bailí, neamhbhailí, teip nó pas, etc.).

Fanfaidh gach nós imeachta staidrimh ISC ar oscailt go dtí go dtiocfar ar thoradh nuair a shroichfidh an nós imeachta staidrimh cinneadh pas nó cinneadh teipe maidir leis an sampla i gcomhréir le mír 5.10.5. Mar sin féin, mura dtiocfar ar thoradh laistigh de 12 mhí ó osclaíodh fillteán staidrimh, dúnfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an fillteán staidrimh ach amháin má chinneann sé an tástáil a chríochnú don fhillteán staidrimh sin laistigh de 6 mhí ina dhiaidh sin.

5.10.2. Torthaí ISC a chomhthiomsú

Féadfar torthaí tástála ó ghníomhaithe eile a chomhthiomsú chun críoch nós imeachta staidrimh comhchoiteann. Chun torthaí na dtástálacha a chomhthiomsú, beidh gá le toiliú i scríbhinn ó na páirtithe leasmhara go léir a sholáthróidh torthaí tástálacha do chomhthiomsú torthaí, agus beidh gá le fógra a thabhairt do na húdaráis chineálcheadaithe sula gcuirfear tús leis an tástáil. Ainmneofar ceann amháin de na páirtithe mar cheannaire ar an gcomhthiomsú agus beidh sé freagrach as sonraí a thuairisciú agus as cumarsáid a dhéanamh leis an údarás cineálcheadaithe deonúcháin.

5.10.3. Pas/Teip/Toradh neamhbhailí maidir le tástáil aonair

Measfar gur tástáil 'pasáilte' í tástáil astaíochtaí ISC le haghaidh truailleán amháin nó níos mó nuair a bhíonn toradh na n-astaíochtaí cothrom leis an teorainn astaíochta a leagtar amach i mír 6.3.10. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh an chineáil tástála sin nó faoi bhun na teorann sin. Agus feithiclí á dtástáil le linn na saolré breise, úsáidfear iolraitheoir marthanachta chun na teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha a choigeartú, mar a shonraítear i mír 5.1.1. den Rialachán seo.

Measfar gur tástáil 'theipthe' í tástáil astaíochtaí le haghaidh truailleán amháin nó níos mó nuair a bhíonn toradh na n-astaíochtaí níos mó ná an teorainn chomhfhreagrach le haghaidh an chineáil tástála sin. Cuirfidh gach toradh tástála teipthe méadú ar an líon 'f' (féach mír 5.10.5.) faoi 1 sa chás staidrimh sin.

Measfar gur tástáil neamhbhailí í tástáil astaíochtaí ISC mura n-urramaítear léi ceanglais na dtástálacha dá dtagraítear i mír 5.3. Eisiafar torthaí neamhbhailí tástála ón nós imeachta staidrimh agus athdhéanfar an tástáil leis an bhfeithicil chéanna chun tástáil bhailí a fháil.

Cuirfear torthaí na dtástálacha uile ISC faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin laistigh de 10 lá oibre i ndiaidh gach tástáil a bheith déanta ar fheithicil aonair. Beidh tuarascáil tástála chuimsitheach ag gabháil leis na torthaí tástála ag deireadh na dtástálacha. Ionchorprófar na torthaí sa sampla in ord croineolaíoch a ndéanta.

Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin gach toradh bailí tástála astaíochtaí a ionchorprú sa nós imeachta staidrimh oscailte ábhartha go dtí go mbainfear amach 'teip shampla' nó 'pas sampla' i gcomhréir le mír 5.10.5.

5.10.4. Láimhseáil Asluiteach

I gcomhréir leis na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu thíos, d'fhéadfadh cinneadh 'teip' a bheith mar thoradh ar thorthaí asluitigh a bheith sa nós imeachta samplach staidrimh:

(a) Déanfar asluitigh a chatagóiriú mar éadrom, idirmheánach nó foircneach.

(b) Measfar toradh tástála astaíochtaí a bheith ina asluiteach éadrom má tá sé níos mó ná an teorainn astaíochtaí is infheidhme ach níos lú ná 1,3 oiread na teorann astaíochta is infheidhme. Ní áirítear asluiteach éadrom i líon na dtorthaí teipe ach amháin maidir le mír 5.10.5. thíos.

(c) Measfar toradh tástála astaíochtaí a bheith ina asluiteach idirmheánach má tá sé cothrom le 1,3 oiread na teorann astaíochta is infheidhme nó níos mó ná sin. Má bhíonn dhá asluiteach den sórt sin i sampla, teipfidh an sampla mar thoradh air.

(d) Measfar toradh tástála astaíochtaí a bheith ina asluiteach foircneach má tá sé cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme nó níos mó ná sin. Má bhíonn asluiteach amháin den sórt sin i sampla, teipfidh an sampla mar thoradh air. Sa chás sin, cuirfear uimhirphláta na feithicle in iúl don mhonaróir agus don údarás cineálcheadaithe deonúcháin. Cuirfear an fhéidearthacht sin in iúl d'úinéirí na feithicle sula ndéanfar an tástáil.

5.10.5. Cinneadh Pas/Teipe maidir le sampla

Chun críoch toradh pas/teipe a chinneadh maidir le sampla, is é 'p' áireamh na dtorthaí pasáilte, agus is é 'f' áireamh na dtorthaí teipthe. Le gach toradh tástála pasáilte, méadófar an líon 'p' faoi 1 le gach toradh tástála teipthe agus méadófar an líon 'f' faoi 1 le haghaidh an nós imeachta staidrimh ábhartha.

Nuair a ionchorprófar torthaí tástála astaíochtaí bailí i gcás oscailte den nós imeachta staidrimh, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an samplamhéid charnach 'n' a nuashonrú, mar shampla, chun líon iomlán na dtástálacha astaíochtaí bailí atá ionchorpraithe sa nós imeachta staidrimh a léiriú;

(b) tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí, líon na dtorthaí pasáilte 'p' agus líon na dtorthaí teipthe 'f' a nuashonrú;

(c) líon na n-asluiteach foircneach agus idirmheánach sa sampla a ríomh i gcomhréir le mír 5.10.4.;

(d) seiceáil ar thángthas ar chinneadh leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air thíos.

Braitheann an cinneadh ar an samplamhéid charnach 'n', ar áirimh na dtorthaí pasáilte agus teipthe 'p' agus 'f', chomh maith le líon na n-asluiteach idirmheánach agus/nó foircneach sa sampla. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le pas/teip sampla ISC, úsáidfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an chairt chinnteoireachta i bhFíor A4/2. Léiríonn na cairteacha an cinneadh atá le déanamh maidir le samplamhéid charnach 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Is féidir dhá chinneadh a dhéanamh maidir le nós imeachta staidrimh i gcás teaglaim áirithe d'aicme feithiclí, de chineál tástála astaíochtaí agus de thruailleán:

Is é 'pas sampla' an cinneadh a thiocfar air nuair a thugtar cinneadh 'PAS' sa chairt chinnteoireachta is infheidhme i bhFíor 4/2 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus líon na dtorthaí teipthe 'f'.

Is é 'teip shampla' an cinneadh a thiocfar air, i gcás samplamhéid charnach áirithe 'n', nuair a chomhlíonfar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar cinneadh 'TEIP' sa chairt chinnteoireachta is infheidhme i bhFíor A4/2 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f';

(b) tá dhá chinneadh 'TEIP' ann lena bhfuil asluitigh idirmheánacha;

(c) tá cinneadh amháin 'TEIP' ann lena bhfuil asluiteach foircneach.

Mura dtagtar ar chinneadh, fanfaidh an nós imeachta staidrimh ar oscailt agus ionchorprófar torthaí breise ann go dtí go dtiocfar ar chinneadh nó go ndúnfar an nós imeachta i gcomhréir le mí 5.10.1.

Fíor A4/2

Cairt chinnteoireachta don nós imeachta staidrimh le haghaidh feithiclí (i gcás ina gciallaíonn 'GAN CHINNEADH' nár thángthas ar chinneadh)

Áireamh na dtorthaí ar teipeanna iad f	10								TEIP
	9							TEIP	TEIP
	8						TEIP	TEIP	TEIP
	7					TEIP	TEIP	TEIP	TEIP
	6				TEIP	TEIP	TEIP	TEIP	TEIP
	5			TEIP	TEIP	TEIP	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	PAS
	4		TEIP	TEIP	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	PAS
	3	TEIP	TEIP	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	PAS	PAS
	2	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	GAN CHIN-NEADH	PAS	PAS	PAS	PAS
	1	GAN CHIN-NEADH	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS
	0	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS	PAS
		3	4	5	6	7	8	9	10
	Samplamhéid carnach n								

6. Measúnú Comhlíontachta

6.1. Laistigh de 10 lá oibre ó dheireadh thástáil ISC don sampla dá dtagraítear i mír 5.10.5., cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin tús le himscrúduithe mionsonraithe leis an monaróir chun a chinneadh an gcomhlíonann an aicme ISC (nó cuid de) rialacha ISC agus an bhfuil bearta feabhais ag teastáil ina leith. Maidir le feithiclí ilchéimneacha nó feithiclí sainchuspóireacha, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin imscrúduithe mionsonraithe freisin nuair atá ar a laghad trí fheithicil lochtacha a bhfuil an locht céanna orthu nó cúig fheithicil mharcáilte san aicme chéanna ISC, mar a leagtar amach i mír 5.10.6.

6.2. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin go mbeidh a dhóthain acmhainní ar fáil chun na costais a bhaineann le measúnú comhlíontachta a chumhdach. Gan dochar don dlí náisiúnta, aisghabhfar na costais sin trí tháillí ar féidir leis an údarás cineálcheadaithe deonúcháin iad a thobhach ar an monaróir. Leis na táillí sin, cumhdófar gach tástáil nó iniúchadh is gá chun measúnú comhlíontachta a bhaint amach.

6.3. Arna iarraidh sin ag an monaróir, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin na himscrúduithe a leathnú chuig feithiclí i seirbhís an mhonaróra chéanna ar d'aicme ISC eile iad agus ar dócha go ndéanfaidh na lochtanna céanna difear dóibh.

6.4. Ní thógfaidh an t-imscrúdú mionsonraithe níos mó ná 60 lá oibre tar éis don údarás cineálcheadaithe deonúcháin tús a chur leis an imscrúdú. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin tástálacha breise ISC a dhéanamh chun an fáth ar theip ar fheithiclí le linn na dtástálacha ISC tosaigh a chinneadh. Déanfar na tástálacha breise faoi dhálaí atá comhchosúil leis na cinn faoina ndearnadh thástáil tosaigh ISC ar theip orthu i dtástálacha ISC.

Arna iarraidh sin don údarás cineálcheadaithe deonúcháin, cuirfidh an monaróir faisnéis bhreise ar fáil ina léireofar go háirithe an chúis a d'fhéadfadh a bheith leis na teipeanna, cé na codanna den aicme a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, cibé acu a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aicmí eile nó cén fáth nach mbaineann an fhadhb ba chúis leis an teip sna tástálacha ISC tosaigh le comhréireacht inseirbhíse, más infheidhme. Tabharfar deis don mhonaróir a chruthú gur comhlíonadh na forálacha comhréireachta inseirbhíse.

6.5. Faoin spriocdháta a leagtar amach i mír 6.4, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an cinneadh maidir le comhlíontacht nó neamh-chomhlíontacht. I gcás neamhchomhlíonta, saineoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin na bearta feabhais don aicme ISC de réir mhír 7. Tabharfaidh sé fógra don mhonaróir fúthu.

7. Bearta Feabhais

7.1. Bunóidh an monaróir plean de bhearta feabhais agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin é laistigh de 45 lá oibre ón gcinneadh maidir le comhlíontacht nó neamhchomhlíontacht dá dtagraítear i mír 6.5. Is féidir síneadh suas le 30 lá oibre breise a chur leis an tréimhse sin i gcás ina léiríonn an monaróir don údarás cineálcheadaithe deonúcháin go bhfuil gá le tuilleadh ama chun an neamhchomhlíonadh a imscrúdú.

7.2. Áireofar ar na bearta feabhais a éileoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin tástálacha, ar chomhpháirteanna agus ar fheithiclí, a ceapadh go réasúnta agus a bhfuil gá leo chun éifeachtacht agus marthanacht na mbeart feabhais a léiriú.

7.3. Sannfaidh an monaróir ainm uathúil sainaitheanta nó uimhir uathúil shainaitheanta don phlean de bhearta feabhais. Sa phlean de bhearta feabhais, áireofar ar a laghad an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar gach cineál astaíochta feithicle a áirítear sa phlean um bearta feabhais;

(b) tuairisc ar na modhnuithe, na leasuithe, na deisiúcháin, na ceartúcháin, na coigeartuithe sonracha nó athruithe eile atá le déanamh chun na feithiclí a chur chun comhréireachta, lena n-áirítear achoimre ghearr ar na sonraí agus ar na staidéir theicniúla a thacaíonn le cinneadh an mhonaróra maidir leis na bearta feabhais ar leith atá le déanamh;

(c) tuairisc ar an modh trína gcuirfidh an monaróir úinéirí na feithicle ar an eolas faoi na bearta feabhais atá beartaithe;

(d) tuairisc ar an gcothabháil cheart nó ar an úsáid cheart, más ann di, a shonraíonn an monaróir mar choinníoll incháilitheachta le haghaidh deisiúcháin faoin bplean um bearta feabhais, agus míniú ar an ngá atá leis an gcoinníoll sin;

(e) tuairisc ar an nós imeachta atá le leanúint ag úinéirí feithicle chun ceartú a fháil ar an neamhchomhlíonadh; áireofar sa tuairisc sin dáta ar ina dhiaidh a dhéanfar na bearta feabhais, an t-am a mheastar a bheidh ag teastáil ón gceardlann chun na deisiúcháin a dhéanamh agus an áit inar féidir iad a dhéanamh;

(f) sampla den fhaisnéis a tarchuireadh chuig úinéir na feithicle;

(g) tuairisc ghairid ar an gcóras a úsáideann an monaróir chun soláthar leordhóthanach comhpháirteanna nó córas a áirithiú chun an ghníomhaíocht feabhais a chomhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis maidir le cathain a bheidh soláthar leordhóthanach ar fáil de na comhpháirteanna, bogearraí nó córais is gá chun tús a chur leis na bearta feabhais a chur i bhfeidhm;

(h) sampla de na treoracha uile atá le cur chuig na ceardlanna deisiúcháin a dhéanfaidh an deisiú;

(i) tuairisc ar thionchar na mbeart feabhais atá beartaithe ar na hastaíochtaí, ar ídiú breosla, ar intiomántacht, agus ar shábháilteacht gach cineáil astaíochta feithicle a chumhdaítear leis an bplean um bearta feabhais, lena n-áirítear sonraí agus staidéir theicniúla thacaíochta;

(j) i gcás ina n-áirítear aisghairm táirge sa phlean um bearta feabhais, cuirfear tuairisc ar an modh faoina dhéanfar an deisiú a thaifeadadh faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin. Má úsáidtear lipéad, cuirfear sampla de faoina bhráid freisin.

Chun críocha phointe (d), ní fhéadfaidh an monaróir coinníollacha cothabhála nó úsáide a fhorchur nach bhfuil baint acu go follasach leis an neamh-chomhréireacht agus leis na bearta feabhais.

7.4. Déanfar an deisiú go caoithiúil, laistigh de thréimhse réasúnta tar éis don mhonaróir an fheithicil a fháil lena deisiú. Laistigh de 15 lá oibre ón bplean um bearta feabhais atá beartaithe a fháil, formheasfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin é nó iarrfaidh sé plean nua i gcomhréir le mír 7.5.

7.5. I gcás nach bhformheasfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an plean um bearta feabhais, forbróidh an monaróir plean nua agus cuirfidh sé é faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin laistigh de 20 lá oibre tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin.

7.6. Mura bhformheasfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an dara plean a chuireann an monaróir isteach, déanfaidh sé gach beart is iomchuí chun comhréireacht a athbhunú, lena n-áirítear cineálcheadú a tharraingt siar más gá.

7.7. Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin a chinneadh maidir le bearta feabhais in iúl do na Páirtithe Conarthacha ábhartha laistigh de 5 lá oibre.

7.8. Beidh feidhm ag na bearta feabhais maidir le gach feithicil san aicme ISC (nó in aicmí ábhartha eile arna sainaithint ag an monaróir i gcomhréir le mír 6.2) ar dócha go ndéanfaidh an fabht céanna difear dóibh. Cinnfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an gá an cineálcheadú a leasú.

7.9. Tá an monaróir freagrach as an bplean formheasta um bearta feabhais a chur i bhfeidhm i bPáirtí Conarthach agus as taifead a choinneáil ar gach feithicil a bhaintear den mhargadh nó a aisghairtear agus a dheisítear agus ar an gceardlann a rinne an deisiú.

7.10. Coinneoidh an monaróir cóip den chumarsáid le custaiméirí na bhfeithiclí dá ndéantar difear a bhaineann leis an bplean um bearta feabhais. Coinneoidh an monaróir taifead den fheachtas aisghairme táirge freisin, lena n-áirítear líon iomlán na bhfeithiclí a ndéantar difear dóibh in aghaidh an Pháirtí Chonarthaigh agus líon iomlán na bhfeithiclí arna n-aisghairm cheana in aghaidh an Pháirtí Chonarthaigh, mar aon le míniú ar aon mhoill ar chur i bhfeidhm na mbeart feabhais. Déanfaidh an monaróir an taifead sin den fheachtas aisghairme táirge a sholáthar don údarás cineálcheadaithe deonúcháin, d'údaráis chineálcheadaithe gach Páirtí Conarthach gach 2 mhí.

7.11. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha bearta chun a áirithiú go gcuirfear an plean formheasta um bearta feabhais i bhfeidhm laistigh de 2 bhliain maidir le 90 % ar a laghad de na feithiclí dá ndéantar difear arna gclárú ina gcríoch.

7.12. Déanfar deisiú agus modhnú trealaimh nó breisiú trealaimh nua a thaifeadadh i ndeimhniú arna sholáthar d'úinéir na feithicle, lena n-áireofar uimhir an fheachtais feabhais.

8. Tuarascáil bhliantúil an údaráis cineálcheadaithe deonúcháin

Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, saor in aisce agus gan gá ag an úsáideoir a gcéannacht a nochtadh ná clárú, tuarascáil ina mbeidh torthaí na n-imscrúduithe ISC uile a tugadh chun críche an bhliain roimhe sin, faoin 31 Márta gach bliain ar a dhéanaí. I gcás ina mbeidh roinnt imscrúduithe ISC don bhliain roimhe sin fós ar oscailt ar an dáta sin, tuairisceofar iad a luaithe a thabharfar an t-imscrúdú chun críche. Beidh ar a laghad na hítimí a liostáiltear i bhFoscríbhinn 4 sa tuarascáil.

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn 1

Critéir maidir le feithiclí a roghnú agus teip feithiclí a chinneadh

Úsáidfear an suirbhé feithicle chun feithiclí a chothaítear agus a úsáidtear mar is ceart a roghnú le haghaidh tástáil ISC. Eisiafar feithiclí ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir eisiamh thíos ó thástáil, sin nó deiseofar iad agus roghnófar iad ansin.

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí			
			Rúnda
Dáta:			x
Ainm an imscrúdaitheora:			x
Suíomh na tástála:			x
Tír chlárúcháin:		x	
Saintréithe na Feithicle	x = Critéir Eisiaimh	X = Seiceáilte agus tuairiscithe	
Uimhirphláta:		x	x
Míleáiste agus aois na feithicle: Ní mór don fheithicil na rialacha maidir le míleáiste agus aois i mír 9 den Rialachán seo a chomhlíonadh, sin nó ní féidir í a roghnú. Áirítear aois na feithicle ó dháta an chéad chlárúcháin	x		
Dáta an chéad chlárúcháin:		x	
Uimhir aitheantais feithicle:		x	x
Aicme agus carachtar astaíochtaí:		x	
Tír chlárúcháin: Ní mór an fheithicil a bheith cláraithe sa Pháirtí Conarthach	x	x	
Samhail:		x	
Cód an innill:		x	
Toilleadh innill (l):		x	
Cumhacht innill (kW):		x	
Cineál giarbhosca (uathoibríoch/láimhe):		x	
Acastóir tiomána (tosaigh/uile/cúil):		x	
Méid na mbonn (tosach agus cúl murab ionann):		x	
An bhfuil an fheithicil páirteach i bhfeachtas aisghairme táirge nó i bhfeachtas seirbhíse? Má tá: Cé acu? An bhfuil na deisiúcháin feachtais déanta cheana féin? Ní mór na deisiúcháin a dhéanamh roimh thús na tástála ISC	x	x	

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí			
Agallamh le hÚinéir na Feithicle (ní chuirfear ach na príomhcheisteanna ar an úinéir agus ní bheidh aon eolas aige ar impleachtaí na bhfreagraí)			
Ainm an úinéara (níl sé ar fáil ach don chomhlacht cigireachta creidiúnaithe nó don tsaotharlann/seirbhís Theicniúil)			x
Sonraí teagmhála (seoladh / teileafón) (níl sé ar fáil ach don chomhlacht cigireachta creidiúnaithe nó don tsaotharlann/seirbhís Theicniúil)			x
Cá mhéad úinéir a bhí ag an bhfeithicil?		x	
An é nach raibh an t-odaiméadar ag oibriú? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é gur úsáideadh an fheithicil le haghaidh ceann amháin díobh seo a leanas?			
Mar charr i seomra taispeántais?		x	
Mar thacsaí?		x	
Mar fheithicil seachadta?		x	
Le haghaidh rásaíochta/mótarspórt?	x		
Mar charr ar cíos?		x	
An é gur iompraíodh ualaí troma thar shonraíochtaí an mhonaróra san fheithicil? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é go ndearnadh mórdheisiú innill nó feithicle?		x	
An é go ndearnadh mórdheisiú neamhúdaraithe innill nó feithicle? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é go ndearnadh méadú/tiúnáil chumhachta neamhúdaraithe? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é gur athsholáthraíodh aon chuid den chóras iarchóireála astaíochtaí agus/nó den chóras breosla? Ar úsáideadh páirteanna bunaidh? Murar úsáideadh páirteanna bunaidh, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x	x	
An é gur baineadh aon chuid den chóras iarchóireála astaíochtaí go buan? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú	x		
An é gur suiteáladh aon ghaireas neamhúdaraithe (Díothóir úiré, aithriseoir, etc)? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú	x		
An raibh an fheithicil páirteach i dtimpiste thromchúiseach? Soláthar liosta den damáiste a rinneadh agus de na deisiúcháin a rinneadh ina dhiaidh sin		x	
An é gur úsáideadh an carr leis an gcineál breosla mícheart (i.e. peitreal seachas díosal) san am atá caite? An é gur úsáideadh an carr le breosla nach bhfuil ar fáil ar bhonn tráchtála (an margadh dubh, nó breosla cumaiscthe?) Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí			
An é gur úsáid tú úraitheoir aeir, sprae cró, glantóir coscán nó foinse eile astaíochtaí ard hidreacarbóin timpeall na feithicle le mí anuas? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástáil galaithe.	x		
An é go raibh doirteadh peitril laistigh nó lasmuigh den fheithicil le 3 mhí anuas? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástáil galaithe.	x		
An é gur chaith duine tobac sa charr le 12 mhí anuas? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástáil galaithe	x		
An é gur chuir tú cosaint creimthe, greamáin, cosaint faoi shéala, nó aon fhoinse eile substainte so-ghalaithe a d'fhéadfadh a bheith sa charr? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástáil galaithe	x		
An é go ndearnadh an carr a athphéinteáil? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástáil galaithe	x		
Cá háit ar úsáideadh d'fheithicil níos minice?			
% mótarbhealach		x	
% faoin tuath		x	
% ceantar uirbeach		x	
An é gur thiomáin tú an fheithicil i bPáirtí nach Páirtí Conarthach é ar feadh níos mó ná 10 % den am tiomána? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú	x	—	
Cén tír inar athbhreoslaíodh an fheithicil an dá uair dheireanacha a rinneadh é? Má athbhreoslaíodh an fheithicil an dá uair dheireanacha lasmuigh de stát a chuireann na Caighdeáin Bhreosla chomhlíontacha i bhfeidhm, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é gur úsáideadh breiseán breosla nár cheadaigh an monaróir? Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
An é go ndearnadh cothabháil ar an bhfeithicil agus gur úsáideadh í i gcomhréir le treoracha an mhonaróra? Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
Stair iomlán seirbhíse agus deisiúcháin lena n-áirítear aon athoibriú Mura féidir na doiciméid iomlána a sholáthar, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		

	Scrúdú agus Cothabháil Feithicle	X = Critéir Eisiaimh/ F = Feithicil fhabhtach		X = seiceáilte agus tuairiscithe
1	Leibhéal an umair breosla (lán / folamh) An é go bhfuil solas an chúltaca breosla lasta? *Más é, athbhreoslaigh roimh an tástáil.*			x

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí				
2	An é go bhfuil aon solas rabhaidh ar an bpainéal ionstraimí gníomhachtaithe lena léirítear mífheidhmiú feithicle nó córais iarchóireála gáis sceite nach féidir a réiteach trí ghnáthchothabháil? (Mífheidhmiú Solais Táscaire, Solais Seirbhíse Innill etc?) Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú	x		
3	An lastar an solas dí-ocsaídithe roghnaithigh catalaíoch tar éis an innill a adhaint? Má lastar, ba cheart an leacht sceite díosail a líonadh isteach, nó an deisiú a dhéanamh sula n-úsáidtear an fheithicil le haghaidh tástála.	x		
4	Scrúdú amhairc a dhéanamh ar an sceithchóras Seiceáil an bhfuil sceitheadh idir an ilphíobán sceite agus deireadh na sceithphíopa. I gcás fadhbanna suntasacha nó teipe, seiceáil agus doiciméadaigh (le grianghraif) Má tá damáiste nó sceitheadh ann, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach.	F		
5	Comhpháirteanna ábhartha maidir le gás sceite I gcás fadhbanna suntasacha nó teipe, seiceáil agus doiciméadaigh (le grianghraif) na comhpháirteanna ábhartha astaíochtaí uile le haghaidh damáiste. Má tá damáiste ann, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach.	F		
6	Córas galaithe Brúigh an córas breosla (ó thaobh an cheanastair), tástáil le haghaidh sceite i dtimpeallacht teochta comhthimpeallaí tairisí, déan tástáil bolaidh FID timpeall na feithicle agus laistigh di. *Mura n-éiríonn leis an tástáil bolaidh brathadóra ianúcháin lasraigh, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach.*	F		
7	Sampla breosla I gcás teipe, bailigh sampla breosla ón umar breosla.			x
8	Scagaire aeir agus scagaire ola Seiceáil le haghaidh éillithe agus damáiste agus athraithe má tá siad damáistithe nó má tá siad éillithe go mór nó má tá níos lú ná 800 km roimh an gcéad athrú molta eile.			x
9	Sreabhán niteora fuinneoige (i gcás tástála galaithe amháin) Bain an sreabhán niteora fuinneoige agus líon an t-umar le huisce te.			x
10	Rothaí (tosach agus cúl) Seiceáil an é go bhfuil na rothaí soghluaiste nó blocáilte ag an gcoscán. Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
11	Boinn (le haghaidh tástáil galaithe amháin) Bain an bonn spártha, athraigh na boinn go boinn chobhsaithe má athraíodh na boinn níos lú ná 15 000 km ó shin. Bain úsáid as boinn samhraidh agus uileshéasúir amháin.			x
12	Criosanna tiomána & clúdach fuaraitheora I gcás damáiste, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach. Doiciméadaigh le grianghraif	F		

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí				
13	Seiceáil leibhéil sreabháin Seiceáil na leibhéil uasta agus íosta (ola innill, leacht fuaraithe) / breisigh má tá siad faoi bhun an íosleibhéil			x
14	Claibín an umair breosla (le haghaidh tástáil galaithe amháin) Seiceáil go bhfuil an líne rólíonta laistigh de chlaibín an umair breosla go hiomlán saor ó iarmhair nó sruthlaigh an píobán le huisce te.			x
15	Píobáin folúis agus sreangú leictreach Seiceáil iad go léir le haghaidh sláine. *I gcás damáiste, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach. Doiciméadaigh le grianghraif*	F		
16	Comhlaí insteallta / cáblú Seiceáil na cáblaí agus na píobáin bhreosla go léir. *I gcás damáiste, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach. Doiciméadaigh le grianghraif*	F		
17	Cábla adhainte (peitreal) Seiceáil spréachphlocóidí, cáblaí, etc. I gcás damáiste, cuir cinn nua ina n-ionad.			x
18	Athshruthú an gháis sceite & Catalaíoch, Scagaire Cáithníní Seiceáil na cáblaí, na sreanga agus na braiteoirí go léir. I gcás crioscaíola, ní féidir an fheithicil a roghnú. I gcás damáiste, dearbhófar go bhfuil an fheithicil fabhtach, Doiciméadaigh le grianghraif	x/F		
19	Staid sábháilteachta Seiceáil an é go bhfuil na boinn, cabhlach na feithicle agus stádas an chórais leictrigh agus an chórais coscánaithe i staid shábháilte le haghaidh na tástála agus go n-urramaítear leo na rialacha maidir le trácht ar bhóithre. Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.	x		
20	Leathleantóir An ann do cháblaí leictreacha le haghaidh nasc leathleantóra, nuair is gá?			x
21	Modhnuithe aeraidinimiciúla Déan deimhin de nach bhfuil aon mhodhnú aeraidinimiciúil iarmhargaidh déanta nach féidir a bhaint roimh an tástáil (boscaí dín, barraí ualaigh, bacóirí, etc.) agus nach bhfuil aon chomhpháirt chaighdeánach aeraidinimiciúil ar iarraidh (sraonairí tosaigh, idirleatóirí, scoiltirí, etc.). Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú. Doiciméadaigh le grianghraif.	x		
22	Seiceáil an bhfuil níos lú ná 800 km ón gcéad seirbhís sceidealta eile, má tá, déan an tseirbhís.			x
23	Gach seiceáil a éilíonn naisc DAB a dhéanamh roimh dheireadh na tástála agus/nó ina dhiaidh sin			
24	Calabrú, uimhir pháirte agus suim sheiceála mhodúl um rialú cumhachta an ghléasra cumhachta			x

Feithiclí a Roghnú le haghaidh Tástáil Comhréireachta Inseirbhíse maidir le hAstaíochtaí				
25	Diagnóis DAB (roimh an tástáil astaíochtaí nó ina diaidh) Léigh Cóid Diagnóise Fabht & Priontáil loga earráidí			x
26	Iarratas Mhód Seirbhíse 09 DAB (roimh an tástáil astaíochtaí nó ina diaidh) Léigh Modh Seirbhíse 09. Taifead an fhaisnéis.			x
27	Modh Seirbhíse 7 DAB (roimh an tástáil astaíochtaí nó ina diaidh) Léigh Modh Seirbhíse 07. Taifead an fhaisnéis			x
	Nótaí maidir leis an méid seo a leanas: Deisiú / athsholáthar comhpháirteanna / uimhreacha páirteanna			

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn 2

Rialacha maidir le tástálacha Chineál 4 a dhéanamh le linn na comhréireachta inseirbhíse

Déanfar tástálacha Chineál 4 le haghaidh comhréireacht inseirbhíse i gcomhréir le hIarscríbhinn C3 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, seachas i gcás na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) na feithiclí a thástálfar le tástáil Chineál 4 beidh siad 12 mhí d'aois ar a laghad.

(b) measfar an ceanastar a bheith sean agus, dá bhrí sin, ní leanfar an nós imeachta maidir le hAosú Binse Ceanastair.

(c) déanfar an ceanastar a luchtú lasmuigh den fheithicil, de réir an nós imeachta a dtugtar tuairisc air chun na críche sin in Iarscríbhinn C3 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus déanfar é a bhaint agus a fheistiú ar an bhfeithicil de réir threoracha deisiúcháin an mhonaróra. Déanfar tástáil bolaidh FID (le torthaí níos lú ná 100 ppm ag 20 °C) chomh gar agus is féidir don cheanastar roimh an luchtú agus ina dhiaidh chun a dheimhniú go bhfuil an ceanastar feistithe i gceart.

(d) measfar an t-umar a bheith sean agus dá bhrí sin ní chuirfear aon Fhachtóir Tréscaoilteachta leis nuair a bheidh toradh thástáil Chineál 4 á ríomh.

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn 3

Tuarascáil ISC

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil mhionsonraithe ISC:

1. Dáta na Tástála

2. Uimhir Uathúil na Tuarascála ISC

3. Dáta formheasa an ionadaí údaraithe

4. Dáta tarchurtha chuig an údarás cineálcheadaithe deonúcháin

5. Ainm agus seoladh an mhonaróra;

6. Ainm, seoladh, uimhreacha teileafóin agus facs agus seoladh ríomhphoist na saotharlainne atá freagrach as an tástáil;

7. Ainm shamhail nó ainmneacha shamhlacha na bhfeithiclí a áirítear sa phlean tástála;

8. I gcás inarb iomchuí, liosta na gcineálacha feithiclí atá cumhdaithe le faisnéis an mhonaróra, i.e. maidir le hastaíochtaí sceite, an aicme inseirbhíse;

9. Uimhreacha na gcineálcheaduithe is infheidhme maidir leis na cineálacha feithiclí sin atá laistigh den aicme inseirbhíse, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uimhreacha gach leathnaithe agus deisiúcháin/aisghairme allamuigh (athoibriú);

10. Sonraí faoi na leathnuithe, na deisiúcháin/aisghairmeacha allamuigh maidir leis na cineálcheaduithe sin le haghaidh na bhfeithiclí a chumhdaítear i bhfaisnéis an mhonaróra (má iarrann an t-údarás cineálcheadaithe iad);

11. An tréimhse ar bailíodh an fhaisnéis lena linn;

12. An nós imeachta seiceála ISC, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme:
    (a) modh foinsithe na feithicle;
    (b) critéir maidir le feithiclí a roghnú agus a dhiúltú (lena n-áirítear na freagraí ar an tábla i bhFoscríbhinn 1, lena n-áirítear grianghraif);
    (c) cineálacha tástála agus nósanna imeachta a úsáideadh le haghaidh an chláir;
    (d) limistéar geografach/limistéir gheografacha inar bhailigh an monaróir faisnéis;
    (e) uimhir na baisce samplaí agus an plean samplála a úsáideadh;

13. Torthaí an nós imeachta ISC, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
    (a) sainaithint na bhfeithiclí a áiríodh sa chlár (is cuma cé acu a tástáladh nó nár tástáladh iad). Áireofar leis an sainaithint an Tábla i bhFoscríbhinn 1 seachas na hítimí rúnda.
    (b) sonraí tástála le haghaidh hastaíochtaí sceite:
        — sonraíochtaí breosla tástála (e.g. breosla tagartha tástála nó breosla margaidh),
        — dálaí tástála (teocht, taise, meáchan táimhe dinimiméadair),
        — socruithe dinimiméadair (e.g. ualach friotaíochta bóthair, socrú cumhachta),
        — torthaí tástála agus ríomh pas/teipe;

(c) sonraí tástála le haghaidh astaíochtaí galaitheacha:

— sonraíochtaí breosla tástála (e.g. breosla tagartha tástála nó breosla margaidh),

— dálaí tástála (teocht, taise, meáchan táimhe dinimiméadair),

— socruithe dinimiméadair (e.g. ualach friotaíochta bóthair, socrú cumhachta),

— torthaí tástála agus ríomh pas/teipe.

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn 4

Tuarascáil ISC bhliantúil an Údaráis Cineálcheadaithe Deonúcháin

Teideal

A. Forbhreathnú gairid agus na príomhchonclúidí

B. Gníomhaíochtaí ISC a rinne an monaróir an bhliain roimhe sin:

(1) Bailiú faisnéise ag an monaróir

(2) Tástáil ISC (lena n-áirítear pleanáil agus roghnú na n-aicmí a tástáladh, agus torthaí deiridh na dtástálacha)

C. Gníomhaíochtaí ISC a rinne gníomhaithe eile an bhliain roimhe sin:

(3) Bailiú faisnéise agus measúnú riosca

(4) Tástáil ISC (lena n-áirítear pleanáil agus roghnú na n-aicmí a tástáladh, agus torthaí deiridh na dtástálacha)

D. Gníomhaíochtaí ISC a rinne an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an bhliain roimhe sin:

(5) Bailiú faisnéise agus measúnú riosca

(6) Tástáil ISC (lena n-áirítear pleanáil agus roghnú na n-aicmí a tástáladh, agus torthaí deiridh na dtástálacha)

(7) Imscrúduithe mionsonraithe

(8) Bearta feabhais

E. Measúnú ar an laghdú bliantúil ar na hastaíochtaí a bhfuil coinne leo mar gheall ar aon bheart feabhais ISC

F. Ceachtanna a foghlaimíodh (lena n-áirítear le haghaidh feidhmíocht na n-ionstraimí a úsáideadh)

G. Tuairisc ar thástálacha neamhbhailí eile

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn 5

Liostaí trédhearcachta

Tábla 1

Liosta Trédhearcachta 1

Aitheantas	Ionchur	An cineál sonraí	Aonad	Tuairisc
1	Uimhir na tástála um chineálcheadú astaíochtaí	Téacs	--	Uimhir cheadaithe Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe; Uimhir cheadaithe Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe (más infheidhme);
1a	Dáta an Chineálcheadaithe Astaíochtaí	Dáta	--	Dáta an Chineálcheadaithe Astaíochtaí
2	Aitheantas na hAicme Idirshuímh (IP ID)	Téacs	--	Mar a thuairiscítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, Iarscríbhinn A2, Aguisín a ghabhann le mír teachtaireachta cineálcheadaithe 0.1: Aitheantóir na hAicme Idirshuímh mar a shainmhínítear i mír 6.2.1 den rialachán céanna
5	Aitheantas na hAicme ATCT	Téacs	--	Mar a thuairiscítear i mír 0.2.3.2. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
7	Aitheantas aicme RL na feithicle H nó aitheantas aicme RM	Téacs	--	Mar a thuairiscítear i mír 0.2.3.4.1. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh RL agus mír 0.2.3.5. le haghaidh RM
7a	Aitheantas aicme RL na feithicle L (más ábhartha)	Téacs	--	Mar a thuairiscítear i mír 0.2.3.4.2 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
7b	Aitheantas aicme RL na feithicle M (más ábhartha)	Téacs	--	Mar a thuairiscítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, Iarscríbhinn A1 – Foscríbhinn 1, mír 1.4.2. Paraiméadair an Ualaigh Frithíochta Bóthair
13	Rothaí tiomána na feithicle san aicme	Áireamh (Tosach, Cúl, Tiomáint Ceithre Roth)	--	Mír 1.7 den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn A2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
14	Cumraíocht an dinimiméadair fonnaidh le linn na tástála cineálcheadaithe	Áireamh (Acastóir Singil, Dé-acastóir)	--	Mar atá i mír 2.4.2.4 d'Iarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
18	Modh/modhanna atá inroghnaithe ag an tiománaí a úsáideadh le linn na dtástálacha cineálcheadaithe (faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh) nó le haghaidh tástáil cothaithe luchtaithe (feithicil leictreach hibrideach gan luchtú seachtrach, feithicil leictreach hibrideach ag a bhfuil luchtú seachtrach, feithicil bhreosla-chille hibrideach gan luchtú seachtrach)	Formáidí féideartha: pdf, jpg. Aitheantóir Uathúil Domhanda (UUID), uathúil laistigh den phacáiste, a bheidh in ainm an chomhaid.	--	Luaigh agus tabhair tuairisc ar na modhanna a úsáideadh sa chineálcheadú. I gcás príomh-mhodha, ní bheidh ann ach aon iontráil amháin. Ina mhalairt de chás ní mór tuairisc a thabhairt ar mhodhanna an cháis is fearr agus an cháis is measa. Tuairisc ar na modhanna is gá a úsáid i gcomhair tástálacha cineálcheadaithe mar atá i mír 2.6.6. d'Iarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
19	Modh/modhanna atá inroghnaithe ag an tiománaí a úsáideadh le linn na dtástálacha cineálcheadaithe le haghaidh tástáil ídithe luchtaithe (feithicil leictreach hibrideach ag a bhfuil luchtú seachtrach)	Formáidí féideartha: pdf, jpg. Aitheantóir Uathúil Domhanda (UUID), uathúil laistigh den phacáiste, a bheidh in ainm an chomhaid.	--	Luaigh agus tabhair tuairisc ar na modhanna a úsáideadh sa chineálcheadú. I gcás príomh-mhodha, ní bheidh ann ach aon iontráil amháin. Ina mhalairt de chás ní mór tuairisc a thabhairt ar mhodhanna an cháis is fearr agus an cháis is measa. Tuairisc ar na modhanna is gá a úsáid i gcomhair tástálacha cineálcheadaithe mar atá i mír 3.2.3. d'Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe

Aitheantas	Ionchur	An cineál sonraí	Aonad	Tuairisc
20	Luas réchasta an innill le haghaidh feithiclí traiseolta lámhoibrithe, breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Uimhir	rpm	Mír 3.2.1.6 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
21	Uimhreacha na ngiaranna le haghaidh feithiclí traiseolta lámhoibrithe	Uimhir	--	Mír 1.13.2. den Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn A2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
23	Toisí bhoinn na feithicle tástála tosach/cúl/lár, le haghaidh feithiclí traiseolta lámhoibrithe	Téacs	--	Mír 1.1.8 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe Úsáid 1 le haghaidh toisí bhoinn na rothaí tosaigh, 2 le haghaidh toisí bhoinn na rothaí cúil, 3 le haghaidh toisí bhoinn na rothaí láir (más infheidhme)
24 + 25	Cuar cumhachta an lánlóid le lamháil bhreise sábháilteachta (ASM) le haghaidh feithiclí traiseolta lámhoibrithe, breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Luachanna tábla	rpm vs. kW vs. %	Cuar cumhachta an lánlóid thar raon luais an innill ó n_{idle} go n_{rated} nó n_{max}, nó ndv(ngv$_{max}$) × v_{max}, cibé acu is airde i dteannta lamháil bhreise sábháilteachta (ASM) (má úsáidtear é chun giarathrú a ríomh) ó mhír 1.2.4 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe Is féidir sampla de luachanna tábla a fháil i Rialachán 154 ó UNECE, Iarscríbhinn B2, Tábla A2/1
26	Faisnéis bhreise chun giarathrú a ríomh le haghaidh feithiclí traiseolta lámhoibrithe, breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Féach an tábla sa sampla	Féach an tábla sa sampla	Mír 1.2.4 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
29	ATCT FCF (fachtóir ceartúcháin aicme) breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Uimhir	--	Luach amháin in aghaidh gach breosla i gcás feithicle débhreosla agus feithicle ilbhreosla. I gcónaí meaitseáil Breosla 1 lena ATCT FCF agus Breosla 2 lena ATCT FCF. Mar a shainmhínítear i mír 3.8.1. d'Iarscríbhinn B6a a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe,
30a	Fachtóirí Ki suimitheacha le haghaidh feithiclí atá feistithe le córais a athghineann go tréimhsiúil	Luachanna tábla	g/km le haghaidh CO_2, mg/km le haghaidh gach ceann eile	Tábla ina sainítear na luachanna le haghaidh CO, NO_x, PM, THC (mg/km), agus le haghaidh CO_2 (g/km). Folamh má sholáthraítear fachtóirí Ki iolraíocha nó le haghaidh feithiclí nach bhfuil aon chóras a athghineann go tréimhsiúil acu. Mír 2.1.1.1.1. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh truailleán agus mír 2.1.1.2.1. le haghaidh CO_2
30b	Fachtóirí Ki iolraíocha le haghaidh feithiclí atá feistithe le córais a athghineann go tréimhsiúil	Luachanna tábla	gan aon aonad	Tábla ina sainítear na luachanna le haghaidh CO, NO_X, PM, THC agus le haghaidh CO_2. Folamh, má sholáthraítear fachtóirí Ki suimitheacha nó le haghaidh feithiclí nach bhfuil aon chóras a athghineann go tréimhsiúil acu. Mír 2.1.1.1.1. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh truailleán agus mír 2.1.1.2.1. le haghaidh CO_2

Aitheantas	Ionchur	An cineál sonraí	Aonad	Tuairisc
31a	Tosca Meatha (DF) suimitheacha breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Luachanna tábla	(mg/km ach amháin i gcás LC nuair is #/km atá ann	Tábla ina sainítear tosca meatha in aghaidh gach truailleáin. 1. CO, PM, LC, NO_X, hidreacarbón neamh-mheatáin agus THC le haghaidh feithiclí aonbhreosla peitril agus gach feithicil débhreosla agus ilbhreosla. 2. CO, NO_x, hidreacarbón neamh-mheatáin agus THC le haghaidh feithiclí aonbhreosla GPL agus GN. 3. NO_X le haghaidh feithiclí aonbhreosla H_2. 4. NO_X, THC+NO_X, CO, PM agus LC le haghaidh gach feithicil díosail. 5. Folamh, má sholáthraítear fachtóirí meatha iolraíocha. Mír 2.1.1.1.1. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
31b	Tosca Meatha (DF) iolraíocha breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Luachanna tábla	gan aon aonad	Tábla ina sainítear tosca meatha in aghaidh gach truailleáin. 1. CO, PM, LC, NO_X, hidreacarbón neamh-mheatáin agus THC le haghaidh feithiclí aonbhreosla peitril agus gach feithicil débhreosla agus ilbhreosla. 2. CO, NO_x, hidreacarbón neamh-mheatáin agus THC le haghaidh feithiclí aonbhreosla GPL agus GN. 3. NO_X le haghaidh feithiclí aonbhreosla H_2. 4. NO_X, THC+NO_X, CO, PM agus LC le haghaidh gach feithicil díosail. 5. Folamh, má sholáthraítear fachtóirí meatha suimitheacha. Mír 2.1.1.1.1. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
32	Voltas an cheallra le haghaidh gach REESS	Uimhir	V	Mar a shainmhínítear i mír 4.1. d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (DIN EN 60050-482)
33	Comhéifeacht cheartúcháin K amháin le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha gan luchtú seachtrach agus feithiclí leictreacha hibrideacha ag a bhfuil luchtú seachtracha	Tábla	(g/km)/(Wh/km)	Roghnach le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha gan luchtú seachtrach agus feithiclí leictreacha hibrideacha ag a bhfuil luchtú seachtrach ceartú astaíochtaí CS CO_2 mar a shainmhínítear i mír 2. d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
42	Tarlú athghiniúna a aithint	Doiciméad pdf nó jpg Aitheantóir Uathúil Domhanda (UUID), uathúil laistigh den phacáiste, a bheidh in ainm an chomhaid.		Tuairisc ó mhonaróir na feithicle maidir leis an mbealach chun tarlú athghiniúna le linn tástála a aithint
43	Athghiniúint a chur i gcrích	Doiciméad pdf nó jpg Aitheantóir Uathúil Domhanda (UUID), uathúil laistigh den phacáiste, a bheidh in ainm an chomhaid.	-	Tuairisc ar an nós imeachta chun an athghiniúint a chur i gcrích

Aitheantas	Ionchur	An cineál sonraí	Aonad	Tuairisc
44a	Uimhir Innéacs thimthriall an aistrithe le haghaidh VL	Uimhir	-	Le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha ag a bhfuil luchtú seachtrach amháin. Líon na dtástálacha CD a rinneadh go dtí gur baineadh na gcritéar scoiteachta amach. Mír 2.1.1.4.1.4. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
49	Cineál Tiomána	Áireamh feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, feithiclí leictreacha hibrideacha ag a bhfuil luchtú seachtrach, feithiclí leictreacha hibrideacha gan luchtú seachtrach	--	Cineál tiomána mar a shainmhínítear i mír 6.3.1.2.(a) de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána
50	Cineál Adhainte	Áireamh Adhaint dheimhneach, Adhaint chomhbhrú	--	Cineál adhainte mar a thuairiscítear i mír 3.2.1.1. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
51	Modh Oibriúcháin Breosla	Áireamh (Aonbhreosla, Débhreosla, Ilbhreosla)	--	Cineál breosla feithicle mar a thuairiscítear i mír 3.2.2.4. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
52	Cineál Breosla breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Áireamh (Peitreal, Díosal, GPL, GN/Bithmheatán, Eatánól (E85), Hidrigin).	--	Cineál breosla mar a thuairiscítear i mír 3.2.2.1. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe. I gcás feithicil débhreosla agus feithicil ilbhreosla, liostaigh an dá bhreosla.
53	Cineál tras-seolta	Áireamh (Lámhoibrithe, Uathoibríoch, CVT (tras-seoladh athraitheach leanúnach))	--	Cineál tras-seolta mar a thuairiscítear i mír 4.5.1. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 na Náisiún Aontaithe
54	Toilleadh Innill	Uimhir	cm^3	Toilleadh Innill mar a thuairiscítear i mír 3.2.1.3 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe
55	An modh chun an t-inneall a bhreoslú breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Áireamh Díreach/ Indíreach/Díreach agus Indíreach		An modh chun an t-inneall a bhreoslú mar a dhearbhaíonn OEM. Mír 1.10.2 den Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn A2 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe

Tábla 2

Liosta Trédhearcachta 2

Réimse	An cineál sonraí	Tuairisc
Cineál-Malairt-Leagan (CML)	Téacs	Aitheantóir uathúil Chineál, Mhalairt, Leagan na feithicle
Aitheantas na hAicme PEMS	Téacs	Mír 6.5.2 de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí fíorthiomána
Déanamh	Téacs	Trádainm an mhonaróra
Ainm tráchtála	Téacs	Ainmneacha tráchtála an CML
Ainm eile	Téacs	Téacs saor
Catagóir agus aicme	Áireamh (M1, N1 aicme I, N1 aicme II, N1 aicme III, M2)	Catagóir agus aicme na feithicle

Réimse	An cineál sonraí	Tuairisc
Cabhalra	Áireamh (AA Salún; AB Feithicil chúlhaiste, AC Carr fada, AD Coupé, AE Feithicil inathraithe, AF Feithicil ilchuspóireach AG Truc fada BA Leoraí, BB Veain, BC Aonad tarracóra le haghaidh leathleantóra BD Tarracóir bóthair BE Truiclín BX Cábán fonnaidh nó cochall fonnaidh	Cineál cabhalra
Uimhir na Tástála um Chineálcheadú Astaíochtaí	Téacs	Uimhir cheadaithe Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe; Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le huimhir cheadaithe astaíochtaí fíorthiomána (más infheidhme)
Uimhir Chineálcheadaithe Lánfheithicle	Téacs	Aitheantóir an Chineálcheadithe Lánfheithicle
Aitheantas na hAicme Evap	Téacs	Mar a thuairiscítear i mír 0.2.3.7. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
Cumhacht Rátaithe Innill breosla 1, breosla 2 (más ábhartha)	Uimhir	Mír 3.2.1.8 d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
Boinn chúplacha	Tá/Níl	Dearbhaithe ag OEM
Toillte na nUmar Breosla (luachanna scoite)	Uimhir	Toilleadh an umair bhreosla/ toillte na n-umar breosla
Umar séalaithe	Tá/Níl	Mír 3.2.12.2.5.5.3. d'Iarscríbhinn A1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe
An t-aitheantóir monaróra domhanda a úsáidtear sa Chineálcheadú Lánfheithicle+CML seo	Téacs	Arna dhearbhú ag OEM (ISO 3779)
Aitheantóir Aicme OBM	Téacs	Mar a ghreamaítear sa Dearbhú maidir le Comhlíonadh OBM, EVP agus na gceanglas maidir le taispeáint infheithicle sonraí comhshaoil i Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM)

IARSCRÍBHINN 5

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh marthanacht ceallraí

1. Déanfaidh an monaróir na tástálacha comhréireachta inseirbhíse mar a thuairiscítear i mír 1 d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154. Féadfaidh údaráis fhreagracha agus comhlachtaí tríú páirtí eile tástálacha fíorúcháin inseirbhíse a dhéanamh.

2. Bailiú faisnéise

Cuirfidh an monaróir an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do na húdaráis i bhformáid atá le comhaontú idir na húdaráis agus an monaróir: tuarascáil bhliantúil maidir le héilimh bharánta ábhartha; agus staidreamh bliantúil maidir le deisiúcháin le haghaidh ceallraí agus córais eile araon a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ídiú fuinnimh leictrigh na feithicle. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil uair sa bhliain le haghaidh gach aicme marthanachta ceallraí ar feadh na tréimhse 8 mbliana tar éis an fheithicil dheireanach den aicme sin a tháirgeadh.

3. Cuid A: Monatóirí staid an fhuinnimh dheimhnithe nó staid an raoin dheimhnithe a fhíorú

3.1. Oibleagáidí ar an monaróir

3.1.1. Minicíocht an fhíoraithe

Cuirfidh an monaróir an nós imeachta maidir le fíorú le linn úsáide i gcrích le haghaidh Chuid A laistigh de 3 bliana tar éis an chéad fheithicil de gach aicme Chuid A a tháirgeadh agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin go dtí 8 mbliana tar éis an fheithicil dheireanach de gach aicme monatóra mar a shainmhínítear i mír 6.11.1.1. de Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe a tháirgeadh agus déanfaidh sé torthaí an fhíoraithe a thuairisciú do na húdaráis. Féadfaidh na húdaráis a chinneadh dul ar aghaidh lena bhfíorú féin ar Chuid A, ar mhinicíocht agus ar mhéid bunaithe ar mheasúnú riosca, nó tuilleadh faisnéise a iarraidh ar na monaróirí.

Ní bheidh fíorú na monatóirí sainordaitheach más lú ná 5 000 feithicil i bPáirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm sa bhliain féilire roimhe sin méid táirgeachta bliantúil d'aicme comhréireachta inseirbhíse a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol sna Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm. Féadfar na haicmí sin a roghnú fós lena dtástáil le haghaidh Chuid A, arna iarraidh sin do na húdaráis fhreagracha.

3.1.2. An nós imeachta fíorúcháin

Chun monatóirí staid an fhuinnimh dheimhnithe (SOCE) nó staid an raoin dheimhnithe (SOCR) a fhíorú, déanfar na luachanna le haghaidh raon leictreach agus UBE a thomhas tráth an fhíoraithe agus baileofar na luachanna gaolmhara ó na monatóirí roimh an nós imeachta tástála fíorúcháin. Chun tacú le feabhas a chur ar an Rialachán amach anseo, baileofar luachanna táscaire arís tar éis an nós imeachta tástála fíorúcháin. Ní dhéanfar na táscairí sin a léitear tar éis an nós imeachta tástála fíorúcháin a bhreithniú i bhfíorú Chuid A.

Cinnfear na luachanna SOCR tomhaiste agus SOCE tomhaiste trí na luachanna tomhaiste le haghaidh raon leictreach agus UBE a roinnt ar na luachanna deimhnithe le haghaidh raon leictreach agus UBE, faoi seach, agus sloinnfear na torthaí mar chéatadán.

$$SOCE_{tomhaiste} = \frac{UBE_{tomhaiste}}{UBE_{deimhnithe}} \cdot 100$$

$$SOCR_{tomhaiste} = \frac{Raon_{tomhaiste}}{Raon_{deimhnithe}} \cdot 100$$

I gcásanna ina bhfuil $UBE_{tomhaiste}$ níos airde ná an $UBE_{deimhnithe}$, socrófar an $SOCE_{tomhaiste}$ ag 100 faoin gcéad. I gcásanna ina bhfuil $Raon_{tomhaiste}$ níos airde ná an $Raon_{deimhnithe}$, socrófar an $SOCR_{tomhaiste}$ ag 100 faoin gcéad.

3.1.3. Modh Staidrimh le haghaidh cinneadh maidir le Pas/Teip le haghaidh sampla d'fheithiclí

Déanfar staidreamh ar leithligh a ríomh le haghaidh monatóir staid an raoin dheimhnithe agus monatóir staid an fhuinnimh dheimhnithe.

Roghnófar líon leordhóthanach feithiclí (3 ar a laghad agus nach mó ná 16) ón aicme monatóra chéanna le haghaidh tástála tar éis suirbhé feithicle (féach Foscríbhinn 1 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo) ina bhfuil faisnéis atá ceaptha chun a áirithiú go ndearnadh an fheithicil a úsáid agus a chothabháil i gceart de réir shonraíochtaí an mhonaróra. Úsáidfear an staidreamh seo a leanas chun cinneadh a dhéanamh maidir le cruinneas an mhonatóra.

Chun meastóireacht a dhéanamh ar mhonatóirí staid an raoin dheimhnithe (SOCR) nó staid an fhuinnimh dheimhnithe (SOCE), ríomhfar luachanna normalaithe:

$$x_i = SOCX_{léite,i} - SOCX_{tomhaiste,i}$$

I gcás inarb amhlaidh

$SOCX_{léite,i}$ an SOCR/SOCE ar bord a léitear ó fheithicil i; agus

$SOCX_{tomhaiste,i}$ an SOCR/SOCE tomhaiste d'fheithicil i.

Maidir leis an líon iomlán tástálacha N agus luachanna normalaithe na bhfeithiclí tástáilte, $x_1, x_2, \ldots x_N$, cinnfear an meán $X_{tástálacha}$ agus an diall caighdeánach s:

$$x_{tástálacha} = \frac{(x_1 + x_2 + x_3 + \ldots + x_N)}{N}$$

agus

$$s = \sqrt{\frac{(x_1 - x_{tástálacha})^2 + (x_2 - x_{tástálacha})^2 + \ldots + (x_N - x_{tástálacha})^2}{N-1}}$$

I gcás gach ceann de thástálacha N $3 \leq N \leq 16$, is féidir ceann amháin de na trí chinneadh seo a leanas a dhéanamh, i gcás ina socrófar an fachtóir A ag 5:

(a) Tabhair pas don aicme i gcás inarb amhlaidh $x_{tástálacha} \leq A - (t_{P1,N} + t_{P2,N}) \cdot s$

(b) Tabhair teip don aicme i gcás inarb amhlaidh $x_{tástálacha} > A + (t_{F1,N} - t_{F2}) \cdot s$

(c) Déan tomhas eile i gcás inarb amhlaidh:

$$A - (t_{P1,N} + t_{P2,N}) \cdot s < X_{tástálacha} \leq A + (t_{F1,N} - t_{F2}) \cdot s$$

i gcás ina dtógtar na paraiméadair $t_{P1,N}$, $t_{P2,N}$, $t_{F1,N}$, agus t_{F2} ó Thábla 3.

Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas cruinnis socraithe faoi láthair le haghaidh monatóir SOCR, ní ríomhfar staidreamh ar leithligh le haghaidh monatóirí SOCR chun críoch fíoraithe. Déanfar staidreamh ar leithligh le haghaidh an monatóir SOCR a ríomh a luaithe a shocrófar ceanglais chruinnis le haghaidh Chuid A i leasú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán seo.

Tábla 3

Critéir chinnidh maidir le pas agus teip le haghaidh an tsamplamhéid

	PAS		TEIP	
Tástálacha (N)	$t_{P1,N}$	$t_{P2,N}$	$t_{F1,N}$	t_{F2}
3	1,686	0,438	1,686	0,438
4	1,125	0,425	1,177	0,438
5	0,850	0,401	0,953	0,438
6	0,673	0,370	0,823	0,438
7	0,544	0,335	0,734	0,438
8	0,443	0,299	0,670	0,438
9	0,361	0,263	0,620	0,438

	PAS		TEIP	
Tástálacha (N)	$t_{P1,N}$	$t_{P2,N}$	$t_{F1,N}$	t_{F2}
10	0,292	0,226	0,580	0,438
11	0,232	0,190	0,546	0,438
12	0,178	0,153	0,518	0,438
13	0,129	0,116	0,494	0,438
14	0,083	0,078	0,473	0,438
15	0,040	0,038	0,455	0,438
16	0,000	0,000	0,438	0,438

3.1.4. Bearta ceartaitheacha le haghaidh monatóirí staid an raoin dheimhnithe agus staid an fhuinnimh dheimhnithe

Ciallaíonn cinneadh maidir le teip don sampla go dteipeann ar na monatóirí marthanacht an chórais a thuairisciú go cruinn agus déanfaidh an monaróir gníomhaíocht iomchuí le comhaontú an údaráis fhreagraigh. D'fhéadfadh ceanglas a bheith mar thoradh air sin go ndeiseoidh nó go n-athsholáthróidh an monaróir an monatóir fabhtach, lena n-áirítear na braiteoirí ábhartha, nó bearta bogearraí a chur i bhfeidhm i ngach feithicil dá ndéantar difear san aicme monatóra.

Is gá cinneadh maidir le pas nó ceartú a dhéanamh ar an neamhchomhlíonadh chun dul ar aghaidh le Cuid B. Ní bheidh cinneadh maidir le teip mar thoradh ar mhonatóirí staid an raoin dheimhnithe ach déanfar faireachán orthu d'fhonn na ceanglais chruinnis do Chuid A a shocrú i leasú a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán seo.

3.2. Féadfaidh an t-údarás ceadaithe a chinneadh tástáil Chuid A a dhéanamh mar a thuairiscítear sna míreanna ó 3.1.1. go 3.1.4.

4. Cuid B: Fíorú Marthanachta Ceallraí

4.1. Oibleagáidí na monaróirí:

4.1.1. Minicíocht an fhíoraithe

Baileoidh an monaróir sonraí go bliantúil ó shampla d'fheithiclí atá leordhóthanach ó thaobh staidrimh de laistigh den aicme marthanachta ceallraí chéanna, mar a shainmhínítear i mír 6.11.1.2. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, agus roghnófar an sampla go randamach ó dhálaí aeráide éagsúla. Féadfaidh an monaróir an cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon feithiclí sa sampla bunaithe ar mhodheolaíocht measúnaithe riosca, ach níor cheart, i bprionsabal, an líon sin a bheith níos lú ná 500.

Más lú ná 500 an líon feithiclí sa sampla, féadfar 5 faoin gcéad ar a mhéad de na luachanna a eisiamh ón sampla. I gcás den sórt sin, ní mór don mhonaróir dea-bhreithiúnas innealtóireachta a úsáid.

Má tá an líon feithiclí sa sampla cothrom le 500 nó níos mó ná sin, áireofar gach feithicil sa sampla. Is iad na sonraí a léifear na sonraí sin i monatóirí staid an raoin dheimhnithe agus staid an fhuinnimh dheimhnithe (agus sonraí ábhartha eile, amhail iad siúd a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe). Maidir le monatóirí staid an raoin dheimhnithe ar fheithiclí de chatagóir N agus monatóirí staid an raoin dheimhnithe ar fheithiclí de chatagóir M, ní bhaileofar iad ach amháin chun críoch faireacháin, fad nach bhfuil aon MPR le haghaidh staid an raoin dheimhnithe i dTábla 2 d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.1.2. Soláthróidh an monaróir deimhniú comhlíontachta do na húdaráis fhreagracha lena ndearbhaítear go gcomhlíonann an cineál feithicle na ceanglais mar a shonraítear i mír 1.3 d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.2. Féadfaidh údarás freagrach páirtí chonarthaigh a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a chinneadh fíorú Chuid B a dhéanamh. Sa chás sin, cuirfidh an monaróir na sonraí a bhailítear go bliantúil ar fáil do na húdaráis i bhformáid a chomhaontófar leis na húdaráis. As na sonraí sin, roghnófar sampla d'fheithiclí atá leordhóthanach ó thaobh staidrimh de laistigh den aicme marthanachta ceallraí chéanna go randamach ó dhálaí aeráide éagsúla. Féadfaidh an t-údarás freagrach an cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon feithiclí sa sampla bunaithe ar mhodheolaíocht measúnaithe riosca, ach níor cheart, i bprionsabal, an líon sin a bheith níos lú ná 500.

Más lú ná 500 an líon feithiclí sa sampla, féadfar 5 faoin gcéad ar a mhéad de na luachanna a eisiamh ón sampla, arna iarraidh sin don mhonaróir agus le comhaontú an údaráis fhreagraigh. I gcás den sórt sin, ní mór don mhonaróir faisnéis leordhóthanach a sholáthar don údarás maidir leis an gcúis atá leis an eisiamh le haghaidh gach feithicle.

Má tá an líon feithiclí sa sampla cothrom le 500 nó níos mó ná sin, áireofar gach feithicil sa sampla. Is iad na sonraí a léifear na sonraí sin i monatóirí staid an raoin dheimhnithe agus staid an fhuinnimh dheimhnithe (agus sonraí ábhartha eile, amhail iad siúd a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe). Maidir le monatóirí staid an raoin dheimhnithe ar fheithiclí de chatagóir N agus monatóirí staid an raoin dheimhnithe ar fheithiclí de chatagóir M, ní bhaileofar iad ach amháin chun críoch faireacháin, fad nach bhfuil aon MPR le haghaidh staid an raoin dheimhnithe i dTábla 2 d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.3. Critéir maidir le Pas/Teip le haghaidh na haicme marthanachta ceallraí

Gheobhaidh aicme marthanachta ceallraí pas má bhíonn níos mó ná 90 faoin gcéad de na luachanna faireacháin a léitear ón sampla feithiclí os cionn MPR*i* nó DPR*i*. Gheobhaidh aicme marthanachta ceallraí teip má bhíonn níos lú ná 90 faoin gcéad de na luachanna faireacháin a léitear ón sampla feithiclí os cionn MPR*i* nó DPR*i*.

5. Cuid C Fíorú an fhaid fhíorúil tuairiscithe

5.1. An nós imeachta fíorúcháin

Ní gá an fad fíorúil tuairiscithe a fhíorú ach amháin má tá an monaróir ag iarraidh rogha an fhaid fhíorúil choibhéisigh a chur i bhfeidhm. Chun an fad fíorúil a léitear ón bhfeithicil a bhaineann le haicme Chuid C mar a shainmhínítear i mír 6.11.1.3. de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a fhíorú, déanfar tástáil agus úsáid leordhóthanach ionadaíoch á baint as an bhfeithicil chun críoch V2X nó chun críoch neamhtharraingthe, más infheidhme, chun a fhíorú an bhfuil an méadú ar an bhfad fíorúil a thuairiscítear cruinn. Déanfar an fuinneamh díluchtaithe iomlán le linn na húsáide sin a thomhas chun an fad fíorúil tomhaiste a ríomh. Déanfaidh an t-údarás freagrach an cás úsáide nós imeachta fíorúcháin (lena n-áirítear an t-íosmhéid fuinnimh dhíluchtaithe a chomhfhreagraíonn d'fhad fíorúil 50 km ar a laghad) a chomhaontú agus a cheadú. Mura féidir fad fíorúil 50 km a bhaint amach le ceallra lánluchtaithe, socrófar an fad fíorúil is gá le haghaidh fíorúcháin ag luach a mholann an monaróir.

Tábla 4

Déanfar na céimeanna seo a leanas chun na torthaí fíorúcháin is gá a chinneadh:

Uimhir céime	Ionchur	Tuairisc	Aschur
Céim 1	N/B	Léigh an fad fíorúil tosaigh agus an t-ídiú fuinnimh deimhnithe sa chás is measa d'aicme Chuid B de réir Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	$d_{fíorúil,ar\text{-}bord,tosaigh}$ (km) $EC_{Cuid\ B}$ (Wh/km)
Céim 2	N/B	Déan an cás úsáide V2X agus tomhais an fuinneamh díluchtaithe	$E_{V2X,tomhaiste}$ (Wh)
Céim 3	N/B	Léigh an fad fíorúil deiridh de réir Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	$d_{fíorúil,ar\text{-}bord,deiridh}$ (km)

Uimhir céime	Ionchur	Tuairisc	Aschur
Céim 4	Ó Chéim 1: $d_{fíorúil,ar-bord,tosaigh}$ (km) $EC_{Cuid\ B}$ (Wh/km) Ó Chéim 2: $E_{V2X,tomhaiste}$ (Wh) Ó Chéim 3: $d_{fíorúil,ar-bord,deiridh}$ (km)	Ríomh deilte an fhaid fhíorúil ar bord: $\Delta d_{fíorúil,ar-bord} = d_{fíorúil,ar-bord,deiridh} - d_{fíorúil,ar-bord,tosaigh}$ Ríomh an fad fíorúil tomhaiste: $\Delta d_{fíorúil,tomhaiste} = \frac{E_{V2X,tomhaiste}}{EC_{Cuid\ B}}$	$\Delta d_{fíorúil,ar-bord}$ (km) $\Delta d_{fíorúil,tomhaiste}$ (km)

5.2. Pas nó teip maidir leis an bhfad fíorúil tuairiscithe

Déanfar cás úsáide comhaontaithe nós imeachta fíorúcháin (mar a luaitear i mír 5.1.) le líon leordhóthanach feithiclí (1 ar a laghad agus nach mó ná 4) a úsáidtear chun críoch V2X nó chun críoch neamhtharraingthe. Beidh teip ar an nós imeachta fíorúcháin mar thoradh ar fhíorú an fhaid fhíorúil tuairiscithe má tá deilte an fhaid fhíorúil tuairiscithe $\Delta d_{fíorúil,ar-bord}$ de réir Thábla 4 níos mó ná 5 faoin gcéad níos airde ná an fad fíorúil tomhaiste $\Delta d_{fíorúil,tomhaiste}$ de réir Thábla 4. Úsáidfear an staidreamh seo a leanas chun cinneadh a dhéanamh maidir le cruinneas an fhaid fhíorúil.

Chun críoch toradh pas/teipe a chinneadh maidir le sampla, is é 'p' áireamh na dtorthaí pasáilte, agus is é 'f' áireamh na dtorthaí teipthe. Le gach toradh tástála pasáilte, méadófar an líon 'p' faoi 1 le gach toradh tástála teipthe agus méadófar an líon 'f' faoi 1 le haghaidh an nós imeachta staidrimh ábhartha.

Nuair a ionchorprófar torthaí tástála fuinnimh V2X bailí i gcás oscailte den nós imeachta staidrimh, déanfaidh an t-údarás freagrach na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an samplamhéid charnach 'n' a nuashonrú, mar shampla, chun líon iomlán na dtástálacha bailí atá ionchorpraithe sa nós imeachta staidrimh a léiriú;

(b) tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí, líon na dtorthaí pasáilte 'p' agus líon na dtorthaí teipthe 'f' a nuashonrú;

(c) seiceáil ar thángthas ar chinneadh leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air thíos.

Braitheann an cinneadh ar an tsamplamhéid charnach 'n', áirimh na dtorthaí pasáilte agus teipthe 'p' agus 'f'. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le pas/teip sampla fíorúcháin, úsáidfidh an t-údarás freagrach an chairt chinnteoireachta i dTábla 5. Léiríonn an chairt an cinneadh atá le déanamh maidir le samplamhéid charnach 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Is féidir dhá chinneadh a dhéanamh maidir le nós imeachta staidrimh i gcás aicme áirithe feithiclí:

(a) Is é 'pas sampla' an toradh a thiocfar air nuair a thugtar toradh 'PAS' sa chairt chinnteoireachta i dTábla 5 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus líon na dtorthaí teipthe 'f'.

(b) Is é 'teip shampla' an cinneadh a thiocfar air, i gcás samplamhéid charnach áirithe 'n', nuair a thugtar cinneadh 'TEIP' sa chairt chinnteoireachta is infheidhme ó Thábla 5 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Mura dtagtar ar chinneadh, fanfaidh an nós imeachta staidrimh ar oscailt agus ionchorprófar torthaí breise ann go dtí go dtiocfar ar chinneadh.

Tábla 5

Cairt chinnteoireachta maidir le fíorú pas/teipe Chuid C

Áireamh na dtorthaí ar teipeanna iad 'f'	3			TEIP	TEIP
	2		GAN CHINNEADH	GAN CHINNEADH	PAS
	1	GAN CHINNEADH	PAS	PAS	PAS
	0	PAS	PAS	PAS	PAS
		1	2	3	4
		n			

Tabhair faoi deara: Ciallaíonn 'GAN CHINNEADH' nach bhfuil cinneadh déanta

5.3. Bearta ceartaitheacha maidir leis an bhfad fíorúil tuairiscithe


Ciallaíonn cinneadh maidir le teip don sampla go dteipeann ar (algartam) áireamháin an fhaid fhíorúil fad fíorúil an chórais a thuairisciú go cruinn agus déanfaidh an monaróir gníomhaíocht iomchuí le comhaontú an údaráis fhreagraigh. D'fhéadfadh ceanglas a bheith mar thoradh air sin go ndeiseoidh nó go n-athsholáthróidh an monaróir áireamhán fabhtach an fhaid fhíorúil i ngach feithicil dá ndéantar difear agus i ngach feithicil a bheidh ann amach anseo san aicme marthanachta ceallraí, chun faid fhíorúla a tuairiscíodh cheana don aicme sin a cheartú agus chun an nós imeachta maidir le fíorú Chuid B a dhéanamh an athuair chun an pas nó an teip a dheimhniú.

6. Sreabhchairteacha próisis le haghaidh Chuid A agus Chuid B

Léirítear leis na sreabhchairteacha thíos na céimeanna éagsúla i bpróiseas fíorúcháin Chuid A (Fíor 1) agus Chuid B (Fíor 2).


Fíor 1

Sreabhchairt le haghaidh Chuid A: Fíorú Monatóirí



Fíor 2

Sreabhchairt le haghaidh Chuid B: Fíorú Marthanachta Ceallraí



Iarscríbhinn 5 – Foscríbhinn 1

Suirbhé Feithicle

Úsáidfear an suirbhé feithicle le haghaidh gach feithicle a roghnaítear le haghaidh tástála i gCuid A d'fhíorú monatóirí staid an fhuinnimh dheimhnithe (SOCE) nó staid an raoin dheimhnithe (SOCR) mar a shainmhínítear i mír 3. den iarscríbhinn seo. Fágfar feithiclí a thagann faoi cheann de na critéir eisiaimh thíos as an áireamh ó thástáil, nó déanfar iad a nuashonrú ar shlí eile de réir na nósanna imeachta ar a dtugtar tuairisc thíos.

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairisc-the	Rúnda
Dáta:			x
Ainm an imscrúdaitheora:			x
Suíomh na tástála:			x
Tír chlárúcháin:		x	

Saintréithe na Feithicle

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairiscithe	Rúnda
Uimhirphláta:		x	x
Ní mór 'aois' agus 'fad a taistealaíodh' araon a bheith ag an bhfeithicil (a shainmhínítear mar an t-am atá caite tar éis an mhonaraithe) faoi bhun na gceann a cheanglaítear i mír 1.2. d'Iarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh an fhíoraithe MPR	x		
An PEV nó OVC-HEV í an fheithicil? Murab í: ní féidir an fheithicil a roghnú	x		
Dáta a monaraithe:		x	
Uimhir aitheantais feithicle:		x	
Aicme agus carachtar astaíochtaí nó bliain an chineáil		x	
Tír chlárúcháin: *Ní mór an fheithicil a bheith cláraithe i bPáirtí Conarthach*	x	x	
Samhail:		x	
Cód innill (i gcás inarb infheidhme):		x	
Toilleadh innill (l) (i gcás inarb infheidhme):		x	
Cumhacht innill (kW) (i gcás inarb infheidhme):		x	
Cód mótair leictrigh:		x	
Cumhacht mótair leictrigh (kW):		x	
Cineál gléasra cumhachta leictrigh		x	
Toilleadh fuinnimh agus cineál ceallra:		x	
Cineál giarbhosca (uathoibríoch/láimhe):		x	
Acastóir tiomána (tosaigh/uile/cúil):		x	

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairiscithe	Rúnda
Méid na mbonn (tosach agus cúl murab ionann):		x	
Meánídiú breosla le haghaidh OVC-HEVanna:		x	
An bhfuil an fheithicil páirteach i bhfeachtas aisghairme táirge nó i bhfeachtas seirbhíse? Má tá: Cé acu? An bhfuil na deisiúcháin feachtais déanta cheana féin? *Ní mór na deisiúcháin a bheith déanta sula roghnaítear an fheithicil.*	x	x	
Agallamh le hÚinéir na Feithicle *(ní chuirfear ach na príomhcheisteanna ar an úinéir agus ní bheidh aon eolas aige ar impleachtaí na bhfreagraí)*			
Ainm an úinéara (níl sé ar fáil ach don chomhlacht cigireachta creidiúnaithe nó don tsaotharlann/seirbhís theicniúil)			x
Sonraí teagmhála (seoladh / teileafón) (níl sé ar fáil ach don chomhlacht cigireachta creidiúnaithe nó don tsaotharlann/seirbhís theicniúil)			x
Cá mhéad úinéir a bhí ag an bhfeithicil?		x	
An é gur oibrigh an t-odaiméadar i gcónaí? *Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
An é gur úsáideadh an fheithicil le haghaidh ceann amháin díobh seo a leanas?			
Mar charr i seomra taispeántais?		x	
Mar thacsaí?		x	
Mar fheithicil seachadta?		x	
Le haghaidh rásaíochta/mótarspórt?	x		
Mar charr ar cíos?		x	
An é gur iompraíodh ualaí troma thar shonraíochtaí an mhonaróra san fheithicil? *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
An é go ndearnadh mórdheisiú innill, mótair leictrigh nó feithicle?		x	
An é go ndearnadh mórdheisiú neamhúdaraithe innill nó feithicle? *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
An é gur athraíodh nó gur deisíodh an ceallra tiomána? *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástála, ach ba cheart faisnéis a bhailiú*	x	x	
An é go ndearnadh méadú/tiúnáil chumhachta neamhúdaraithe? *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
An é gur modhnaíodh aon chuid den chóras iarchóireála astaíochtaí (i gcás inarb infheidhme)? *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú*	x		
Cá háit ar úsáideadh d'fheithicil níos minice?			
% mótarbhealach		x	
% faoin tuath		x	
% ceantar uirbeach		x	

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairiscithe	Rúnda
An é go ndearnadh cothabháil ar an bhfeithicil agus gur úsáideadh í i gcomhréir le treoracha an mhonaróra? *Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
An bhfuil stair iomlán seirbhíse agus deisiúcháin lena n-áirítear aon athoibriú ar fáil? *Mura féidir na doiciméid iomlána a sholáthar, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
Seiceálacha a bhaineann le ceallraí:			
Cé chomh minic a luchtaigh tú an fheithicil nuair a bhí: % ceallra beagnach ag luchtú 0 % ceallra luchtaithe go leath % ceallra beagnach luchtaithe go hiomlán	- - -	x x x	
Ar an meán, cé chomh minic agus a úsáideadh luchtairí tapa nó sárthapa in aghaidh na míosa?		x	
Cad é do mheastachán ar an gcéatadán ama a úsáideadh an fheithicil sna raonta teochta comhthimpeallaí seo a leanas: Faoi bhun - 7 °C: Idir - 7 °C agus 35 °C: Níos mó ná 35 °C:		x x x	
Scrúdú agus Cothabháil Feithicle ag an Ionad Tástála (úsáid na hiontrálacha ábhartha de réir an chineáil feithicle)	x = Critéir Eisiaimh	x = seiceáilte agus tuairiscithe	Ábhartha i gcás feithiclí leictreacha
Cén uair dheireanach a luchtaíodh an fheithicil go leordhóthanach*? *Mura ndearnadh an fheithicil a luchtú go leordhóthanach le linn na míosa deiridh (mar a léirítear le luachanna a léitear ón bhfeithicil faoi phointe 7 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn C1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe), ní mór í a chóiriú sula ndéanfar tástáil uirthi tríd an bhfeithicil a thiomáint fad nach lú ná 50 km agus ar bhealach a fhágann díluchtú 50 faoin gcéad ar a laghad de thoilleadh inúsáidte an cheallra, agus athluchtú iomlán a dhéanamh ina dhiaidh sin.* Tabhair faoi deara: * Sa chiall sin, ciallaíonn 'go leordhóthanach' gur luchtaíodh an fheithicil ar bhealach a shonraigh an monaróir as a dtiocfadh SOCE/SOCR cruinn	x		x
Leibhéal an umair breosla (lán/folamh) (i gcás inarb infheidhme) An é go bhfuil solas an chúltaca breosla lasta? *Más é, athbhreoslaigh roimh an tástáil.*		x	
An é go bhfuil aon solas rabhaidh ar an bpainéal ionstraimí gníomhachtaithe lena léirítear mífheidhmiú feithicle nó córais iarchóireála gáis sceite (i gcás inarb infheidhme) nach féidir a réiteach trí ghnáthchothabháil? (Mífheidhmiú Solais Táscaire, Solais Seirbhíse Innill etc?) *Más é, ní féidir an fheithicil a roghnú*	x		
An lastar an solas dí-ocsaídithe roghnaithigh catalaíoch (i gcás inarb infheidhme) tar éis an innill a adhaint? *Má lastar, ba cheart an t-imoibrí a líonadh, nó an deisiú a dhéanamh sula n-úsáidtear an fheithicil le haghaidh tástála.*	x		

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairiscithe	Rúnda
Amharc-chigireacht ar sceithchóras (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil an bhfuil sceitheadh idir an ilphíobán sceite agus deireadh na sceithphíopa. Seiceáil agus doiciméadaigh (le grianghraif) *Má tá damáiste nó sceitheadh ann, ní féidir an fheithicil a thástáil*	x		
Comhpháirteanna atá ábhartha maidir le gás sceite (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil agus doiciméadaigh (le grianghraif) na comhpháirteanna ábhartha astaíochtaí go léir le haghaidh damáiste. *Má tá damáiste ann, ní féidir an fheithicil a thástáil*	x		
Scagaire aeir agus scagaire ola (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil le haghaidh éillithe agus damáiste. Athraigh má tá damáiste nó éilliú mór ann nó má tá níos lú ná 800 km ann roimh an gcéad athrú molta eile.		x	
Rothaí (tosach agus cúl) Seiceáil an é go bhfuil na rothaí soghluaiste nó blocáilte nó srianta ag an gcoscán. *Mura bhfuil siad soghluaiste, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		TÁ
Criosanna tiomána & clúdach fuaraitheora *I gcás damáiste, ní féidir an fheithicil a thástáil.*	x		
Seiceáil leibhéil sreabháin (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil na leibhéil uasta agus íosta (ola innill, leacht fuaraithe) / breisigh má tá siad faoi bhun an íosleibhéil		x	
Píobáin folúis agus sreangú leictreach Seiceáil iad go léir le haghaidh sláine. *I gcás damáiste, ní féidir an fheithicil a thástáil.*	x		TÁ
Comhlaí/cáblú insteallta (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil na cáblaí agus na píobáin bhreosla go léir. *I gcás damáiste, ní féidir an fheithicil a thástáil.*	x		TÁ
Cábla adhainte (gásailín) (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil spréachphlocóidí, cáblaí, etc. I gcás damáiste, athsholáthair iad.		x	
Athshruthú an gháis sceite agus Catalaíoch, Scagaire Cáithníní (i gcás inarb infheidhme) Seiceáil na cáblaí, na sreanga agus na braiteoirí go léir. *I gcás crioscaíola nó damáiste, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		
Staid sábháilteachta Seiceáil an é go bhfuil na boinn, cabhlach na feithicle agus stádas an chórais leictrigh agus an chórais coscánaithe i staid shábháilte le haghaidh na tástála agus go n-urramaítear leo na rialacha maidir le trácht ar bhóithre. *Murab é, ní féidir an fheithicil a roghnú.*	x		TÁ
Leathleantóir An ann do cháblaí leictreacha le haghaidh nasc leathleantóra, nuair is gá?		x	TÁ
Seiceáil an bhfuil níos lú ná 800 km ón gcéad seirbhís sceidealta eile, má tá, déan an tseirbhís.		x	TÁ
Calabrú, uimhir pháirte agus suim sheiceála mhodúl um rialú cumhachta an ghléasra cumhachta		x	TÁ
Diagnóis DAB (roimh an tástáil raoin nó ina diaidh) Léigh Cóid Diagnóise Fabht & Priontáil loga earráidí		x	

	x = Critéir Eisiaimh	x = Seiceáilte agus tuairiscithe	Rúnda
Iarratas Mhód Seirbhíse 09 DAB (roimh an tástáil raoin nó ina diaidh) Léigh Modh Seirbhíse 09. Taifead an fhaisnéis.		x	
Modh Seirbhíse 7 DAB (roimh an tástáil raoin nó ina diaidh) Léigh Modh Seirbhíse 07. Taifead an fhaisnéis		x	

Nótaí maidir leis an méid seo a leanas: Deisiú / athsholáthar comhpháirteanna / uimhreacha páirteanna

IARSCRÍBHINN 6

Tástáil Chineál 3

(Astaíochtaí gás chás an chromáin a fhíorú)

1. Réamhrá

Tugtar tuairisc san iarscríbhinn seo ar an nós imeachta maidir le Tástáil Chineál 3 mar a shainítear i mír 5.3.3. den Rialachán seo.

2. Forálacha ginearálta

2.1. Déanfar tástáil Chineál 3, más gá, ar fheithicil ag a bhfuil inneall adhainte deimhní, a cuireadh faoi thástáil Chineál 1, mar a shonraítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.2. Áireofar ar na hinnill a thástáiltear innill sceithdhíonacha seachas na hinnill sin a dearadh ar bhealach go bhféadfadh sceitheadh beag a bheith ina chúis le fabhtanna oibriúcháin do-ghlactha (amhail innill dhá shorcóir chothroma).

2.3. Is iad na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair a úsáidfear na comhéifeachtaí atá le húsáid le haghaidh feithicil ísealéilimh ar fhuinnimh timthrialla (VL). Murab ann do VL, úsáidfear an t-ualach friotaíochta bóthair VH. Sa chás sin, saineofar VH i gcomhréir le mír 4.2.1.1.1 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. I gcás ina n-úsáidtear an modh idirshuímh, sonrófar VL agus VH i gcomhréir le mír 4.2.1.1.2 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an monaróir rogha a dhéanamh ualaí friotaíochta bóthair arna gcinneadh i gcomhréir le forálacha Fhoscríbhinn 7a nó Fhoscríbhinn 7b a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe a úsáid le haghaidh feithicil atá san áireamh san aicme idirshuímh.

3. Dálaí tástála

3.1. Déanfar réchasadh a rialú i gcomhréir leis na moltaí ón monaróir.

3.2. Déanfar an tomhas sna trí shraith coinníollacha seo a leanas d'oibriú an innill:

Uimhir an choinníll	Luas na feithicle [km/h]
1	Réchasadh
2	50 ±2 (sa tríú giar nó 'tiomáint')
3	50 ±2 (sa tríú giar nó 'tiomáint')

Uimhir an choinníll	Cumhacht ionsúite ag an gcoscán
1	Gan ceann ar bith
2	An cumhacht a chomhfhreagraíonn don socrú do thástáil Chineál 1, mar a shonraítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, ag 50 km/h
3	An chumhacht le haghaidh dhálaí Uimh. 2, agus an spriocualach friotaíochta bóthair iolraithe faoi fhachtóir 1,7

3.3. Ceanglais bhreise le haghaidh Feithiclí Leictreacha Hibrideacha

3.3.1. Tástálfar na feithiclí nuair a bheidh an t-inneall a ídíonn breosla ar siúl. Cuirfidh an monaróir 'modh seirbhíse' ar fáil lena bhféadfar an tástáil sin a dhéanamh.

3.3.2. Ní dhéanfar na tástálacha ach amháin le haghaidh choinníollacha 1 agus 2 de mhír 3.2. Murar féidir tástáil a dhéanamh ar choinníoll 2, ar chúis ar bith, ba cheart coinníoll luais sheasta eile (agus an t-inneall a ídíonn breosla ar siúl faoi ualach) a chur i gcrích.

4. Modh tástála

4.1. Maidir leis na coinníollacha oibríochta a liostaítear i mír 3.2. den iarscríbhinn seo, seiceálfar feidhm iontaofa chóras aeraithe chás an chromáin.

5. Modh fíoraithe chóras aerála chás an chromáin

5.1. Fágfar oscailtí an innill mar a fuarthas iad.

5.2. Déanfar an brú i gcás an chromáin a thomhas ag suíomh iomchuí. Moltar an brú a thomhas ag an bpoll na slaite tumtha, más féidir.

5.3. Measfar an fheithicil a bheith sásúil más rud é, i ngach coinníoll tomhais a shainítear i mír 3.2. den iarscríbhinn seo, nach dtéann an brú arna thomhas i gcás an chromáin thar an mbrú atmaisféarach atá ann tráth an tomhais.

5.4. Le haghaidh na tástála de réir an mhodha ar a dtugtar tuairisc thuas, déanfar an brú san ilphíobán ionduchtaithe a thomhas laistigh de ±1 kPa.

5.5. Déanfar luas na feithicle mar a léirítear ar an dinimiméadar go dtí laistigh de ±2 km/h.

5.6. Déanfar an brú a thomhaisfear i gcás an chromáin a thomhas go dtí laistigh de ±0,01 kPa.

5.7. Más rud é, i gceann amháin de na coinníollacha tomhais a shainítear i mír 3.2. den iarscríbhinn seo, go dtéann an brú arna thomhas i gcás an chromáin thar an mbrú atmaisféarach atá ann tráth an tomhais, déanfar tástáil bhreise mar a shainítear i mír 6 den iarscríbhinn seo má iarrann an monaróir amhlaidh.

6. Modh tástála breise

6.1. Fágfar oscailtí an innill mar a fuarthas iad.

6.2. Déanfar mála solúbtha atá neamh-thréscaoilteach ar gháis ó chás an chromán agus a bhfuil toilleadh de thuairim is cúig lítear aige a cheangal le poll na slaite tumtha. Beidh an mála folamh roimh gach tomhas.

6.3. Dúnfar an mála roimh gach tomhas. Osclófar é go dtí cás an chromáin ar feadh 5 nóiméad maidir le gach coinníoll tomhais a leagtar síos i mír 3.2. den iarscríbhinn seo.


6.4. Measfar an fheithicil a bheith sásúil más rud é, i ngach coinníoll tomhais a shainítear i mír 3.2. den iarscríbhinn seo, nach ndéanfar an mála a theannadh.

6.5. Nóta

6.5.1. Más rud é, mar gheall ar leagan amach struchtúrach an innill, nach féidir an tástáil a dhéanamh leis na modhanna ar a dtugtar tuairisc i míreanna 6.1. go 6.4. den iarscríbhinn seo, déanfar na tomhais tríd an modh sin arna mhodhnú mar a leanas:

6.5.2. Roimh an tástáil, dúnfar gach cró seachas an cró is gá chun na gáis a aisghabháil;

6.5.3. Cuirfear an mála ar asraon oiriúnach nach dtabharfaidh isteach aon chaillteanas breise brú agus atá suiteáilte ar chiorcad athchúrsála an ghairis go díreach ag oscailt nasctha an innill (féach an léaráid thíos).



IARSCRÍBHINN 7

Feistí cúblála agus straitéisí cúblála

1. Réamhrá

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na tástálacha, na modhanna agus na nósanna imeachta chun easpa feistí cúblála agus straitéisí cúblála a shuí mar a shonraítear i mír 3. den Iarscríbhinn seo.

1.2. Sonraítear san Iarscríbhinn seo freisin an doiciméadacht lena n-áirithítear faireachán agus forfheidhmiú cuí na rialacha a bhaineann le feistí cúblála agus straitéisí cúblála. Is é is aidhm dó sásraí rialaithe astaíochtaí a neartú, trédhearcacht a fheabhsú, agus a áirithiú go gcomhlíonann feithiclí ceanglais rialála ar feadh shaolré na bhfeithiclí, go háirithe na teorainneacha astaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaitheacha a leagtar amach i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe agus na coinníollacha tástála atá iontu, chomh maith leis an toirmeasc ar fheistí cúblála agus ar straitéisí cúblála.

1.3. Déantar foráil maidir le sonraíochtaí le haghaidh modheolaíochtaí, tástálacha agus nósanna imeachta a bhaineann le sláine sonraí, amhail cúbláil sonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí, i Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM).

1.4. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo freisin róil agus freagrachtaí le haghaidh na ngníomhaithe lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais rialála thuasluaite agus go gcuirfear toirmeasc ar fheistí cúblála agus ar straitéisí cúblála.

1.5. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ba cheart feistí cúblála agus straitéisí cúblála a fhorléiriú mar a leagtar amach i míreanna 2.41. agus 2.42. den Rialachán seo. Déanfar coincheap na straitéise cúblála a idirdhealú ó na coincheapa 'Bonnstraitéisí Astaíochtaí (BES)' agus 'Straitéisí Cúnta Astaíochtaí (AES)' faoi seach a shainmhínítear i míreanna 2.38. agus 2.39. den Rialachán seo faoi seach, agus a bhaineann le ceanglais doiciméadachta faoin Iarscríbhinn seo.

2. Ceanglais ghinearálta – tástálacha agus modheolaíochtaí

2.1. Agus tagairt á déanamh d'fhorálacha mhíreanna 2.41. agus 2.42. den Rialachán seo, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir (i) feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí (sceite, galaitheacha nó eile) agus (ii) feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le sláine sonraí.

2.2. Agus measúnú á dhéanamh ar chásanna a bhféadfadh úsáid feistí cúblála nó straitéisí cúblála le haghaidh astaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaithe a bheith i gceist leo, ba cheart measúnú agus léirmhíniú leathan a dhéanamh ar na cásanna sin. Aon ghaireas nó aon straitéis a laghdaíonn éifeachtacht teorainneacha astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad agus ceanglais maidir le dálaí tástála faoin Rialachán seo, agus a fhágann gur cosúil go bhfuil feithicil neamh-chomhlíontach comhlíontach nó a fhalsaíonn torthaí tástála, ba cheart iad a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh an ann d'fheistí cúblála nó straitéisí cúblála. Ba cheart d'údaráis Páirtí Chonarthaigh tástálacha scagtha agus bearta forfheidhmiúcháin tiomnaithe a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar dhul timpeall ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí.

2.3. Agus measúnú á dhéanamh ar chásanna den sórt sin mar chuid den chineálcheadú, ba cheart cásanna sonracha a idirdhealú agus a shainaithint ina bhfuil bonn cirt leis an laghdú ar éifeachtacht an rialaithe astaíochtaí sceite agus astaíochtaí galaithe ar chúiseanna teicniúla agus nach cúbláil is cúis leis. Tá sé sin ábhartha go háirithe i ndálaí tiomána atá cóngarach do cheann amháin nó níos mó de dhálaí teorann i dtástáil astaíochtaí rialáilte. I gcásanna den sórt sin, comhlíonfaidh monaróirí na critéir maidir le straitéisí rialaithe astaíochtaí a bhfuil údar teicniúil leo a dhearbhú nach bhfuil gníomhach ach amháin le haghaidh sraith shonrach dálaí comhthimpeallacha nó

oibriúcháin, agus ar an gcaoi sin déanfaidh siad doiciméadú agus míniú ar an laghdú ar éifeachtacht an rialaithe astaíochtaí is féidir a bhreathnú (mar shampla, d'fhéadfadh dáileadh an imoibrí stopadh ag teochtaí an-íseal mar gheall ar shrianta fisiceacha crua-earraí). Comhlíonfaidh na straitéisí astaíochtaí sin a bhfuil údar teicniúil leo critéir dhochta chun a léiriú go bhfuil siad inghlactha agus, dá bhrí sin, nach feiste chúblála ná straitéis chúblála iad. Sonraítear an mhodheolaíocht chun AES a mheasúnú agus a cheadú i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

2.4. Áiritheoidh monaróirí nach mbeidh aon fheithicil feistithe le feistí cúblála ná le straitéisí cúblála a bhaineann le sláine sonraí.

2.5. Ní thabharfaidh monaróirí nuashonruithe bogearraí ná calabrúcháin isteach lena ndéantar cúbláil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí, roimh iad a chur ar an margadh nó ina dhiaidh.

2.6. Déanfaidh monaróirí aon nuashonrú bogearraí agus calabrúcháin a dhéanann difear do shláine na sonraí a bhaineann le braiteoirí, ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí a nochtadh don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

3. Ceanglais theicniúla — doiciméadacht

3.1. Déanfaidh monaróirí Straitéisí Cúnta Astaíochtaí (AES) a dhoiciméadú tráth an chineálcheadaithe. Chun go mbeidh na húdaráis chineálcheadaithe in ann measúnú a dhéanamh ar úsáid chuí AES, i bhfianaise an toirmisc ar fheistí cúblála agus ar straitéisí cúblála, soláthróidh an monaróir pacáiste doiciméadachta leathnaithe, mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

3.2. Fanfaidh an doiciméadacht leathnaithe go hiomlán faoi rún. Féadfaidh an t-údarás ceadaithe é a choinneáil, nó, de rogha an údaráis ceadaithe, féadfaidh an monaróir é a choinneáil. I gcás ina gcoinníonn an monaróir an pacáiste doiciméadachta, déanfaidh an t-údarás ceadaithe an pacáiste sin a shainaithint agus a dhátú a luaithe a dhéanfar é a athbhreithniú agus a cheadú. Cuirfear ar fáil é lena iniúchadh ag an údarás ceadaithe tráth an cheadaithe nó tráth ar bith le linn bhailíocht an cheadaithe.

3.3. Cuirfidh monaróirí pacáiste doiciméadachta foirmiúil ar fáil do na húdaráis ceadaithe freisin, mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, ina mbeidh faisnéis maidir le AES/BES a chuirfeadh ar a chumas do thástálaí neamhspleách a shainaithint an féidir na hastaíochtaí a thomhaistear a chur i leith AES nó BES nó an bhféadfadh sé gurb é feiste chúblála nó straitéis chúblála is cúis leo.

3.4. Cuirfidh monaróirí an pacáiste doiciméadachta foirmiúil ar fáil do gach údarás cineálcheadaithe, seirbhís theicniúil, údarás um fhaireachas margaidh, tríú páirtithe aitheanta agus don Choimisiún Eorpach, nó a choibhéis do Pháirtithe Conarthacha eile, arna iarraidh sin.

3.5. Tabharfaidh monaróirí táscaire isteach (bratach AES nó uaineadóir) chun a léiriú cén uair a ritheann feithicil i mód ina bhfuil AES atá doiciméadaithe sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe gníomhach seachas modh BES. Beidh an táscaire ar fáil trí phort srathach nascóra dhiagnóisigh chaighdeánaigh ar iarraidh ó scan-uirlis chineálach. Is tríd an bpacáiste doiciméadachta foirmiúil a bheifear in ann an AES atá ag rith a aithint.

4. Róil agus freagrachtaí

4.1. Leagtar amach sa mhír seo róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe lena mbaineann chun comhlíontacht na gceanglas rialála a áirithiú:

— I gcás monaróirí feithiclí: tugtar isteach léi critéir chun straitéisí cúnta rialaithe astaíochtaí a bhfuil údar leo a dhearbhú, ar straitéisí iad atá gníomhach chun críche sonraí agus mar fhreagairt ar thacar sonrach dálaí comhthimpeallacha nó oibriúcháin. Comhlíonfaidh na straitéisí rialaithe astaíochtaí sin critéir dhochta theicniúla chun a léiriú nach feiste chúblála ná straitéis chúblála iad.

— I gcás na n-údarás cineálcheadaithe: tugtar isteach leis critéir chun straitéisí rialaithe astaíochtaí a bhfuil údar teicniúil leo a cheadú. Braitheann ceadú na straitéisí rialaithe astaíochtaí sin ar choincheap na ‘Straitéisí Cúnta Astaíochtaí’(AES), atá oiriúnaithe ó chreat dlíthiúil Euro 6. Tacaíonn an Iarscríbhinn seo le doiciméadú AES agus soiléiríonn sí a ról maidir le cabhrú le hastaíochtaí a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu trí chórais faireacháin ar bord (OBM).

— I gcás údaráis Páirtí Chonarthaigh: leagtar amach ann creat chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhrath trí úsáid a bhaint as tástálacha scagtha agus bearta forfheidhmiúcháin tiomnaithe.

— I gcás tríú páirtithe aitheanta agus údaráis réigiúnacha: leagtar amach ann róil maidir le tástálacha scagtha a dhéanamh.

4.2. Róil agus freagrachtaí monaróirí feithiclí

4.2.1. Áiritheoidh monaróirí nach mbeidh feistí cúblála ná straitéisí cúblála ann a bhaineann le hastaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo: áiritheoidh monaróirí nach mbeidh aon fheithicil feistithe le feistí ná straitéisí cúblála.

4.2.2. Déanfaidh monaróirí nuashonruithe bogearraí ar fheithiclí inseirbhíse a dhoiciméadú, ar nuashonruithe iad lena laghdaítear éifeachtacht na straitéisí rialaithe astaíochtaí tar éis an chineálcheadaithe.

4.2.3. Déanfaidh monaróirí aon nuashonrú nó calabrúchán bogearraí a dhéanann difear do chórais rialaithe astaíochtaí sceite a nochtadh don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

4.2.4. Déanfaidh monaróirí Straitéisí Cúnta Astaíochtaí (AES) a dhoiciméadú mar chuid de chineálcheadú mar a shonraítear i mír 3 ‘Ceanglais theicniúla – doiciméadacht’.

4.2.5. Oibreoidh an monaróir i gcomhar leis an údarás cineálcheadaithe chun ligean dóibh suas le 5 AES ar a mhéad a roghnú a ndéanfaidh OBM faireachán orthu de réir Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM).

4.3. Róil agus freagrachtaí na n-údarás cineálcheadaithe

4.3.1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe réamh-mheasúnú ar AES le haghaidh cineálacha nua feithiclí maidir le hastaíochtaí, arna iarraidh sin don mhonaróir, agus roghnóidh sé AES de réir mhír 4.2.5. Sa chás sin, soláthrófar an doiciméadacht ábhartha don údarás cineálcheadaithe idir 2 mhí agus 12 mhí roimh thús an phróisis cineálcheadaithe.

4.3.2. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe réamh-mheasúnú bunaithe ar an bpacáiste doiciméadachta leathnaithe, mar a thuairiscítear i bpointe (b) d’Fhoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, arna sholáthar ag an monaróir. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe an réamh-mheasúnú i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuairiscítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe imeacht ón modheolaíocht sin i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a mbeidh údar cuí leo.

4.3.3. Beidh an réamh-mheasúnú ar AES do chineálacha nua feithiclí a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí fós bailí chun críocha cineálcheadú ar feadh tréimhse 18 mí. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe síneadh 12 mhí eile a chur leis an tréimhse sin arna iarraidh sin don mhonaróir.

4.3.4. I gcomhar leis an monaróir, roghnóidh an t-údarás cineálcheadaithe suas le 5 AES ar a mhéad a ndéanfaidh OBM faireachán orthu de réir Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM). Le roghnú AES, tabharfar tosaíocht do na AESanna sin a bhfuil an tionchar ionchasach is mó acu trí mheascán dá n-éifeacht ar astaíochtaí nuair atá siad gníomhach agus an ráta gníomhachtaithe is mó a bhfuil coinne leis agus na feithiclí á n-úsáid.

4.3.5. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe an pacáiste doiciméadachta leathnaithe a shainaithint agus a dhátú. Má choimeádann an t-údarás cineálcheadaithe an pacáiste doiciméadachta leathnaithe, coinneofar é ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis dheonú an cheadaithe.

4.3.6. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe meastóireacht ar dhoiciméadacht nuashonruithe bogearraí lena laghdaítear éifeachtacht na straitéisí rialaithe astaíochtaí tar éis cineálcheadaithe agus cuirfidh sé síneadh leis an gceadú de réir mar is iomchuí fad a leanfar de na ceanglais a chomhlíonadh.

4.3.7. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe feidhmiúlacht bhratach nó uaineadóir AES a thástáil chun a léiriú nuair a ritheann feithicil i mód AES seachas i mód BES.

4.3.8. Áiritheoidh na húdaráis chineálcheadaithe go ndéanfar measúnú comhchuibhithe ar Straitéisí Cúnta Astaíochtaí (AES). Tiomsóidh Fóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach liosta gach bliain de AESanna ar mheas na húdaráis chineálcheadaithe nach raibh siad inghlactha, agus cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an liosta sin ar fáil don phobal faoi dheireadh mhí an Mhárta na bliana dár gcionn ar a dhéanaí, ar eagla go raibh AESanna ann a mheas an Fóram nó eintiteas comhchosúil nach raibh siad inghlactha.

4.4. Róil agus freagrachtaí údarás Páirtí Chonarthaigh

4.4.1. Féadfaidh údaráis Páirtí Chonarthaigh tástálacha scagtha a dhéanamh chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí a bhrath.

4.4.2. Ba cheart d'údaráis Páirtí Chonarthaigh cinneadh a dhéanamh de réir an cháis maidir leis na modhanna is oiriúnaí, bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí lena mbreithnítear neamhchomhlíonadh féideartha, an dóchúlacht go dtarlóidh sé, agus táscairí féideartha eile, amhail déine an tarlaithe.

4.4.3. D'fhéadfadh dhá chás ar leith a bheith san áireamh sa chuardach ar fheistí cúblála nó straitéisí cúblála:

Cás A) 'Brath teorann': feistí cúblála nó straitéisí cúblála a úsáideann na teorainneacha tástála rialáilte nó ionadaigh díobh mar spreagadh (amhail teocht chomhthimpeallach, airde, fad an turais, breosla ídithe agus raonta dinimice tiomána) nó;

Cás B) 'Brath tástála': feistí cúblála nó straitéisí a spreagtar le trealamh tástála (e.g. méadú cúlbhrú ag an sceithphíopa, comharthaí ar chúlbhraiteoirí ultrasonacha, nasc taifeadáin sonraí ar an bport diagnóisic ar bord) nó suíomh na feithicle (i.e., aon rud a chuireann in iúl don fheithicil go bhfuil sí á tástáil ar an mbóthar i gcomhair astaíochtaí sceithphíopa). Tá feidhm ag na feistí cúblála nó na straitéisí cúblála 'braite tástálacha' sin go príomha maidir le tástálacha ar bhóthar le PEMS, ós rud é gur gnách gur gá d'fheithiclí a thástáiltear sa tsaotharlann 'mód dinimiméadair fonnaidh' speisialta a úsáid chun tástáil astaíochtaí a cheadú gan gairis sábháilteachta a spreagadh, etc.

4.4.4. Maidir le gach feachtas tástála scagtha, is gá, ar a laghad, tástáil na feithicle leis na modheolaíochtaí rialála a áireamh. Is céim thábhachtach í sin chun a áirithiú go bhfuil an fheithicil saor ó mhífheidhmiú, ó dhroch-chothabháil nó ó shaincheisteanna comhchosúla eile, nithe a mhéadódh leibhéal na n-astaíochtaí go míchuí.

4.4.5. Chun láithreacht feistí cúblála nó straitéisí cúblála de réir Chás A a bhrath, is gá na feithiclí a thástáil faoi athruithe ar na dálaí tástála rialáilte dá dtagraítear mar 'mhódúlachtaí'. Ní shocraítear an tacar módúlachtaí ach coinnítear ar oscailt iad mar gheall ar an ngá atá le hiompraíochtaí teicneolaíochta sonracha a bhrath mar fhreagairt ar shraith chasta paraiméadar agus ar an ngá atá le saintréith dhothuartha a choinneáil.

4.4.6. Déanfaidh údaráis Páirtí Chonarthaigh an toirmeasc ar fheistí cúblála agus ar straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí a fhorfheidhmiú. Má shainaithnítear feiste chúblála nó straitéis chúblála a bhaineann le hastaíochtaí, rachaidh údaráis um fhaireachas margaidh ar aghaidh i gcomhréir le Caibidil XI maidir le Clásail Chosanta de Rialachán (AE) 2018/858 nó le forálacha coibhéiseacha i bPáirtithe Conarthacha eile.

4.4.7. Áiritheoidh údaráis Páirtí Chonarthaigh go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na critéir chun measúnú a dhéanamh ar thástálacha scagtha ag féachaint don leagan is déanaí den treoraíocht neamhcheangailteach ábhartha a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach nó a choibhéis le haghaidh Páirtithe Conarthacha eile agus don fhaisnéis atá ar fáil laistigh d'Fhóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach eile.

4.5. Róil agus freagrachtaí Páirtithe Conarthacha agus tríú páirtithe aitheanta

4.5.1. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha agus tríú páirtithe aitheanta tástálacha scagtha a dhéanamh chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le hastaíochtaí a bhrath de réir mhír 4.4.1..

Iarscríbhinn 7 – Foscríbhinn 1

Modheolaíocht chun AES agus BES a mheasúnú agus a cheadú

Soláthraítear san fhoscríbhinn seo cur chuige struchtúrtha chun measúnú agus a dhéanamh ar Straitéisí Cúnta Astaíochtaí (AES) agus ar Bhonnstraitéisí Astaíochtaí (BES) agus chun iad a cheadú.

1. Doiciméadacht AES agus BES

1.1. Cuirfidh monaróirí tuairisc theicniúil ar a BESanna san áireamh sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe i gcomhréir le Foscríbhinn 2.

1.2. Déanfaidh monaróirí gach AES a dhoiciméadú, agus d'fhéadfaí AESanna áirithe a fhágáil ar lár de réir mhír 1.5. Tabharfaidh monaróirí údar le húsáid AES atá doiciméadaithe bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

a. Tá gá le AES chun an fheithicil a oibriú go sábháilte.

b. Tá gá le AES chun damáiste tobann doleigheasta do chomhpháirt gléasra cumhachta ([1]) a sheachaint.

c. Níl AES gníomhach ach amháin nuair a thosaítear an t-inneall.

d. Tá gá le AES mar gheall ar theorainneacha fisiceacha an chórais rialaithe astaíochtaí.

1.3. I gcás gach AES atá doiciméadaithe, cuirfidh monaróirí an méid seo a leanas isteach:

— Tuairisc ar spreagadh teicniúil maidir le AES. Tabharfar bunús leis sin le fianaise thacaíochta, amhail tástálacha marthanachta nó anailísí riosca, lena léireofar an fáth a bhfuil gá teicniúil le AES;

— Tuairisc ar na dálaí beachta as a n-eascraíonn gníomhachtú agus díghníomhachtú AES. Áireofar leis sin, de réir mar is iomchuí, paraiméadair innill, paraiméadair chomhthimpeallacha agus aon choinníoll ábhartha eile;

— Meastachán ar astaíochtaí agus ar thionchar CO_2 AES nuair a bhíonn sé gníomhach;

— Meastachán ar ráta gníomhachtaithe ionchasach AES agus na feithiclí in úsáid.

1.4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.3 san áireamh sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe i gcomhréir le Foscríbhinn 2.

1.5. Féadfaidh monaróirí aon AES a fhágáil ar lár ón bpacáiste doiciméadachta leathnaithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

— Ní bhíonn sárú teorainnluachanna a shainítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe mar thoradh ar AES agus é gníomhach;

— Ní laghdaíonn AES éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí agus é gníomhach;

— Áirítear go substaintiúil sna nósanna imeachta tástála na coinníollacha as a n-eascraíonn gníomhachtú AES.

2. Measúnú ar AES agus BES

2.1. Ceadóidh na húdaráis BES a chomhlíonann ceanglais doiciméadachta mhír 1.1.

([1]) Mar a shainmhínítear i Rún Frithpháirteach Uimh. 2 (M.R.2) de Chomhaontuithe 1958 agus 1998 CEE-NA.

2.2. Ceadóidh na húdaráis AES atá doiciméadaithe má tá údar teicniúil leis mar gheall ar chritéar amháin nó níos mó faoi mhír 1.2, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir seo a leanas freisin:

— Tá an spreagadh teicniúil le haghaidh AES sásúil agus tacaíonn fianaise iomchuí leis;

— Socraítear na coinníollacha as a n-eascraíonn gníomhachtú agus díghníomhachtú AES de réir shaintréithe teicniúla na gcóras rialaithe astaíochtaí lena mbaineann agus ní de réir na gcoinníollacha teorann ná coinníollacha eile a chumhdaítear le tástáil rialála.

3. Ceadú AES agus BES

Ceadóidh an t-údarás cineálcheadaithe AES agus BES arna gcur isteach ag an monaróir bunaithe ar ábhar an phacáiste doiciméadachta leathnaithe.

Beidh an pacáiste doiciméadachta leathnaithe teoranta do 100 leathanach.

Is féidir an pacáiste doiciméadachta méadaithe a chomhlánú le hiarscríbhinní agus le doiciméid eile i gceangal, ina mbeidh eilimintí breise agus comhlántacha, i gcás inar gá. Seolfaidh an monaróir leagan comhdhlúite nua den phacáiste doiciméadachta leathnaithe (le hathruithe rianaithe) chuig an údarás cineálcheadaithe gach uair a dhéantar athruithe ar AES. Déanfaidh an údarás cineálcheadaithe an leagan nua de AES a mheasúnú agus a cheadú.

Áireofar sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe dearbhú maidir leis na leaganacha bogearraí agus na calabrúcháin a úsáidtear chun AES/BES sin a rialú, lena n-áirítear suimeanna seiceála nó luachanna tagartha iomchuí na leaganacha bogearraí agus na gcalabruithe sin, chomh maith le treoracha don údarás maidir le conas na suimeanna seiceála nó na luachanna tagartha a léamh; tabharfar an dearbhú cothrom le dáta agus seolfar é chuig an údarás cineálcheadaithe ag a bhfuil an pacáiste doiciméadachta leathnaithe sin gach uair a bheidh leagan nó calabrú nua bogearraí ann a bhfuil tionchar aige ar AES/BES. Féadfaidh monaróirí a iarraidh go n-úsáidfí suim sheiceála eile má sholáthraíonn sé leibhéal coibhéiseach inrianaitheachta le haghaidh leagan bogearraí agus bainistíocht calabrúcháin.

Áireofar sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe freisin dearbhú ón monaróir maidir le heaspa feistí cúblála nó straitéisí cúblála. Ní bheidh ceadú an phacáiste doiciméadachta leathnaithe ina chruthúnas ar easpa feistí cúblála ná straitéisí cúblála.

Iarscríbhinn 7 – Foscríbhinn 2

Pacáistí Doiciméadachta

Pacáiste Doiciméadachta Foirmiúil

Féadfaidh an monaróir pacáiste doiciméadachta foirmiúil amháin a úsáid le haghaidh roinnt mhaith cineálcheaduithe astaíochtaí. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa phacáiste doiciméadachta foirmiúil:

Pointe	Míniú
1. Uimhir/Uimhreacha Cineálcheadaithe Astaíochtaí	Liosta na huimhreach/na n-uimhreacha cineálcheadaithe astaíochtaí a chumhdaítear leis an dearbhú BES-AES seo: lena n-áirítear tagairt cineálcheadaithe, tagairt bogearraí, uimhir chalabrúcháin, suimeanna seiceála gach leagain agus gach aonaid rialaithe, amhail cinn innill agus iarchóireála
Modh chun an leagan bogearraí agus calabrúcháin a léamh	e.g. míniú ar an uirlis scanta
2. Bonnstraitéis Astaíochtaí	
BES x	Tuairisc ar straitéis x
BES y	Tuairisc ar straitéis y
3. Straitéisí Cúnta Laghdaithe Astaíochtaí	
Léiriú AESanna	Naisc ordlathacha i measc AES: cé acu AES a bhfuil tosaíocht aige má tá níos mó ná ceann amháin ann
AES x	— Tuairisc ar AES agus údar leis — Paraiméadair thomhaiste agus/nó samhaltaithe le haghaidh ghníomhachtú AES — Paraiméadair eile a úsáidtear chun AES a ghníomhachtú — Méadú ar thruailleán agus astaíochtaí CO_2 agus AES á húsáid i gcomparáid le BES — Meastachán ar ráta gníomhachtaithe ionchasach AES agus na feithiclí in úsáid
AES y	Mar atá thuas

Pacáiste Doiciméadachta Méadaithe

Leagfar an pacáiste doiciméadachta méadaithe amach mar seo a leanas:

Pacáiste Doiciméadachta Leathnaithe le haghaidh Iarratas AES Uimh. YYY/OEM

Páirteanna	Mír	Pointe	Míniú
Doiciméid tosaigh		Litir aitheantais chuig TAA	Tagairt an doiciméid, lena n-áirítear an leagan, dáta eisiúna an doiciméid, síniú an duine ábhartha in eagraíocht an mhonaróra
		Tábla déanta leaganacha	Ábhar na modhnuithe i ngach leagan: agus cén chuid atá á modhnú
		Tuairisc ar na cineálacha (astaíochta) lena mbaineann	
		Tábla na ndoiciméad i gceangal	Liosta na ndoiciméad uile atá i gceangal

Páirteanna	Mír	Pointe	Míniú
		Crostagairtí	(Léirigh an áit le gach ceanglas den rialachán a aimsiú)
		Dearbhú maidir le heaspa feistí cúblála agus straitéisí cúblála	+ síniú
Príomhdhoicim-éad	0	Acrainmneacha/giorrúcháin	
	1	TUAIRISC GHINEARÁLTA	
	1.1	Léiriú ginearálta an innill	Tuairisc ar na príomh-shaintréithe: díláithriú, iarchóireáil, ...
	1.2	Ailtireacht ghinearálta córais	Blocléaráid córais: liosta braiteoirí agus gníomhróirí, míniú ar fheidhmeanna ginearálta an innill
	1.3	Léamh an leagain bogearraí agus calabrúcháin	e.g. míniú ar an uirlis scanta
	2	Bonnstraitéis Astaíochtaí	
	2.x	BES x	Tuairisc ar straitéis x
	2.y	BES y	Tuairisc ar straitéis y
	3	Straitéisí Cúnta Laghdaithe Astaíochtaí	
	3.0	Léiriú AESanna	Naisc ordlathacha i measc AESanna: tuairisc agus údar (e.g. sábháilteacht, iontaofacht, etc.)
	3.x	AES x	3.x.1— údar le AES 3.x.2— paraiméadair thomhaiste agus/nó shamhaltaithe le haghaidh shaintréithriú AES 3.x.3— Modh gníomhaíochta na bparaiméadar AES a úsáidtear 3.x.4— Éifeacht AES maidir le truailleáin agus CO_2 3.x.5— Meastachán ar ráta gníomhachtaithe ionchasach AES agus na feithiclí in úsáid
	3.y	AES y	3.y.1 3.y.2 etc.
		críochnaíonn an teorainn 100 leathanach anseo	
	Iarscríbhinn		An liosta cineálacha a chumhdaítear leis an BES-AES seo: lena n-áirítear tagairt don chineálcheadú, tagairt do bhogearraí, uimhir chalabrúcháin, suimeanna seiceála gach leagain agus gach aonad rialaithe (inneall agus/nó iarchóireáil más ann dó)

Páirteanna	Mír	Pointe	Míniú
Doiciméid i gceangal		Nóta teicniúil le haghaidh údar le AES nº xxx	Measúnú riosca nó údar trí thástáil nó sampla de dhamáiste tobann, más ann dó
		Nóta teicniúil le haghaidh údar le AES nº yyy	
		Tuairisc thástála le haghaidh chainníocht shonrach thionchar AES	Tuarascáil tástála maidir leis na tástálacha sonracha uile a rinneadh chun údar a thabhairt le AES, mionsonraí faoi na dálaí tástála, tuairisc ar an bhfeithicil, dáta na dtástálacha, tionchar astaíochtaí agus/nó CO_2 le gníomhachtú AES agus gan gníomhachtú AES

IARSCRÍBHINN 8

Tástáil Chineál 6

(Meánastaíochtaí sceite aonocsaíde carbóin agus hidreacarbóin a fhíorú tar éis tosú fuar ag teocht chomhthimpeallach íseal)

1. Réamhrá

Níl feidhm ag an iarscríbhinn seo ach amháin maidir le feithiclí ina bhfuil innill adhainte deimhní. Tugtar tuairisc ann ar an trealamh is gá agus ar an nós imeachta le haghaidh thástáil Chineál 6 a shainítear i mír 5.3.5. den Rialachán seo chun astaíochtaí aonocsaíde carbóin agus hidreacarbón a fhíorú ag teochtaí comhthimpeallacha ísle. Áirítear na nithe seo a leanas ar na hábhair a dtugtar aghaidh san iarscríbhinn seo:

(a) Ceanglais maidir le trealamh;

(b) Dálaí tástála;

(c) Nósanna imeachta tástála agus ceanglais sonraí.

2. Trealamh tástála

2.1. Achoimre

2.1.1. Baineann an chaibidil seo leis an trealamh is gá le haghaidh tástálacha astaíochtaí sceite ag teocht chomhthimpeallach íseal ar fheithiclí innill adhainte deimhní. Tá an trealamh is gá agus na sonraíochtaí coibhéiseach leis na ceanglais le haghaidh thástáil Chineál I bunaithe ar NEDC mar a shonraítear in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo, ag na foscríbhinní a ghabhann leis, mura leagtar síos ceanglais shonracha le haghaidh thástáil Chineál 6. I míreanna 2.2. go 2.6. den iarscríbhinn seo, tugtar tuairisc ar na diallais is infheidhme maidir le tástáil teochta comhthimpeallaí ísle Chineál 6.

2.2. Raon rollach

2.2.1. Tá feidhm ag ceanglais Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo. Coigeartófar an dinimiméadar chun oibriú feithicle ar an mbóthar ag 266 K (-7 °C) a ionsamhlú. Féadfaidh an coigeartú sin a bheith bunaithe ar chinneadh phróifíl an ualaigh friotaíochta bóthair ag 266 K (-7 °C). De rogha air sin, féadfar an fhriotaíocht tiomána arna cinneadh a chinntear de réir Fhoscríbhinn 7 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo a choigeartú le haghaidh laghdú 10 faoin gcéad ar an am luasmhoillithe saor-rothlaithe. Féadfaidh an tseirbhís Theicniúil úsáid modhanna eile a cheadú chun an fhriotaíocht tiomána a chinneadh.

2.2.2. I gcás chalabrú an dinimiméadair, tá feidhm ag forálacha Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

2.3. Córas samplála

2.3.1. Tá feidhm ag forálacha Fhoscríbhinn 2 agus Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

2.4. Trealamh anailíseach

2.4.1. Tá feidhm ag forálacha Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo, ach níl feidhm acu ach amháin maidir le haonocsaíd charbóin, dé-ocsaíd charbóin, agus tástáil iomlán hidreacarbóin.

2.4.2. I gcás chalabrú an trealaimh anailísigh, tá feidhm ag forálacha Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

2.5. Gáis

2.5.1. Tá feidhm ag forálacha mhír 3 d'Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo, i gcás ina bhfuil siad ábhartha.

2.6. Trealamh breise

2.6.1. I gcás trealamh a úsáidtear chun toirt, teocht, brú agus bogthaise a thomhas, tá feidhm ag na forálacha i mír 4.6 d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

3. Seicheamh tástála agus breosla

3.1. Ceanglais ghinearálta

3.1.1. Léirítear sa seicheamh tástála i bhFíor A8/1 na céimeanna a ghlactar nuair a dhéantar nósanna imeachta thástáil Chineál 6 ar an bhfeithicil tástála. Is é seo a leanas meán na leibhéal teochta comhthimpeallacha a bheidh ag an bhfeithicil tástála: 266 K (-7 °C) ± 3 K agus ní bheidh siad níos ísle ná 260 K (-13 °C), nó níos airde ná 272K (-1 °C).

Ní fhéadfaidh an teocht titim faoi bhun 263 K (-10 °C) ná a bheith níos airde ná 269 K (-4 °C) ar feadh níos mó ná 3 nóiméad as a chéile.

3.1.2. Teocht na cille tástála a ndéantar faireachán uirthi le linn na tástála, déanfar í a thomhas ag aschur an ghaothráin fuaraithe (mír 5.2.1. den iarscríbhinn seo). Is éard a bheidh sa teocht chomhthimpeallach a thuairisceofar meán uimhríochtúil theocht na cille tástála arna thomhas ag eatraimh leanúnacha tráth nach faide ná nóiméad amháin óna chéile.

3.2. Nós imeachta tástála

Is éard atá i gCuid a hAon, timthriall tiomána uirbeach. de réir Fhíor A4/1 in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo ceithre thimthriall uirbeacha tosaigh arb iad timthriall iomlán Chuid a hAon le chéile.


3.2.1. Beidh tosú an innill, tús na samplála agus oibriú an chéad timthrialla i gcomhréir le Tábla A4a/1 agus Fíor A4a/1 in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

3.3. Ullmhúchán don tástáil

3.3.1. I gcás na feithicle tástála, tá feidhm ag forálacha mhír 3.2. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo. I gcás mais táimhe coibhéisí ar an dinimiméadar a shocrú, tá feidhm ag forálacha mhír 6.2.1. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

Fíor A8/1

Nós imeachta le haghaidh tástáil teochta comhthimpeallaí ísle



3.4. Breosla tástála

3.4.1. Comhlíonfaidh an breosla tástála na sonraíochtaí a thugtar i mír 2 d'Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.5. Is iad na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair a úsáidfear na comhéifeachtaí atá le húsáid le haghaidh feithicil ísealéilimh ar fhuinnimh timthrialla (VL). Murab ann do VL, úsáidfear ualach friotaíochta bóthair na feithicle ardéilimh ar fhuinnimh timthrialla (VH). Sa chás sin, saineofar VH i gcomhréir le pointe 4.2.1.1.1 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. I gcás ina n-úsáidtear an modh

idirshuímh, sonrófar VL agus VH i gcomhréir le mír 4.2.1.1.2 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. Coigeartófar an dinimiméadar chun oibriú feithicle ar an mbóthar ag – 7 °C a ionsamhlú. Féadfaidh an coigeartú sin a bheith bunaithe ar chinneadh phróifíl an ualaigh friotaíochta bóthair ag – 7 °C. De rogha air sin, féadfar an fhriotaíocht tiomána a chinntear a choigeartú le haghaidh laghdú 10 faoin gcéad ar an am luasmhoillithe saor-rothlaithe. Féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil úsáid modhanna eile a cheadú chun an fhriotaíocht tiomána a chinneadh.

4. Réamhchóiriú na feithicle

4.1. Achoimre

4.1.1. Chun tástálacha in-atáirgthe astaíochtaí a áirithiú, déanfar cóiriú aonfhoirmeach ar na feithiclí tástála. Is éard atá sa chóiriú tiomáint ullmhúcháin ar an raon rollach agus tréimhse réamhfhuaraithe tástála ina dhiaidh sin roimh an tástáil astaíochta i gcomhréir le mír 4.3 den iarscríbhinn seo.

4.2. Réamhchóiriú

4.2.1. Líonfar an t-umar breosla/na humair bhreosla leis an mbreosla sainithe tástála. Mura gcomhlíonann an breosla atá san umar breosla/sna humair bhreosla cheana féin na sonraíochtaí i mír 3.4.1. den iarscríbhinn seo, draenálfar an breosla atá ann sula líonfar le breosla é. Beidh an breosla tástála ag teocht níos ísle ná 289 K (+16 °C) nó cothrom leis sin. I gcás na n-oibríochtaí thuas, ní dhéanfar an córas rialaithe astaíochtaí galaitheacha a fholmhú nó a luchtú go mínormálta.

4.2.2. Bogtar an fheithicil go dtí an chill tástála agus cuirtear ar an raon rollach í.

4.2.3. Is éard atá sa réamhchóiriú timthriall iomlán tiomána amháin, Codanna a hAon agus a Dó, de réir Tháblaí A4a/1 agus A4a/2 agus Fhíor A4/1 in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo. Arna iarraidh sin don mhonaróir, féadfar feithiclí a bhfuil inneall adhainte deimhní iontu a réamhchóiriú le timthriallta tiomána Chuid a hAon agus Chuid a Dó.

4.2.4. Le linn an réamhchóirithe, fanfaidh teocht na cille tástála réasúnta seasmhach agus ní bheidh sí níos airde ná 303 K (30 °C)

4.2.5. Déanfar brú bhonn an rotha tiomána a shocrú i gcomhréir le forálacha mhír 6.2.3. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

4.2.6. Múchfar an t-inneall laistigh de 10 nóiméad tar éis an réamhchóiriú a chríochnú.

4.2.7. Má iarrann an monaróir amhlaidh agus má fhormheasann an tSeirbhís Theicniúil é, féadfar réamhchóiriú breise a cheadú i gcásanna eisceachtúla. Féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil rogha a dhéanamh réamhchóiriú breise a dhéanamh. Is éard atá sa réamhchóiriú breise sceideal tiomána amháin nó níos mó de thimthriall Chuid a hAon dtugtar tuairisc orthu i dTábla A4a/1 i bhFíor A4/1 in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo. Déanfar fairsinge an réamhchóirithe bhreise sin a thaifeadadh sa tuarascáil tástála.

4.3. Modhanna réamhfhuaraithe tástála

4.3.1. Úsáidfear ceann amháin den dá mhodh seo a leanas, le roghnú ag an monaróir, chun an fheithicil a chobhsú roimh an tástáil.

4.3.2. Modh caighdeánaithe

Déanfar an fheithicil a stóráil ar feadh tréimhse nach lú ná 12 uair an chloig agus nach faide ná 36 uair an chloig roimh an tástáil ar astaíochtaí sceite ag teocht chomhthimpeallach íseal. Coinneofar an teocht chomhthimpeallach (teirmiméadar tirimbholgáin) le linn na tréimhse sin ag meánteocht mar a leanas:

266 K (-7 °C) ±3 K le linn gach uair an chloig den tréimhse sin agus ní bheidh siad níos ísle ná 260 K (-13 °C), ná níos airde ná 272 K (-1 °C). Ina theannta sin, ní fhéadfaidh an teocht titim faoi bhun 263 K (-10 °C) ná a bheith níos airde ná 269 K (-4 °C) ar feadh níos mó ná trí nóiméad as a chéile.

4.3.3. Modh éigeantach

Déanfar an fheithicil a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná 36 uair an chloig roimh an tástáil ar astaíochtaí sceite teochta comhthimpeallaí ísle.

4.3.3.1. Ní stórálfar an fheithicil ag teochtaí comhthimpeallacha atá níos airde ná 303 K (30 °C) le linn na tréimhse sin.

4.3.3.2. Féadfar fuarú feithicle a dhéanamh tríd an bhfeithicil a fhuarú le fórsa go dtí an teocht tástála. Má chuirtear leis an bhfuarú le gaothráin, cuirfear na gaothráin i suíomh ceartingearach ionas go mbainfear amach uasfhuarú na traenach tiomána agus an innill seachas an t-umar go príomha. Ní chuirfear gaothráin faoin bhfeithicil.

4.3.3.3. Ní gá an teocht chomhthimpeallach a rialú go docht ach amháin tar éis an fheithicil a fhuarú go 266 K (-7 °C) ± 2 K, mar a chinntear le hollteocht ola samplach.

Is éard atá in ollteocht ola samplach teocht an ola arna thomhas in aice le lár umar na hola, ní ag dromchla nó ag bun umar na hola. Má dhéantar monatóireacht ar dhá shuíomh éagsúla san ola, comhlíonfaidh siad go léir na ceanglais teochta.

4.3.3.4. Stórálfar an fheithicil ar feadh uair an chloig ar a laghad tar éis í a fhuarú go 266 K (-7 °C) ± 2 K, roimh an tástáil ar astaíochtaí sceite ag teocht chomhthimpeallach íseal. 266 K (-7 °C) 3 K a bheidh i meán na teochta comhthimpeallaí (tirimbholgán) le linn na tréimhse sin, agus ní bheidh sí níos ísle ná 260 K (-13 °C) ná níos airde ná 272 K (-1 °C).

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh an teocht titim faoi bhun 263 K (-10 °C) ná a bheith níos airde ná 269 K (-4 °C) ar feadh níos mó ná 3 nóiméad as a chéile.

4.3.4. Má dhéantar an fheithicil a chobhsú ag 266 K (-7 °C), i limistéar ar leith agus má aistrítear í trí limistéar te go dtí an chill tástála, déanfar an fheithicil a athchobhsú sa chill tástála ar feadh sé huaire ar a laghad an tréimhse a nochtar an fheithicil do theocht níos teo. 266 K (-7 °C) 3 K a bheidh i meán na teochta comhthimpeallaí (tirimbholgán) le linn na tréimhse sin, agus ní bheidh sí níos ísle ná 260 K (-13 °C) ná níos airde ná 272 K (-1 °C).

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh an teocht titim faoi bhun 263 K (-10 °C) ná a bheith níos airde ná 269 K (-4 °C) ar feadh níos mó ná trí nóiméad as a chéile.

5. Nós imeachta an dinimiméadair

5.1. Achoimre

5.1.1. Déantar an tsampláil astaíochtaí thar nós imeachta ina bhfuil timthriall Chuid a hAon (Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo, Tábla A4a/1 agus Fíor A4a/1). Is éard atá i dtástáil iomlán ag teocht chomhthimpeallach íseal tosú an innill, sampláil láithreach, oibriú thar timthriall Chuid a hAon agus múchadh an innill, le ham tástála iomlán de 780 soicind. Déantar na hastaíochtaí sceite a chaolú le haer comhthimpeallach agus bailítear sampla atá comhréireach go leanúnach lena anailísiú. Déantar anailís ar na gáis sceite a bhailítear sa mhála maidir le hidreacarbóin, aonocsaíd charbóin, agus dé-ocsaíd charbóin. Déantar anailís chomhchosúil ar shampla comhthreomhar den aer caolúcháin maidir le haonocsaíd carbóin, hidreacarbóin iomlána agus dé-ocsaíd charbóin.

5.2. Oibríocht dinimiméadair

5.2.1. Gaothrán fuaraithe

5.2.1.1. Tá gaothrán fuaraithe suite ionas go mbeidh aer fuaraithe dírithe go cuí chuig an radaitheoir (fuarú uisce) nó chuig an aer-iontógáil (fuarú aeir) agus chuig an bhfeithicil.

5.2.1.2. I gcás feithiclí a bhfuil an t-inneall chun tosaigh, cuirfear an gaothrán chun tosaigh san fheithicil, laistigh de 300 mm de. I gcás feithiclí inneall cúil nó má tá an socrú thuas neamhphraiticiúil, beidh an gaothrán fuaraithe suite ionas go soláthrófar aer leordhóthanach chun an fheithicil a fhuarú.

5.2.1.3. Beidh luas an ghaothráin ar chaoi, laistigh den raon oibriúcháin idir 10 km/h agus 50 km/h ar a laghad, a fhágfaidh go mbeidh treoluas líneach an aeir ag asraon an tséidire laistigh de ±5 km/h de luas comhfhreagrach an rollóra. Beidh na saintréithe seo a leanas ag baint le roghnú deiridh an tséidire:

(a) Achar: 0,2m² ar a laghad;

(b) Airde imeall íochtarach os cionn na talún: thart ar 20 cm.

Mar rogha malartach, beidh an t-aerluas líneach séidire 6 m/s ar a laghad (21,6 km/h). Arna iarraidh sin don mhonaróir, i gcás feithiclí speisialta (e.g. veaineanna, feithiclí easbhóthair), féadfar airde an ghaothráin fuaraithe a mhodhnú.

5.2.1.4. Úsáidfear luas na feithicle arna thomhas ó rolla nó ó rollaí an dinimiméadair (mír 1.2.6. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo).

5.2.2. Forchoimeádta

5.2.3. Féadfar timthriallta réamhthástála a dhéanamh más gá, chun a chinneadh conas is fearr rialuithe an luasaire agus an choscáin a ghníomhú d'fhonn timthriall a bhaint amach atá gar don timthriall teoiriciúil laistigh de na teorainneacha a leagtar síos, nó chun coigeartú an chórais samplála a cheadú. Déanfar an tiomáint sin roimh 'TÚS' de réir Fhíor A8/1.

5.2.4. Coinneofar bogthaise san aer íseal go leor chun comhdhlúthú ar rolla/rollaí an dinimiméadair a chosc.

5.2.5. Déanfar an dinimiméadar a théamh go hiomlán mar a mholann monaróir an dinimiméadair, agus úsáidfear nósanna imeachta nó modhanna rialaithe lena gcinntítear cobhsaíocht na cumhachta frithchuimilte iarmharaí.

5.2.6. Ní bheidh an tréimhse idir téamh an dinimiméadair agus tús na tástála astaíochta níos faide ná 10 nóiméad mura ndéantar imthacaí an dinimiméadair a théamh go neamhspleách. Má théitear imthacaí an dinimiméadair go neamhspleách, ní chuirfear tús leis an tástáil astaíochta níos faide ná 20 nóiméad tar éis an dinimiméadar a théamh.

Más féidir caillteanais frithchuimilte an dinimiméadair a chobhsú gan an dinimiméadar a théamh, is féidir tús a chur leis an tástáil de réir mholtaí mhonaróir an dinimiméadair. Soláthróidh an monaróir doiciméadacht maidir le bailíochtú na gcóras arna iarraidh sin don údarás freagrach.

5.2.7. Má tá cumhacht an dinimiméadair le coigeartú de láimh, socrófar í laistigh d'uair an chloig roimh chéim na tástála astaíochta sceite. Ní fhéadfar an fheithicil tástála a úsáid chun an coigeartú a dhéanamh. Féadfar an dinimiméadar a shocrú tráth ar bith roimh thús na tástála astaíochta, agus úsáid á baint as rialú uathoibríoch na socruithe cumhachta réamh-inroghnaithe.

5.2.8. Sula bhféadfar tús a chur le sceideal tiomána na tástála astaíochta, is é 266 K (-7 °C) ± 2 K a bheidh i dteocht na cille tástála, arna tomhas i sruth aeir an ghaothráin fuaraithe agus fad uasta 1,5 m ón bhfeithicil.

5.2.9. Múchfar na gairis téimh agus díreoite le linn oibriú na feithicle.

5.2.10. Déantar an achar iomlán tiomána nó imrothluithe rollóra a thomhas.

5.2.11. Déanfar feithicil tiomána ceithre roth a thástáil i modh oibríochta tiomána dhá roth. Déantar an fórsa bóithre iomlán maidir le socrú an dinimiméadair a chinneadh agus an fheithicil á hoibriú ina príomh-mhodh tiomána deartha. Arna iarraidh sin don mhonaróir, déanfar feithicil tiomána ceithre roth a thástáil sa phríomh-mhodh oibríochta tiomána.

5.3. An tástáil a dhéanamh

5.3.1. Tá feidhm ag forálacha mhír 6.4., seachas 6.4.1.2., d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo maidir leis an inneall a thosú, an tástáil a dhéanamh agus samplaí na n-astaíochtaí a thógáil. Cuirtear tús leis an tsampláil roimh thionscnamh thosú an innill nó tráth a dhéantar é a thosú agus críochnaítear í ag deireadh tréimhse réchasta deiridh timthriall tosaigh deireanach Chuid a hAon (timthriall tiomána uirbeach), tar éis 780 soicind.

Tosaíonn an chéad timthriall tiomána le tréimhse 11 soicind réchasta chomh luath agus a thosaítear an t-inneall.

5.3.2. I gcás anailís ar na hastaíochtaí arna sampláil, tá feidhm ag forálacha mhír 6.5. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo, seachas mír 6.5.2. Agus an anailís ar an sampla sceite á déanamh, beidh an tSeirbhís Theicniúil cúramach chun comhdhlúthú gal uisce sna málaí samplála gáis sceite a chosc.

5.3.3. I gcás ríomh na hastaíochtaí maise, tá feidhm ag forálacha mhír 6.6. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

5.4. Ceanglais bhreise le haghaidh Feithiclí Leictreacha Hibrideacha

5.4.1. I gcás feithiclí ag a bhfuil luchtú seachtrach, déanfar astaíochtaí truailleán a thomhas faoi na dálaí céanna a shonraítear do choinníoll B de thástáil Chineál I bunaithe ar NEDC (míreanna 3.1.3. agus 3.2.3. d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo).

5.4.2. I gcás feithiclí gan luchtú seachtrach, déanfar astaíochtaí truailleán a thomhas faoi na dálaí céanna agus atá i dtástáil Chineál I bunaithe ar NEDC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 4a a ghabhann le sraith leasuithe 07 ar an Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN 9

Frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil

1. Réamhrá

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo bearta maidir le cineálcheadú córas frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála.

2. Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá i Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe.

Tuigfear gurb éard atá i gceist le 'ionsaithe' iarrachtaí crioscaíola, iarrachtaí chun teacht timpeall ar an tslándáil agus cibirionsaithe.

3. Ceanglais maidir le cineálcheadú

3.1. Freagrachtaí na monaróirí

Tá sé de fhreagracht ar an monaróir go bhfuil an cineál feithicle (maidir le hastaíochtaí) feistithe le bearta leordhóthanacha frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála chun go mbeidh sé frithsheasmhach in aghaidh bagairtí crioscaíola, cibearshlándála agus slándála a thagann chun cinn i ngach céim dá shaolré.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, déanfar na leochaileachtaí a bhféadfadh crioscaíl a bheith mar thoradh orthu a íoslaghdú a mhéid is féidir, bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil tráth an chineálcheadaithe, le haghaidh na gcóras uile seo a leanas:.

(a) córas insteallta breosla agus imoibrí,

(b) an t-inneall agus aonaid rialaithe innill,

(c) ceallraí tarraingthe agus córais bhainistíochta ghaolmhara,

(d) odaiméadar,

(e) córais rialaithe truaillithe,

(f) mótar leictreach agus aonaid rialaithe ghaolmhara,

(g) Feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh (nach bhfuil infheidhme maidir le monaróirí ísealtáirgeachta)

(h) córas diagnóisice ar bord,

(i) córas diagnóisice ar bord (nach bhfuil infheidhme maidir le monaróirí ísealtáirgeachta), agus

(j) EVP.

Measfar é sin a bheith comhlíonta sna cásanna seo a leanas:

(a) comhlíonann an cineál feithicle, maidir le hastaíochtaí, ceanglais Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe

agus

(b) breithnítear an méid seo a leanas in anailís an mhonaróra ar leochaileachtaí/ar bhagairtí agus i measúnú riosca an mhonaróra, i gcás inarb infheidhme:

(i) i gcás córas insteallta breosla agus imoibrí, aonaid rialaithe innill agus córais rialaithe truaillithe, breithnítear in anailís an mhonaróra ar leochaileacht/ar bhagairtí agus i measúnú riosca an mhonaróra ar a laghad na leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe, agus samplaí de mhaoluithe Thábla 4.1 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

(ii) i gcás an chórais faireacháin ar bord, an chórais diagnóisice ar bord agus na feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh, breithnítear in anailís an mhonaróra ar leochaileachtaí/ar bhagairtí agus i measúnú riosca an mhonaróra ar a laghad na leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí den leochaileacht nó den mhodh ionsaithe, agus samplaí de mhaoluithe Thábla 4.2 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

(iii) i gcás an odaiméadair, cosnaítear an fad iomlán a léirítear agus na luachanna faid iomlána de réir Rialachán Uimh. 39 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 02.

(iv) i gcás ceallraí tarraingthe agus córais bhainistíochta ghaolmhara, mótar leictreach agus aonaid rialaithe ghaolmhara agus pas feithicle comhshaoil, breithnítear ar a laghad in anailís an mhonaróra ar leochaileachtaí/ar bhagairtí agus i measúnú riosca an mhonaróra na leochaileachtaí/na bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe, agus samplaí de mhaoluithe ar Thábla 4.3 ar Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Gan dochar do cheanglais mhír 7.2.2.2(g) de Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, déanfaidh an monaróir faireachán ar fhianaise maidir le hionsaithe rathúla ar aon cheann de na córais a liostaítear thuas sa mhír seo, déanfaidh sé an fhianaise sin a bhrath agus tabharfaidh sé freagra uirthi agus cuirfidh sé an t-údarás ceadaithe ar an eolas fúithi.

3.2. Freagrachtaí na n-údarás ceadaithe

Gan dochar do cheanglais mhír 5.1.1. de Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, fíoróidh na húdaráis chineálcheadaithe an bhfuil an anailís ar leochaileachtaí/ar bhagairtí agus an measúnú riosca arna dhéanamh ag an monaróir iomchuí agus leordhóthanach. Áiritheofar leis an bhfíorú sin go ndearna an monaróir leochaileachtaí agus bagairtí na dtáblaí i bhFoscríbhinn 1 a bhainistiú go hiomchuí. Úsáidfear na samplaí sna táblaí sin mar thagairt.

Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe doiciméadacht bhreise a éileamh chun a fhíorú go bhfuil na gníomhaíochtaí maolaithe atá beartaithe á gcur chun feidhme i gceart.

Moltar d'údaráis chineálcheadaithe dea-chleachtais agus taithí a mhalartú faoi chuimsiú Fhóram an Aontais Eorpaigh um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach.

3.3. Freagrachtaí údaráis Páirtí Chonarthaigh

De réir na gceanglas in Airteagal 8 maidir le hoibleagáidí na n-údarás um fhaireachas margaidh i Rialachán (AE) 2018/858, nó de réir forálacha coibhéiseacha i bPáirtithe Conarthacha eile, déanfaidh na húdaráis Páirtí Chonarthaigh tástálacha tráthrialta chun a fhíorú an leordhóthanach bearta frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála. Beidh údaráis Páirtí Chonarthaigh freagrach as feithiclí a roghnú, modhanna tástála a chur i bhfeidhm, gníomhaíochtaí leantacha, tuairisciú agus bearta ceartaitheacha nó sriantacha.

3.3.1. Roghnú feithiclí chun críoch faireachais

Agus tástálacha faireachais á ndéanamh acu, roghnóidh údaráis Páirtí Chonarthaigh na cineálacha feithiclí maidir le hastaíochtaí atá le tástáil bunaithe ar mheasúnú riosca. Na cineálacha feithiclí (maidir le hastaíochtaí) a mheastar gur mó an riosca a bhaineann leo de réir an mheasúnaithe riosca, tabharfar tosaíocht dóibh le haghaidh tástála i gcomhréir le mír 3.3.2.

Breithneofar na gnéithe seo a leanas sa mheasúnú riosca:

(a) Fianaise go bhfuil táirgí crioscaíola éifeachtacha ar fáil go forleathan ar an margadh lena n-úsáid ar chineálacha áirithe feithiclí maidir le hastaíochtaí;

(b) Fianaise ar leochaileachtaí aitheanta a dhéanann difear do chineálacha áirithe feithiclí maidir le hastaíochtaí;

(c) Fianaise ar leitheadúlacht crioscaíola le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí maidir le hastaíochtaí (lena n-áirítear sonraí OBM arna gcur isteach ag monaróirí feithiclí, chomh maith le nithe eile);

(d) An líon feithiclí atá i gcúrsaíocht a bhaineann le cineálacha áirithe feithiclí maidir le hastaíochtaí;

(e) Faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear torthaí tástála tríú páirtithe aitheanta agus faisnéis a mhalartaítear i bhFóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach.

3.3.2. Modhanna tástála

Féadfaidh údaráis Páirtí Chonarthaigh aon mhodh tástála a úsáid chun a shuí an bhfuil feithiclí a bhaineann le cineál áirithe feithicle maidir le hastaíochtaí cosanta go leordhóthanach ar ionsaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibriú cuí na gcóras a liostaítear i mír 3.1. Moltar d'údaráis um fhaireachas margaidh dea-chleachtais agus taithí a mhalartú faoi chuimsiú Fhóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach eile.

Fíorófar dea-bhail gach feithicle tástála sula ndéanfar na tástálacha, lena n-áiritheofar go háirithe oibriú cuí na gcóras a liostaítear i mír 3.1. agus nach ndearnadh ionsaithe orthu faoi raon feidhme na dtástálacha. Áiritheofar leis an bhfíorú nach stóráiltear aon lochtchód ábhartha ná nach bhfuil aon solas rabhaidh ábhartha ar siúl, nach bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin truailleán in 'Earráid' agus gurb é 'Gnáthleibhéal' an leibhéal braite crioscaíola a thuairiscíonn an OBM mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faireachán ar Bord (OBM).

Áireofar leis an bhfíorú sin freisin, i gcás inarb iomchuí, tástáil *ex ante* Chineál 1 nó tástáil astaíochtaí fíorthiomána a dhéanamh de réir Rialachán Uimh. 154 nó Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe faoi seach. Ní rachfar ar aghaidh leis an tástáil ionsaithe mura gcomhlíonann torthaí astaíochta na tástála *ex ante* na teorainneacha astaíochta is infheidhme.

Beidh sé d'aidhm ag na tástálacha a dhéanfaidh na húdaráis réigiúnacha um fhaireachas margaidh na hionsaithe is dócha a dhéanfar ar chineálacha áirithe feithiclí a atáirgeadh maidir le hastaíochtaí sa réimse mar gheall ar chóimheas costais is tairbhe. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin iarrachtaí chun baint d'fheithiclí trí theacht i dtír ar leochaileachtaí crioscaíola, slándála agus cibearshlándála atá ann cheana, nó trí tháirgí crioscaíola atá ar fáil ar an margadh a shuiteáil. Beidh roghnú na n-ionsaithe bunaithe ar an measúnú riosca a thuairiscítear i mír 3.3.1.

3.3.3. Meastóireacht tástála

Cinnfidh an t-údarás Páirtí Chonarthaigh toradh na tástála trí mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an ionsaithe ar astaíochtaí sceite nó ar shláine na sonraí a úsáideann na córais a liostaítear i mír 3.1., agus freagairt na feithicle ar na hionsaithe á cur san áireamh. Tiocfaidh an t-údarás ar chinneadh 'pas', 'leantach' nó 'teip' maidir le gné amháin nó an dá ghné, de réir mar is iomchuí de réir chineál an ionsaithe.

Ní gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun toradh 'pas' a bhaint amach.

Leanfaidh na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu i mír 3.3.4 toradh 'leantach'.

Leanfaidh na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu i mír 3.3.5 toradh 'teip'.

Tar éis an ionsaithe, féadfaidh an t-údarás Páirtí Chonarthaigh an fheithicil a chomhoiriúnú trína tiomáint thar fhad áirithe, thar thurais iomadúla, nó faoi dhálaí eile a mheastar a bheith iomchuí chun an t-ionsaí a bhrath.

3.3.3.1. Meastóireacht ar éifeachtaí ar astaíochtaí sceite (truailleáin a ndéanann OBM faireachán orthu)

Tar éis an ionsaithe agus an chomhoiriúnaithe roghnaigh, déanfar tástáil *ex post* Chineál 1 nó tástáil astaíochtaí fíorthiomána. Beidh na tástálacha *ex ante* agus *ex post* den chineál céanna. Má thiomáintear dhá thástáil astaíochtaí fíorthiomána, déanfar na tástálacha ar an mbealach céanna, le hiompraíocht tiomána chomhchosúil, agus faoi dhálaí comhshaoil agus tráchta inchomparáide.

Tar éis na tástála astaíochtaí *ex post*, cinnfear toradh na tástála le haghaidh gach truailleáin a ndéanann córas faireacháin ar bord faireachán air. Measfar gur 'pas' é toradh na tástála má fheictear ceann de na nithe seo a leanas:

(a) Ní thagann méadú suntasach ar astaíochtaí sceite ó astaíochtaí sceite na tástála astaíochtaí *ex ante*. Tuigfear gurb é atá i méadú substaintiúil méadú níos mó ná 100 faoin gcéad ar astaíochtaí sceite den teorainn astaíochta is infheidhme agus i gcás ina bhfuil astaíochtaí na tástála *ex post* os cionn na tairsí diagnóisice ar bord is infheidhme.

(b) Méadaítear astaíochtaí sceite go substaintiúil go leibhéal suas le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme, agus socraítear an leibhéal braite crioscaíola ag 'Leibhéal 1' nó níos airde.

(c) Méadaítear astaíochtaí sceite go substaintiúil go leibhéal atá cothrom le nó níos airde ná 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme, agus socraítear an leibhéal braite crioscaíola ag 'Leibhéal 2' agus tá stádas comhfhreagrach OBM athraithe go 'Earráid'.

Mura ‘pas’ díreach é toradh na tástála, féadfar an fheithicil a chóiriú a thuilleadh chun níos mó ama meastóireachta a thabhairt do chóras faireacháin ar bord chun na stádais faireacháin truailleán agus an leibhéal braite crioscaíola a athrú.

Más rud é, tar éis tuilleadh comhoiriúnaithe a dhéanamh, nach n-athraítear na stádais faireacháin nó an leibhéal braite crioscaíola ar bhealach a fhágann go mbeidh toradh ‘pas’ mar thoradh orthu, measfar gur ‘obair leantach’ é toradh na tástála má bhreithnítear ceann de na torthaí seo a leanas:

(a) Méadaítear astaíochtaí sceite go substaintiúil go leibhéal suas le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme, agus socraítear an leibhéal braite crioscaíola ag ‘Leibhéal 0’.

(b) Méadaítear astaíochtaí sceite go substaintiúil go leibhéal atá cothrom le nó níos airde ná 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme, agus tá an stádas comhfhreagrach OBM athraithe go ‘Earráid’ agus socraítear an leibhéal braite crioscaíola ag ‘Leibhéal 1’ nó níos ísle.

Mura ‘pas’ ná ‘obair leantach’ é an toradh, measfar gur ‘teip’ é.

Déanfar feithiclí nach bhfuil feistithe le córas faireacháin ar bord a eisiamh ón meastóireacht ar na héifeachtaí ar astaíochtaí sceite de réir na míre seo.

3.3.3.2. Meastóireacht ar éifeachtaí ar astaíochtaí sceite (truailleáin nach ndéanann OBM faireachán orthu)

Tar éis an ionsaithe agus an chomhoiriúnaithe roghnaigh, déanfar tástáil *ex post* Chineál 1 nó tástáil astaíochtaí fíorthiomána. Beidh na tástálacha *ex ante* agus *ex post* den chineál céanna. Má thiomáintear dhá thástáil astaíochtaí fíorthiomána, déanfar na tástálacha ar an mbealach céanna, le hiompraíocht tiomána chomhchosúil, agus faoi dhálaí comhshaoil agus tráchta inchomparáide.

Tar éis na tástála astaíochtaí *ex post*, maidir le gach truailleán nach ndéantar faireachán orthu le córas faireacháin ar bord, measfar gur ‘obair leantach’ é toradh na tástála nuair a mhéadaítear na truailleáin go substaintiúil go leibhéal os cionn na luachanna tairsí diagnóisice ar bord is infheidhme mar a shonraítear i mír 6.8.2 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus nuair nach ngníomhachtaítear an táscaire mífheidhme (TM). In aon chás eile, measfar gur ‘pas’ é.

Mura ‘pas’ díreach é toradh na tástála, féadfar an fheithicil a chomhoiriúnú a thuilleadh chun níos mó ama meastóireachta a thabhairt don chóras diagnóisice ar bord chun an táscaire mífheidhme a ghníomhachtú.

3.3.3.3. Meastóireacht ar éifeachtaí ar shláine sonraí

Tar éis an ionsaithe agus an chomhoiriúnaithe roghnaigh, measfar gurb é ‘pas’ an toradh nuair nach n-éiríonn leis an ionsaí sonraí na gcóras a liostaítear i mír 3.1. a mhodhnú.

Má éiríonn leis an ionsaí sonraí na gcóras a liostaítear i mír 3.1. a mhodhnú, déanfaidh an t-údarás Páirtí Chonarthaigh meastóireacht ar an toradh maidir leis an dá chritéar seo a leanas:

(a) Tionchar: ábharthacht an mhodhnaithe sonraí i dtéarmaí an tionchair ar an gcomhshaol;

(b) Freagairt: ar fhreagair an fheithicil trí fhaisnéis a chur in iúl go leormhaith faoi neamhbhailíocht na sonraí modhnaithe.

I gcás ina meastar an tionchar a bheith neamhshuntasach, measfar gurb é ‘pas’ an toradh.

Nuair a mheastar an tionchar a bheith suntasach, agus nuair a mheasann an t-údarás go bhfuil an fhreagairt leormhaith, measfar gurb é ‘pas’ an toradh.

Nuair a mheastar an tionchar a bheith suntasach agus nuair a mheastar nach leor an fhreagairt, measfar gurb é ‘obair leantach’ an toradh. I gcásanna den sórt sin, rachaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh i dteagmháil leis an monaróir chun é a chur ar an eolas faoi thoradh na tástála, faoi shaintréithe na feithicle agus faoi chineál na dtástálacha a rinneadh.

Féadfaidh an monaróir comhoiriúnú breise a mholadh chun am breise a thabhairt don fheithicil freagairt don ionsaí, nó tástálacha leantacha ar fheithiclí comhchosúla. Tar éis an chomhoiriúnaithe bhreise nó na dtástálacha breise, déanfar meastóireacht ar fhreagairt na feithicle. Má mheasann an t-údarás Páirtí Chonarthaigh fós nach leormhaith freagairt na feithicle, deimhneofar an toradh mar ‘obair leantach’. Má mheastar freagairt na feithicle a bheith leormhaith, measfar gurb é ‘pas’ an toradh.

3.3.4. Gníomhaíochtaí leantacha

I gcás ionsaí a mbeidh 'obair leantach' mar thoradh air, déanfar imscrúdú mionsonraithe air, i gcomhar leis an monaróir agus leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe i gcás inar gá, chun an méid seo a leanas a shuí:

(a) cé na leochaileachtaí a saothraíodh agus ar sainaithníodh iad tráth an chineálcheadaithe;

(b) i gcás inar sainaithníodh leochaileachtaí tráth an chineálcheadaithe, ar cuireadh na bearta maolaithe i bhfeidhm i gceart;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag na leochaileachtaí maidir le cineálacha eile feithiclí i ndáil le hastaíochtaí.

Gan dochar do cheanglais Chaibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858 nó d'fhorálacha coibhéiseacha i bPáirtí Conarthach eile, déanfaidh an monaróir, laistigh de thréimhse a chomhaontófar leis an údarás Páirtí Chonarthaigh, réiteach teicniúil a mholadh don údarás Páirtí Chonarthaigh chun frithsheasmhacht na feithicle in aghaidh ionsaithe a mhéadú, trí shaothrú na leochaileachta a mhaolú go héifeachtach nó trí mhodhanna a chur chun feidhme chun an t-ionsaí a bhrath agus chun freagairt iomchuí a thionscnamh, mar aon le plean chun an réiteach teicniúil sin a chur chun feidhme. Déanfaidh an t-údarás Páirtí Chonarthaigh meastóireacht ar an réiteach teicniúil agus ar an bplean cur chun feidhme a ghabhann leis agus iarrfaidh sé modhnuithe i gcás inarb iomchuí.

Nuair a ghlacfaidh an t-údarás Páirtí Chonarthaigh leis an réiteach teicniúil agus leis an bplean cur chun feidhme, rachaidh an monaróir ar aghaidh le cur chun feidhme an réitigh theicniúil mar a comhaontaíodh leis an údarás Páirtí Chonarthaigh.

I gcás nach sásaíonn an réiteach teicniúil ná an plean cur chun feidhme an t-údarás Páirtí Chonarthaigh, measfar gurb é 'teip' an toradh.

Cuirfear torthaí an imscrúdaithe ar ionsaithe a bhfuil toradh 'obair leantach' orthu in iúl d'Fhóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó d'eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach.

3.3.5. Tuairisciú, bearta ceartaitheacha agus riaracháin tar éis toradh 'teip'

Déanfar imscrúdú mionsonraithe ar thoradh 'teip' ar ionsaí, i gcomhar leis an monaróir agus leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe i gcás inar gá, chun an méid seo a leanas a shuí:

(a) cé na leochaileachtaí a saothraíodh agus ar sainaithníodh iad tráth an chineálcheadaithe;

(b) i gcás inar sainaithníodh leochaileachtaí tráth an chineálcheadaithe, ar cuireadh na bearta maolaithe i bhfeidhm i gceart;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag na leochaileachtaí maidir le cineálacha eile feithiclí i ndáil le hastaíochtaí.

Déanfar mionsonraí na dtástálacha lena mbaineann toradh 'teip' a thuairisciú don mhonaróir, agus ceanglóidh na húdaráis Páirtí Chonarthaigh ar an monaróir bearta a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil XI maidir le Clásail Chosanta de Rialachán (AE) 2018/858 nó le forálacha coibhéiseacha i bPáirtí Conarthach eile chun a áirithiú go ndéanfar an leochaileacht a shaothraítear a mhaolú go héifeachtach, trí nuashonrú bogearraí thar an líonra más féidir ar na córais ábhartha feithicle de réir Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiúin Aontaithe.

Agus oiriúnacht na mbeart ceartaitheach á cinneadh, breithneoidh na húdaráis staid teicneolaíochta an chineáil feithicle maidir le hastaíochtaí, indéantacht theicniúil na maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus an dóchúlacht go saothrófar an leochaileacht (arna neasú le cóimheas costais is tairbhe an ionsaithe). Féadfaidh an monaróir, le fianaise thacaíochta iomchuí, a léiriú nach féidir leochaileacht a mhaolú go héifeachtach nó nach féidir freagairt iomchuí ón mbrath crioscaíola a bhaint amach, mar gheall ar shrianta teicniúla ar ailtireacht na feithicle. Má léiríonn an monaróir go cuimsitheach don údarás Páirtí Chonarthaigh nach bhfuil maolú indéanta go teicniúil, ní cheanglófar ar an monaróir bearta ceartaitheacha a sholáthar.

Cuirfear torthaí an imscrúdaithe ar ionsaithe a bhfuil toradh 'teip' orthu in iúl d'Fhóram an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú nó d'eintiteas comhchosúil i bPáirtí Conarthach. I gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí nach féidir a mhaolú go héifeachtach mar gheall ar theorainneacha teicniúla, breithneoidh an Fóram nó eintiteas comhchosúil maoluithe breise comhfhreagracha a iarraidh i gcineálcheaduithe amach anseo.

3.4. Róil agus freagrachtaí Páirtithe Conarthacha agus tríú páirtithe aitheanta

Féadfaidh Páirtithe Conarthacha agus tríú páirtithe aitheanta a fhíorú an bhfuil feithiclí a bhaineann le cineál áirithe feithicle maidir le hastaíochtaí cosanta go leordhóthanach ar iarrachtaí crioscaíola, ar ionsaithe slándála agus ar ionsaithe cibearshlándála a dhéanann difear do na córais a liostaítear i mír 3.1. de réir na modhanna ar a dtugtar tuairisc i mír 3.3.2.

4. Forálacha riaracháin

4.1. Forálacha riaracháin maidir le frithchrioscaíl, slándáil agus cibearshlándáil

Cuirfidh an monaróir doiciméadacht ar fáil ina dhá chuid chun comhlíonadh mhír 3.1 a léiriú:

(a) An pacáiste foirmiúil doiciméadachta le haghaidh an cheadaithe, de réir na gceanglas doiciméadachta i mír 3.3 de Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, a sholáthrófar don údarás cineálcheadaithe tráth a chuirtear isteach an t-iarratas ar chineálcheadú. Úsáidfidh an t-údarás cineálcheadaithe an pacáiste doiciméadachta sin mar thagairt bhunúsach don phróiseas ceadaithe. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe go mbeidh an pacáiste doiciméadachta sin fós ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad, tréimhse a chomhairfear ón uair a scoirfear go cinntitheach de tháirgeadh an chineáil feithicle (maidir le hastaíochtaí).

(b) Féadfaidh an monaróir ábhar breise a bhaineann le ceanglais an rialacháin seo a choinneáil, ach é a chur ar oscailt lena iniúchadh tráth an chineálcheadaithe. Áiritheoidh an monaróir go leanfaidh aon ábhar a chuirfear ar oscailt lena iniúchadh tráth an chineálcheadaithe de bheith ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad, tréimhse a chomhairfear ón tráth a scoirfear go cinntitheach de tháirgeadh an chineáil feithicle (maidir le hastaíochtaí).

I gcásanna ina léireofar go gcumhdaítear faisnéis le cearta maoine intleachtúla nó gur fios gnó sonrach de chuid an mhonaróra nó a sholáthróirí atá inti, cuirfidh an monaróir nó a sholáthróirí faisnéis leordhóthanach ar fáil chun go mbeifear in ann na seiceálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo a dhéanamh i gceart. Déileálfar leis an bhfaisnéis sin ar bhonn rúnda.

Soláthróidh an monaróir dearbhú ón monaróir maidir le comhlíonadh cheanglais frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála an Rialacháin seo chun críoch cineálcheadaithe. Úsáidfear sa dearbhú sin an fhormáid dá bhforáiltear i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn 2.

Iarscríbhinn 9 - Foscríbhinn 1

Leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe, agus samplaí de mhaoluithe

Agus anailís á déanamh ag na monaróirí ar na leochaileachtaí/bagairtí agus measúnú á dhéanamh acu ar na rioscaí do na córais a liostaítear i mír 3.1. den Iarscríbhinn seo, breithneoidh siad na leochaileachtaí nó na modhanna ionsaithe ábhartha uile a bhaineann le gach leochaileacht/bagairt ardleibhéil, agus cuirfidh siad maoluithe comhréireacha chun feidhme chun an cineál feithicle a chosaint maidir le hastaíochtaí de réir mar is iomchuí. Samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe atá le cur san áireamh agus samplaí de mhaoluithe atá le cur chun feidhme, áirítear iad i dTáblaí 4.1, 4.2 agus 4.3 le haghaidh gach leochaileacht/bagairt ardleibhéil i ngach córas. Déanfar na samplaí a thagraíonn d'Iarscríbhinn 5, Cuid A agus Cuid B de Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe a mheas i gcomhthéacs an chórais shonraigh a bhfuil feidhm acu maidir leis.

Tábla 4.1

Leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe agus sampla de mhaoluithe

Córas	Leochaileacht/bagairt ardleibhéil	Samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe	Samplaí de mhaoluithe
Córais rialaithe truaillithe	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 12.1, 17.1, 18.3	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Instealladh bogearraí neamhúdaraithe trí uirlisí splancála aonaid rialaithe innill chun comhpháirteanna rialaithe astaíochta a dhíchumasú nó a athrú, spreagadh diagnóisic ar bord/OBM a shochtadh, nó DTCanna a chosc	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 28.2, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach aonad rialaithe na gcomhpháirteanna a bhaineann le hastaíochtaí agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
	Ionramháil teachtaireachtaí cumarsáide laistigh den fheithicil trí mhodhnuithe sonraí	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 11.3, 20.3, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Teachtaireachtaí cumarsáide feithicle (e.g. CAN) a instealladh, a idircheapadh nó a athrú, mar shampla trí aithriseoirí	Bearta chun teachtaireachtaí nó gníomhaíocht mhailíseach inmheánach a bhrath e.g. seiceálacha inchreidteachta, anailís uainiúcháin nó fíordheimhniú bunaithe ar dheimhniú chun sláine sonraí astaíochtaí a choinneáil ar bun

Córas	Leochaileacht/bagairt ardleibhéil	Samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe	Samplaí de mhaoluithe
	Ionramháil comharthaí laistigh den fheithicil trí mhodhnuithe crua-earraí	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 11.1, 25.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Athrú nó ionramháil neamhúdaraithe ar chomharthaí a bhaineann le hastaíochtaí (e.g. teocht chomhthimpeallach nó teocht sceite) trí mhodhnuithe fisiceacha, déanta ag modhnaitheoirí, mar shampla	Feidhmeanna diagnóiseacha, seiceálacha inchreidteachta nó córais braite aimhrialtachta
Córas breosla agus imoibrí	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Modhnú neamhúdaraithe ar bhogearraí rialaithe innill chun instealladh breosla nó imoibrí a mhodhnú e.g., cainníocht insteallta a athrú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 27.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach chórais stiúrtha na gcomhpháirteanna a bhaineann le breosla nó le himoibrí agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
An t-inneall agus aonaid rialaithe innill	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill nó ar chód bogearraí aonaid rialaithe innill	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Dochtearraí neamhúdaraithe a shuiteáil chun paraiméadair fheidhmiúla an innill a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill	Leochaileachtaí nó modhanna ionsaithe in Iarscríbhinn 5, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 11.3, 18.3, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach aonaid rialaithe innill agus modhnú air	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo

Tábla 4.2

Leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe agus sampla de mhaoluithe

Córas	Leochaileacht/ bagairt ardleibhéil	Samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe	Samplaí de mhaoluithe
córas faireacháin ar bord	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Sonraí feithicle arna dtuairisciú ag córas faireacháin ar bord a mhodhnú nó a dhíchumasú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach aonaid rialaithe na gcomhpháirteanna a bhaineann le OBM agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
córas diagnóis-ice ar bord,	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 19.1, 18.3, 20.4, 20.5, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Dochtearraí neamhúdaraithe a shuiteáil chun iompraíocht dhiagnóiseach a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach chórais stiúrtha na gcomhpháirteanna a bhaineann le diagnóisice ar bord agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Sonraí maidir le hídiú breosla arna dtuairisciú ag an bhfeiste a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach chórais stiúrtha na gcomhpháirteanna a bhaineann le feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo

Tábla 4.3

Leochaileachtaí/bagairtí ardleibhéil, samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe agus sampla de mhaoluithe

Córas	Leochaileacht/bagairt ardleibhéil	Samplaí de leochaileachtaí nó de mhodhanna ionsaithe	Samplaí de mhaoluithe
Ceallraí tarraingthe agus córais bhainistíocht-a ghaolmhara	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 12.2, 20.3, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Bogearraí a athrú chun rátaí luchtaithe/ díluchtaithe agus sonraí marthanachta ceallraí a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 27.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach aonad rialaithe comhpháirteanna a bhaineann le ceallraí agus modhnú air	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
Mótar Leictreach agus Aonaid Rialaithe Ghaol-mhara	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 5.1, 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Dochtearraí neamhúdaraithe a shuiteáil chun inbhéartóir nó rialaitheoirí mótair a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach chórais stiúrtha na gcomhpháirteanna a bhaineann le mótar leictreach agus modhnú ar an gciorcad sin	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo
Pas Comhshaoil Feithicle (EVP)	Modhnú neamhúdaraithe ar shonraí aonaid rialaithe innill/ aonaid rialaithe braiteora nó ar chód bogearraí	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 9.1, 20.4, 23.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Sonraí comhshaoil a bhaineann le EVP a mhodhnú	Teicnící/dearaí rialaithe rochtana agus nósanna imeachta slána chun bogearraí a nuashonrú e.g., fíordheimhniú nuashonraithe, seiceáil sláine, próiseas slán bútála
	Rochtain neamhúdaraithe agus modhnú neamhúdaraithe ar chrua-earraí aonaid rialaithe innill/aonaid rialaithe braiteora	Leochaileachtaí i gCuid A d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe: 25.1, 32.1	Maoluithe comhfhreagracha in Iarscríbhinn 5, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe
		Rochtain neamhúdaraithe ar chiorcad inmheánach córas stiúrtha, agus modhnú ar an gciorcad sin, chun sonraí comhshaoil a bhaineann le EVP a mhodhnú	Bearta chun rochtain a chosc nó a bhrath e.g. le crua-earraí crioscaíldíonacha nó le crua-earraí ar léir má dhéantar crioscaíl leo

IARSCRÍBHINN 10

Sonraíochtaí na mbreoslaí tagartha

1. Sonraíochtaí breoslaí tagartha chun tástáil a dhéanamh ar fheithiclí maidir le teorannacha astaíochtaí

1.1 Is iad na breoslaí a leagtar amach in Iarscríbhinn B3 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe an tsonraíocht le haghaidh na mbreoslaí tagartha a úsáidfear.

2. Sonraíochtaí an bhreosla tagartha atá le húsáid chun tástáil a dhéanamh ar fheithiclí atá feistithe le hinnill adhainte deimhní ag teocht chomhthimpeallach íseal — Tástáil Chineál 6

Cineál: Peitreal (E10)

Paraiméadar	Aonad	Teorannacha ([1])		Modh tástála
		Íosmhéid	Uasmhéid	
Uimhir ochtáin taighde, RON ([2])		95,0	98,0	EN ISO 5164
Uimhir ochtáin mótair, MON ([2])		85,0	89,0	EN ISO 5163
Dlús ag 15 °C	kg/m ([3])	743,0	756,0	EN ISO 12185
Galbhrú (coibhéis galbhrú thirim)	kPa	56,0	95,0	EN 13016-1
Cion uisce		uasmhéid 0,05 Cuma ag -7 C: Glan & Geal		EN 12937
Driogadh:				
— galaithe ag 70 °C	% v/v	34,0	46,0	EN ISO 3405
— galaithe ag 100 °C	% v/v	54,0	62,0	EN ISO 3405
— galaithe ag 150 °C	% v/v	86,0	94,0	EN ISO 3405
— fiuchphointe deiridh	°C	170	195	EN ISO 3405
Iarmhar	% v/v	—	2.0	EN ISO 3405
Anailís ar hidreacarbón:				
— olaifíní	% v/v	6,0	13,0	EN 22854
— cumhránaic	% v/v	25,0	32,0	EN 22854
— beinséin	% v/v	-	1,00	EN 22854 EN 238
— sáitheáin	% v/v	tuairisc		EN 22854
Cóimheas carbóin/hidrigine		tuairisc		
Cóimheas carbóin/ocsaigine		tuairisc		
Tréimhse ionduchtaithe ([3])	miontuair-iscí	480	—	EN ISO 7536
Cion ocsaigine ([4])	% m/m	3,3	3,7	EN 22854

Paraiméadar	Aonad	Teorannacha ([1])		Modh tástála
		Íosmhéid	Uasmhéid	
Guma nite le tuaslagóir (Cion guma atá ann)	mg/100ml	—	4	EN ISO 6246
Cion sulfair ([5])	mg/kg	—	10	EN ISO 20846 EN ISO 20884
Creimeadh copair 3 uair an chloig, 50 °C		—	Aicme 1	EN ISO 2160
Cion luaidhe	mg/l	—	5	EN 237
Cion fosfair ([6])	mg/l	—	1.3	ASTM D 3231
Eatánól ([4])	% v/v	9,0	10,0	EN 22854

([1]) Is 'fíorluachanna' iad na luachanna a luaitear sna sonraíochtaí. I mbunú a luachanna teorann téarmaí Táirgí peitriliam ISO 4259 - Cuireadh cinneadh agus cur i bhfeidhm na sonraí beachtais i ndáil le modhanna tástála i bhfeidhm agus maidir le luach íosta a shocrú, tá difríocht íosta de 2R os cionn nialais curtha san áireamh; agus luach uasta agus luach íosta á socrú, is é 4R (R = in-atáirgtheacht) an difríocht íosta. D'ainneoin an bhirt sin, a bhfuil gá leis ar chúiseanna teicniúla, beidh sé d'aidhm ag an monaróir breoslaí mar sin féin luach nialasach a bhaint amach inarb ionann an t-uasluach forordaithe agus 2R, agus ar mheánluach a bhaint amach i gcás luachaintí de theorainneacha uasta agus íosta. Dá mba ghá a shoiléiriú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann breosla ceanglais na sonraíochtaí, cuirfear i bhfeidhm téarmaí ISO 4259.

([2]) Dealófar fachtóir ceartúcháin 0,2 le haghaidh MON agus RON le haghaidh an toradh deiridh a ríomh i gcomhréir le EN 228:2008.

([3]) D'fhéadfadh coscairí ocsaídiúcháin agus díghníomhachtóirí miotail a bheith sa bhreosla arb iondúil a úsáidtear iad chun sruthanna gásailín scaglainne a chobhsú, ach ní chuirfear breiseáin ghlantaigh/spréite agus olaí tuaslagóra leis.

([4]) Is é an t-eatánól an t-aon ocsaigionáit a chuirfear leis an mbreosla tagartha d'aon turas. Beidh an tEatánól a úsáidfear comhréireach le EN 15376.

([5]) Déanfar cion iarbhír sulfair an bhreosla a úsáidtear do thástáil Chineál 6 a thuairisciú.

([6]) Ní chuirfear comhdhúile leis d'aon turas ina bhfuil fosfar, iarann, mangainéis, nó luaidhe mar bhreosla tagartha.

Cineál: Eatánól (E75)

Paraiméadar	Aonad	Teorannacha ([1])		Modh tástála ([2])
		Íosmhéid	Uasmhéid	
Uimhir ochtáin taighde, RON		95	-	EN ISO 5164
Uimhir ochtáin mótair, MON		85	-	EN ISO 5163
Dlús ag 15 °C	kg/m^3	tuairisc		EN ISO 12185
Brú gaile	kPa	50	60	EN ISO 1 30 16-1 (coibhéis galbhrú thirim)
Cion sulfair ([3]), ([4])	mg/kg	-	10	EN ISO 20846 EN ISO 20884
Cobhsaíocht ocsaídiúcháin	miontuair-iscí	360	-	EN ISO 7536
Cion guma atá ann (nite le tuaslagóir)	mg/100ml	-	4	EN ISO 6246
Cinnfear an cuma ag an teocht chomhthimpeallach nó 15 °C cibé acu is airde.		Glé agus geal, ar léir é a bheith saor ó éilleáin ar fuaidreamh nó dheasctha		Iniúchadh súl

Paraiméadar	Aonad	Teorannacha ([1])		Modh tástála ([2])
		Íosmhéid	Uasmhéid	
Eatánóil agus alcóil níos airde ([7])	% (V/V)	70	80	EN 1601 EN 13132 EN 1451 7
Alcóil níos airde (C_3 - C_8)	% (V/V)	-	2	
Meatánól		-	0,5	
Peitreal ([5])	% (V/V)	Iarmhéid		EN 228
Fosfar	mg/l	0,3 ([6])		EN 15487 ASTM D 3231
Cion uisce	% (V/V)	-	0,3	ASTM E 1064 EN 15 489
Ábhar clóiríde neamhorgánaí	mg/1	-	1	ISO 6227 - EN 15492
pHe		6,5	9	ASTM D 6423 EN 15490
Creimeadh stéille copair (3 uair ag 50 °C)	Rátáil	Aicme I		EN ISO 2160
Aigéadacht (mar aigéad aicéiteach CH_3COOH)	% (m/m)		0,005	ASTM 0161 3 EN 15491
	mg/1		40	
Cóimheas carbóin/hidrigine		tuairisc		
Cóimheas carbóin/ocsaigine		tuairisc		

([1]) 'Fíorluachanna' is ea na luachanna dá dtagraítear sna sonraíochtaí. Agus na teorainneacha luacha á mbunú, cuireadh i bhfeidhm téarmaí ISO 4259 Táirgí peitriliam — Cinneadh agus cur i bhfeidhm sonraí beachtais i ndáil le modhanna tástála. Agus luach íosta á shocrú, cuireadh difríocht íosta 2R os cionn nialais san áireamh. Agus luach uasta agus luach íosta á socrú, ba é 4R (R = in-atáirgtheacht) an difríocht íosta a úsáideadh. D'ainneoin an nós imeachta sin, a bhfuil gá leis ar chúiseanna teicniúla, beidh sé d'aidhm ag monaróirí breoslaí luach nialasach a bhaint amach inarb ionann an t-uasluach forordaithe agus 2R, agus ar mheánluach a bhaint amach i gcás luachaintí de theorainneacha uasta agus íosta. I gcás inar gá a shoiléiriú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann breosla ceanglais na sonraíochtaí, cuirfear i bhfeidhm téarmaí ISO 4259.

([2]) I gcásanna faoi dhíospóid, úsáidfear na nósanna imeachta chun an díospóid a réiteach agus léirmhíniú na dtorthaí bunaithe ar chruinneas an mhodha tástála, a thuairiscítear in EN ISO 4259.

([3]) I gcás faoi dhíospóid náisiúnta maidir le cion sulfair, glaofar EN ISO 20846 nó EN ISO 20884, cosúil leis an tagairt san iarscríbhinn náisiúnta a ghabhann le EN 228.

([4]) Déanfar cion iarbhír sulfair an bhreosla a úsáidtear do thástáil Chineál 6 a thuairisciú.

([5]) Féadtar an cion pheitreal gan luaidhe a chinneadh mar 100 lúide suim chion céatadánach an uisce agus na n-alcól.

([6]) Ní chuirfear comhdhúile leis d'aon turas ina bhfuil fosfar, iarann, mangainéis, nó luaidhe mar bhreosla tagartha.

([7]) Is é an t-eatánól a chomhlíonfaidh sonraíocht EN 15376 an t-aon ocsaigionáit a chuirfear leis an mbreosla tagartha seo d'aon turas.

Iarscríbhinn 10a

Sonraíochtaí na mbreoslaí gásacha tagartha

1. Sonraíochtaí na mbreoslaí gásacha tagartha

1.1. Is ionann an tsonraíocht le haghaidh na mbreoslaí gásacha tagartha a úsáidfear agus na breoslaí gásacha a leagtar amach in Iarscríbhinn B3 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

IARSCRÍBHINN 11

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh tástáil saotharlainne ar chóimheas raoin leictrigh ag teocht íseal le haghaidh feithiclí lánleictreacha

1. Réamhrá

1.1 Chun an cóimheas raoin teochta ísle dearbhaithe a fhíorú le linn comhréireacht inseirbhíse le haghaidh gach feithicle, cinnfear an raon leictreach ag teocht íseal ($PER_{WLTC,LT,ave}$) de réir Thábla A10/1, Iarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus an raon lánleictreach de réir chéim 7 ($PER_{WLTC,ave}$) de Thábla A8/10, Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

1.2. Cinneadh maidir le Pas/Teip feithicle aonair

Beidh an cinneadh maidir le Pas/Teip feithicle aonair bunaithe ar an gcóimheas raoin teochta ísle a shainítear i mír 6.1.3. d'Iarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Beidh Pas ann mar thoradh ar fhíorú an chóimheasa raoin teochta ísle feithicle aonair má tá an cóimheas raoin teochta ísle tuairiscithe iolraithe faoi 1,04 níos airde ná an cóimheas raoin teochta ísle dearbhaithe nó cothrom leis de réir na cothromóide thíos.

$$\frac{PER_{LT,R154,B10}}{PER_{\text{cineál}1,R154,B8}} * 1,04 \geq K_{PER,WLTC,LT,dec}$$

$PER_{LT, R154, B10}$ Mar a shainmhínítear i gcéim 2 ($PER_{WLTC,LT,ave}$) de Thábla A10/1, Iarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

$PER_{cineál1, R154, B8}$ Mar a shainmhínítear in aschur chéim 7 ($PER_{WLTC,ave}$) de Thábla A8/10, Iarscríbhinn B8 i gcás CCP nó in aschur chéim 6, ($PER_{WLTC,ave}$) de Thábla A8/11, Iarscríbhinn B8 i gcás STP i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe

$K_{PER,WLTC,LT,dec}$ Mar a shainmhínítear in aschur chéim 4 de Thábla A10/1, Iarscríbhinn B10 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe

1.3. Cinneadh Pas/Teipe maidir le sampla

Déanfar an nós imeachta fíorúcháin le líon leordhóthanach feithiclí (1 ar a laghad agus nach mó ná 4). Úsáidfear an suirbhé feithicle mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 5 le haghaidh gach feithicle a roghnaítear le haghaidh tástála. Chun críoch toradh pas/teipe a chinneadh maidir le sampla, is é 'p' áireamh na dtorthaí pasáilte, agus is é 'f' áireamh na dtorthaí teipthe. Le gach toradh tástála pasáilte, méadófar an líon 'p' faoi 1 le gach toradh tástála teipthe agus méadófar an líon 'f' faoi 1 le haghaidh an nós imeachta staidrimh ábhartha.

Nuair a ionchorprófar torthaí tástála bailí i gcás oscailte den nós imeachta staidrimh, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an samplamhéid charnach 'n' a nuashonrú, mar shampla, chun líon iomlán na dtástálacha bailí atá ionchorpraithe sa nós imeachta staidrimh a léiriú;

(b) tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí, líon na dtorthaí pasáilte 'p' agus líon na dtorthaí teipthe 'f' a nuashonrú;

(c) seiceáil ar thángthas ar chinneadh leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air thíos.

Braitheann an cinneadh ar an tsamplamhéid charnach 'n', áirimh na dtorthaí pasáilte agus teipthe 'p' agus 'f'. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le pas/teip sampla ISC, úsáidfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonúcháin an chairt chinnteoireachta i dTábla 11/1. Léiríonn na cairteacha an cinneadh atá le déanamh maidir le samplamhéid charnach 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Is féidir dhá chinneadh a dhéanamh maidir le nós imeachta staidrimh i gcás teaglaim áirithe d'aicme feithiclí teochta ísle:

Is é 'pas sampla' an cinneadh a thiocfar air nuair a thugtar cinneadh 'PAS' sa chairt chinnteoireachta is infheidhme i dTábla 11/1 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus líon na dtorthaí teipthe 'f'.

Is é ‘teip shampla’ an cinneadh a thiocfar air, i gcás samplamhéid charnach áirithe ‘n’, nuair a chomhlíonfar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar cinneadh ‘TEIP’ sa chairt chinnteoireachta is infheidhme i dTábla 11/1 le haghaidh samplamhéid charnach reatha ‘n’ agus áireamh na dtorthaí teipthe ‘f’;

Tábla 11/1

Cairt chinnteoireachta don nós imeachta staidrimh le haghaidh feithiclí (i gcás ina gciallaíonn ‘GAN CHINNEADH’ nár thángthas ar chinneadh)

Áireamh na dtorthaí ar teipeanna iad f	3			TEIP	TEIP
	2		GAN CHINNEADH	GAN CHINNEADH	PAS
	1	GAN CHINNEADH	PAS	PAS	PAS
	0	PAS	PAS	PAS	PAS
		1	2	3	4
	Samplamhéid carnach n				

IARSCRÍBHINN 12

Modheolaíocht comhréireachta inseirbhíse le haghaidh astaíochtaí coscáin

Féadfaidh údaráis fhreagracha agus tríú páirtithe na comhéifeachtaí sciar coscánaithe frithchuimilte a dearbhaíodh tráth an chineálcheadaithe a fhíorú. Sa chás sin, déanfar é de réir Iarscríbhinn 5 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin trí bhíthin nós imeachta tástála ISC.

1. Roghnú Feithiclí le haghaidh Tástáil ISC

Roghnófar go randamach feithicil inseirbhíse amháin ar a laghad, ach gan níos mó ná ceithre fheithicil inseirbhíse, atá ionadaíoch ar aicme idirshuímh amháin nó níos mó a bhfuil an chomhéifeacht sciar coscánaithe frithchuimilte chéanna acu. Leagtar síos na critéir maidir leis an gcomhéifeacht sciar coscánaithe frithchuimilte chéanna a chomhroinnt idir roinnt aicmí idirshuímh i mír 4.1. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin.

Chun go gcuirfear feithicil faoi réir nós imeachta tástála comhréireachta inseirbhíse, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) Ní bheidh aon mhí-úsáid bainte as an gcóras coscánaithe ná as an bhfeithicil, más inbhraite;

(b) Ní bheidh ró-úsáid fhollasach bainte as an gcóras coscánaithe ná as comhpháirteanna coscáin;

(c) Ní bheidh aon damáiste infheicthe don chóras coscánaithe ná do chomhpháirteanna coscáin (e.g. teophointí ar an sciorrfháinne nó comharthaí infheicthe creimthe);

(d) Beidh cothabháil na feithicle agus an chórais coscánaithe de réir cheanglais an mhonaróra feithicle;

(e) Ní bheidh aon iontráil earráide gníomhaí sa chuimhne fabht atá infheicthe ag an úsáideoir;

(f) Feisteofar an fheithicil le páirteanna bunaidh nó le páirteanna bunaidh athsholáthair mar a shainmhínítear i mír 3 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin, ní cheadaítear aon chomhpháirt mhodhnaithe;

(g) Ní sháróidh saolré na feithicle na luachanna a shainítear i dTábla 12/1.

Má tá amhras ann nár leabaíodh an córas coscánaithe go leormhaith, féadfaidh an t-údarás freagrach nó an tríú páirtí a dhéanann an tástáil leabú breise na gcoscán a éileamh, de réir shonraíochtaí an mhonaróra.

Tábla 12/1

Ceanglais saolré chumais aisghabhála na feithicle iomláine

tomhas fachtóra-c	Feithiclí de chatagóirí M1, N1 agus M2
Príomh-shaolré	Suas le 160 000 km nó 8 mbliana, pé ceann a tharlaíonn ar dtús

Tabhair faoi deara: Ceadaítear páirteanna caite den chúinne coscáin a athsholáthar laistigh d'eatraimh seirbhíse shainithe

2. Tástáil ISC

Déanfar an fheithicil roghnaithe a thástáil ar raon rollach de réir an nós imeachta tástála agus na gceanglas a bhunaítear in Iarscríbhinn 5 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin.

Déanfar astaíochtaí feithicle iomláine PM_{10} agus SPN10 na feithicle tástáilte a ríomh de réir chothromóid 7.1 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin agus a thuairisciú, agus an méid seo a leanas á bhreithniú:

(a) comhéifeacht sciar coscánaithe frithchuimilte a thomhaistear de réir na míre seo, c_{ISC};

(b) fachtóirí astaíochta tagartha mháthairaicme astaíochtaí an chúinne coscáin tosaigh agus cúil a tomhaiseadh tráth an chineálcheadaithe;

(c) ualaí rotha na feithicle ag a bhfuil an mhais tástála is airde i measc na bhfeithiclí a bhfuil an chomhéifeacht sciar coscánaithe frithchuimilte chéanna acu mar a léirítear i mír 1.

3. Meastóireacht ar shonraí ISC

Measfar go gcomhlíonann an aicme idirshuímh atá á fíorú nó na haicmí idirshuímh, de réir mar is infheidhme, ceanglais ISC, má tá astaíochtaí feithicle iomláine PM_{10} na feithicle ISC roghnaithe faoi bhun na teorann rialála, nó cothrom léi, mar a shainmhínítear i dTábla 3 de Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí coscáin.

Má tá astaíochtaí feithicle iomláine PM_{10} na feithicle ISC roghnaithe os cionn na teorann rialála, déanfar feithicil eile den aicme idirshuímh chéanna nó de na haicmí idirshuímh céanna, de réir mar is infheidhme, a roghnú agus a thástáil sa riocht chéanna a léirítear i mír 2, cuirfear nós imeachta fíorúcháin nua i gcrích mar a thuairiscítear thuas i bhfianaise na feithicle nua sin, agus ionchorprófar a toradh sa nós imeachta staidrimh ar a dtugtar tuairisc i mír 4.

4. Meastóireacht staidrimh ar shamplaí ISC

Braitheann an cinneadh ar an tsamplamhéid charnach 'n', áirimh na dtorthaí pasáilte agus teipthe 'p' agus 'f'. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le pas/teip sampla fíorúcháin, úsáidfear an chairt chinnteoireachta i dTábla 12/2. Léiríonn an chairt an cinneadh atá le déanamh maidir le samplamhéid charnach 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Is féidir dhá chinneadh a dhéanamh maidir le nós imeachta staidrimh le haghaidh na n-astaíochtaí coscáin feithicle iomláine, a ríomhtar de réir mhír 2.

(a) Is é 'pas sampla' an toradh a thiocfar air nuair a thugtar toradh 'PAS' sa chairt chinnteoireachta i dTábla 12/2 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus líon na dtorthaí teipthe 'f'.

(b) Is é '*teip shampla*' an cinneadh a thiocfar air, i gcás samplamhéid charnach áirithe 'n', nuair a thugtar cinneadh 'TEIP' sa chairt chinnteoireachta is infheidhme ó Thábla 12/2 le haghaidh samplamhéid charnach reatha 'n' agus áireamh na dtorthaí teipthe 'f'.

Mura dtagtar ar chinneadh ('GAN CHINNEADH'), fanfaidh an nós imeachta staidrimh ar oscailt agus ionchorprófar torthaí breise ann, go dtí go dtiocfar ar chinneadh.

Tábla 12/2

Cairt chinnteoireachta le haghaidh fíorú pas/teipe:

Áireamh na dtorthaí ar teipeanna iad f	3			TEIP	TEIP
	2		GAN CHINNEADH	GAN CHINNEADH	PAS
	1	GAN CHINNEADH	PAS	PAS	PAS
	0	PAS	PAS	PAS	PAS
		1	2	3	4
		n			

n = samplamhéid charnach (meascán de chomhpháirteanna coscáin tosaigh agus cúil = 'astaíochtaí coscáin feithicle iomláine')

IARSCRÍBHINN 13

Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord

1. Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord

1.1. Leanfaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse an mhodheolaíocht ghinearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn 4.

1.2. Déanfar bearta chun comhréireacht inseirbhíse córas faireacháin ar bord a áirithiú i gcomhréir leis na socruithe maidir le comhréireacht táirgeachta mar a leagtar síos i gcuid A d'Fhoscríbhinn 1.

1.3. Úsáidfidh na húdaráis sonraí anaithnide OBM a chuireann monaróirí isteach chun tacú le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéantar i gcomhréir leis an iarscríbhinn seo.

2. Stádas faireacháin OBM agus incháilitheacht feithiclí le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse

2.1. Feithiclí ag a bhfuil stádas faireacháin OBM amháin ar a laghad dá dtagraítear i mír 7.2. de Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM socraithe chuig 'Earráid', ní bheidh siad incháilithe do thástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le mír 1. Tástálacha comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcás ina n-aistríonn stádas faireacháin OBM amháin ar a laghad chuig 'Earráid' tar éis na tástála, beidh siad ar neamhní.

2.2. Le linn tástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le mír 1., measfar gur comharthaí rabhaidh iad seo a leanas a d'fhéadfadh mífheidhmiú a thabhairt le tuiscint i gcomhréir le mír 8.3.2. de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe:

(a) stádas faireacháin OBM amháin nó níos mó atá socraithe chuig 'Earráid', dá dtagraítear i mír 7.3.1., pointe (c) de Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM, a bheith ann;

(b) locht diagnóisice ar bord leanúnach amháin nó níos mó a bheith ann a bhfuil táscaire mífheidhme gníomhach ina leith;

(c) fabhtanna eile is léir ó amharc-chigireacht ar an bhfeithicil roimh an turas.

2.3. Feithiclí a bhfuil stádas faireacháin OBM amháin ar a laghad acu atá socraithe chuig 'Earráid' roimh an tástáil, ní bheidh siad incháilithe do sheiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar an gcóras faireacháin ar bord. Beidh feithiclí den sórt sin incháilithe, áfach, chun fíorú a dhéanamh i gcomhréir le mír 3.

2.4. Beidh feithiclí a bhfuil stádas faireacháin amháin ar a laghad acu atá socraithe chuig 'Idirmheánach' roimh an tástáil incháilithe do thástáil comhréireachta inseirbhíse ar astaíochtaí sceite i gcomhréir le mír 1. agus do sheiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar an gcóras faireacháin ar bord i gcomhréir le Foscríbhinní 1 agus 2, ar choinníoll go ndéantar nós imeachta réamhoiriúnaithe ar a dtugtar tuairisc i mír 4.6. d'Fhoscríbhinn 1.

3. Faireachas margaidh roghnach ar chórais faireacháin ar bord

Má chinneann páirtithe conarthacha tástálacha faireachais margaidh a dhéanamh, fíoróidh siad sin go gcomhlíonann na córais faireacháin ar bord míreanna 7.1 go 7.8 de Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM i gcomhréir le cuid B d'Fhoscríbhinn 1.

4. Róil agus freagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh

4.1. Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh tástálacha scagtha a dhéanamh chun feistí cúblála agus straitéisí cúblála a bhaineann le sláine sonraí a bhrath.

4.2. Má shainaithnítear feiste chúblála nó straitéis chúblála a bhaineann le sláine sonraí, rachaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh ar aghaidh i gcomhréir le hIarscríbhinn 4.

Iarscríbhinn 13 – Foscríbhinn 1

Modhanna le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse agus faireachas margaidh réigiúnach roghnach ar chórais faireacháin ar bord

Leagtar amach san fhoscríbhinn seo an mhodheolaíocht comhréireachta inseirbhíse (ISC) chun comhréireacht an fhaireacháin ar astaíochtaí NOx agus PM a dhéanann córais faireacháin ar bord a sheiceáil, agus modhanna faireachais margaidh roghnaigh chun comhlíonadh cheanglais ghinearálta na gcóras faireacháin ar bord a fhíorú.

Cuid A: Seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord

1. Réamhrá

1.1. Áiritheofar le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord go ndéanfaidh an córas faireacháin ar bord atá i láthair i sampla d'fheithiclí a bhaineann leis an aicme chéanna OBM mar a shainmhínítear i mír 2 ríomhanna ar astaíochtaí fadsonracha NOx le cruinneas réasúnta agus nach dtarlaíonn aon tearcmheastachán córasach ar astaíochtaí.

1.2. Áiritheofar le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse freisin go mbeidh córais faireacháin ar bord in ann sáruithe 2,5 oiread ar a laghad na dteorainnluachanna astaíochtaí sceite ábhartha a leagtar amach i dTábla 1A de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a bhrath le haghaidh NOx agus PM araon.

1.3. Déanfaidh monaróirí feithiclí agus údaráis chineálcheadaithe deonaithe seiceálacha comhréireachta inseirbhíse.

1.4. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha agus tríú páirtithe aitheanta seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh.

1.5. Ní bheidh aon íoscheanglas minicíochta ag baint le seiceálacha comhréireachta inseirbhíse.

2. Sainmhíniú na haicme OBM

2.1. Chun tástáil comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar chórais faireacháin ar bord, is éard a bheidh in aicme OBM feithiclí a chumhdaítear leis an dearbhú céanna maidir le comhlíonadh i gcomhréir le hIarscríbhinn 6 de Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM.

3. Critéir roghnúcháin agus incháilitheacht feithiclí le haghaidh tástála

3.1. Baileoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe agus eintitis ábhartha eile an fhaisnéis is gá chun a chinneadh cé na haicmí OBM a dhéanfar a sheiceáil. Breithneofar sonraí anaithnide OBM a chuireann monaróirí faoi bhráid na n-údarás de réir mhír 7.2.

3.2. Déanfar seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord ar feadh tréimhse suas le 200 000 km nó 10 mbliana, cibé acu is túisce.

3.3. I dteannta na gcritéar incháilitheachta le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ó mhír 2. den iarscríbhinn seo, is iad na critéir theicniúla roghnúcháin feithicle is infheidhme na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 4.

4. Tástálacha comhréireachta inseirbhíse OBM

4.1. Déanfar na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord trí bhíthin tástáil astaíochtaí saotharlainne nó ar an mbóthar. Maidir le tástálacha ar bóthar le trealamh PEMS, leanfar an nós imeachta bailíochtaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.2. Déanfar na tástálacha ar bhealach gurb ionann na hastaíochtaí agus na faid a chumhdaítear leis an tástáil astaíochtaí agus leis an turas OBM comhfhreagrach.

4.3. Déanfar na seiceálacha ar shampla d'fheithiclí a bhaineann leis an aicme OBM chéanna, agus déanfar meastóireacht ar na torthaí de réir an mhodha meastóireachta a thuairiscítear i mír 5. Cuirfidh gach feithicil a thástáiltear, ar a mhéad, dhá thoradh leis an bhfíorú ar a dtugtar tuairisc i mír 5.1. agus dhá thoradh leis an bhfíorú ar a dtugtar tuairisc i mír 5.2. (toradh amháin le haghaidh PM agus toradh amháin le haghaidh NOx).

4.4. Déanfar seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord i gcomhthráth leis na tástálacha ISC chun comhlíonadh teorainneacha astaíochtaí sceite a fhíorú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 4. Leis an tástáil astaíochtaí chéanna (astaíochtaí fíorthiomána de réir Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe nó Cineál 1 (WLTP ceithre chéim de réir Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe), tacófar leis an dá mhodheolaíocht tástála.

4.5. Mar mhodh malartach, féadfar na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar chórais faireacháin ar bord a dhéanamh, de réir mhír 1.1, trí úsáid a bhaint as aon turas ar an mbóthar is faide ná 40 nóiméad agus 20 ciliméadar a chomhlíonann na coinníollacha turais comhthimpeallacha agus dinimiciúla a leagtar síos i bpointí 8.1 agus 8.2 de Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe, ag a bhfuil uasluas 160 km/h. Má dhéantar cuid den tástáil nó an tástáil iomlán lasmuigh de dhálaí breisithe, nó má sháraítear an t-uasluas, measfar an tástáil a bheith neamhbhailí.

4.6. Aon fheithicil a bhfuil stádas faireacháin amháin ar astaíochtaí sceite ar a laghad aici atá socraithe chuig 'Idirmheánach' sula ndéanfar tástáil uirthi, déanfar nós imeachta réamhoiriúnaithe uirthi. Le linn an réamhoiriúnaithe sin, tiomáinfear an fheithicil ar feadh 40 nóiméad agus 20 ciliméadar ar a laghad agus an t-inneall dócháin inmheánaigh ar siúl. Áireofar sa réamhoiriúnú 5 nóiméad as a chéile ar a laghad ina dtiomáinfear an fheithicil le treoluas 90 km/h nó níos airde. Tar éis an réamhoiriúnaithe, déanfar an gléasra cumhachta a dhíghníomhachtú, agus léifear gach stádas faireacháin ar astaíochtaí sceite. Beidh feithiclí incháilithe do thástáil chomhréireachta inseirbhíse mura bhfuil aon cheann de na stádais faireacháin socraithe chuig 'Earráid'.

4.7. Feithicil ag a bhfuil luach 'fad OBM ó athshocraíodh an stádas faireacháin' (paraiméadar 1.51 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM) atá níos lú ná 400 km, déanfar réamhoiriúnú uirthi mar a thuairiscítear i mír 4.6. go dtí go rachaidh an paraiméadar sin thar 400 km.

5. Meastóireacht ar Thorthaí Tástála

5.1. Úsáidfear torthaí na tástála astaíochtaí chun seiceáil a dhéanamh ar chruinneas ríomh na n-astaíochtaí sceite fadsonracha NOx a dhéanann an córas faireacháin ar bord i gcomhréir le mír 7.4.

5.2. Má tá torthaí na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na dteorainnluachanna astaíochtaí sceite ábhartha a leagtar amach i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh NOx nó PM, nó níos mó ná sin, úsáidfear torthaí na tástála astaíochtaí chun a fhíorú go bhféadfaidh an gcóras faireacháin ar bord sáruithe den sórt sin a bhrath. Ní bheidh feidhm ag an bhfíorú sin maidir le tástálacha a dhéantar agus úsáid á baint as an modh malartach ar a dtugtar tuairisc i mír 4.6.

5.3. Ag deireadh na tástála astaíochtaí, déanfar an luach a thuairiscíonn an córas faireacháin ar bord le haghaidh 'NOx fadsonrach' don turas OBM (paraiméadar 2.5 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM) agus an luach astaíochtaí fadsonracha NOx don turas a thomhaiseann an tsaotharlann astaíochtaí nó trealamh PEMS a thaifeadadh agus a chur i gcomparáid le chéile.

5.4. Déanfar luach astaíochtaí fadsonrach NOx an turais arna thomhas le trealamh PEMS a ríomh trí na hastaíochtaí maise NOx carntha thar an turas a roinnt ar fhad iomlán an turais. Beidh feidhm ag ceartú corrlaigh PEMS ó mhír 4 d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe agus ag na ceartúcháin ó mhír 5 d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán céanna.

5.5. Ní dhéanfar an luach ón gcóras faireacháin ar bord ná an luach arna thomhas ag an tsaotharlann astaíochtaí nó ag trealamh PEMS a mhodhnú le haon fhachtóir ceartúcháin eile.

6. Nós Imeachta Staidrimh maidir le Comhréireacht Inseirbhíse OBM

6.1. Sula ndéanfar an chéad tástáil chomhréireachta inseirbhíse OBM le haghaidh aicme OBM, tabharfaidh an monaróir, an tsaotharlann chreidiúnaithe nó an tseirbhís theicniúil ('páirtí') fógra don údarás cineálcheadaithe deonaithe faoin rún atá acu tástáil comhréireachta inseirbhíse a dhéanamh ar aicme OBM ar leith. Ar an bhfógra sin a fháil, osclóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe fillteán staidrimh nua chun na torthaí a phróiseáil don aicme OBM chun na torthaí a phróiseáil don pháirtí áirithe sin nó don chomhthiomsú páirtithe sin.

6.2. Féadfar torthaí tástála ó dhá shaotharlann chreidiúnaithe nó dhá sheirbhís theicniúla chreidiúnaithe nó níos mó a chomhthiomsú chun críoch nós imeachta staidrimh chomhchoitinn.

6.3. Chun torthaí na dtástálacha a chomhthiomsú, beidh gá le toiliú i scríbhinn ó na páirtithe leasmhara go léir a sholáthróidh torthaí tástálacha do chomhthiomsú torthaí, agus beidh gá le fógra a thabhairt don údarás cineálcheadaithe deonaithe sula gcuirfear tús leis an tástáil.

6.4. Ainmneofar ceann amháin de na páirtithe a chomhthiomsóidh torthaí tástála mar cheannaire ar an gcomhthiomsú agus beidh sé freagrach as sonraí a thuairisciú agus as cumarsáid a dhéanamh leis an údarás cineálcheadaithe deonúcháin.

6.5. 10 bhfeithicil a bheidh sa samplamhéid i bhfillteán staidrimh.

7. Measúnú comhlíontachta

7.1. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhíreanna 1.1. agus 1.2. de réir Fhoscríbhinn 2.

7.2. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhír 1.1. gach uair a shroichfear an samplamhéid, agus athshocrófar an líon feithiclí sa sampla chuig nialas ina dhiaidh sin.

7.3. Déanfar an cinneadh maidir le comhlíontacht aicme OBM de réir mhír 1.2. nuair atá toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó.

7.4. Beidh feidhm ag na hiolraitheoirí marthanachta chun teorainneacha astaíochtaí sceite a choigeartú faoi Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe le linn saolré bhreise.

8. Bearta tuairiscithe, ceartaitheacha agus riaracháin

8.1. Má fhaightear amach go bhfuil aicme OBM neamhchomhlíontach, ceanglóidh údaráis chineálcheadaithe ar an monaróir bearta a dhéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn 4. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe na himscrúduithe a leathnú chun feithiclí i seirbhís an mhonaróra chéanna a chumhdach, ar feithiclí iad a bhaineann le haicmí ISC eile a bhfuil an córas faireacháin ar bord céanna acu agus ar dócha go ndéanfaidh an neamhchomhlíonadh céanna difear dóibh.

8.2. Beidh tástáil comhlíontachta an chórais faireacháin ar bord mar chuid den tuarascáil bhliantúil ón údarás cineálcheadaithe deonaithe.

Cuid B: Faireachas margaidh roghnach ar chórais faireacháin ar bord

9. Réamhrá

9.1. Áiritheofar le seiceálacha faireachais margaidh OBM go gcomhlíonfaidh córas faireacháin ar bord na bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh na ceanglais ghinearálta a leagtar amach i míreanna 7.1 go 7.8.

9.2. Ní bheidh aon íoscheanglas minicíochta ag tástálacha faireachais margaidh ar chórais faireacháin ar bord.

10. Critéir roghnúcháin agus incháilitheacht feithiclí le haghaidh tástála

10.1. Roghnóidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na feithiclí a bheidh le tástáil bunaithe ar mheasúnú riosca. Breithneoidh siad sonraí anaithnide OBM a chuirfidh monaróirí faoi bhráid na n-údarás.

10.2. Féadfar tástálacha faireachais margaidh a dhéanamh fad a bheidh feithiclí in úsáid.

11. Measúnú comhlíontachta

11.1. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithiclí ceanglais ghinearálta na gcóras faireacháin ar bord agus EEEDWS.

11.2. Mar chuid den fhíorú sin ar cheanglais ghinearálta, fíoróidh údaráis um fhaireachas margaidh sláine na sonraí OBM ón uair a tháirgtear iad go dtí an uair a chuireann monaróir na feithicle isteach iad. Féadfar an fíorú sin a dhéanamh trí thacair sonraí OBM a rianú ó thurais tástála roghnaithe trí bhíthin a haisluachanna, nó trí mhodhanna iomchuí eile.

12. Bearta tuairiscithe, ceartaitheacha agus riaracháin

12.1. Má fhaightear amach go bhfuil aicme OBM neamhchomhlíontach, rachaidh údaráis um fhaireachas margaidh ar aghaidh i gcomhréir le hIarscríbhinn 4.

Féadfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh na himscrúduithe a leathnú chun feithiclí i seirbhís an mhonaróra chéanna a chumhdach, ar feithiclí iad a bhaineann le haicmí OBM eile a bhfuil an córas faireacháin ar bord céanna acu agus ar dócha go ndéanfaidh an neamhchomhlíonadh céanna difear dóibh.

Iarscríbhinn 13 – Foscríbhinn 2

Critéir chomhlíontachta le haghaidh aicme OBM

1. Critéir chomhlíontachta de réir Chuid A, mír 1.1. d'Fhoscríbhinn 1.

I gcás ina bhfuil 10 bpéire de luach astaíochtaí NOx fadsonracha ó thástáil astaíochta agus luach 'NOx fadsonrach' le haghaidh an turais OBM chomhfhreagraigh ar fáil, is féidir a shuí go gcomhlíonann an aicme OBM na ceanglais chruinnis chun astaíochtaí sceite fadsonracha NOx a ríomh bunaithe ar na difríochtaí idir na péirí.

Má tá toradh tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó ná sin, nó má athraíonn stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx (paraiméadar 1.47. d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM) go 'Earráid' tar éis na tástála, ní áireofar luach na n-astaíochtaí fadsonracha NOx ón tástáil astaíochtaí sin ná an luach 'NOx fadsonrach' le haghaidh an turais OBM chomhfhreagraigh sna 10 bpéire chun na critéir chomhlíontachta ar a dtugtar tuairisc sa mhír seo a ríomh.

Ríomhfar Δ mar an mheándifríocht idir na hastaíochtaí fadsonracha NOx ó thorthaí tástála astaíochtaí (*NOxastaíochtaí,i*) agus '*NOx fadsonrach*' don turas OBM (*NOxOBM,i*) le haghaidh gach tástála bailí:

$$\Delta = \frac{1}{10}\sum_{i=1}^{10}(NOxastaíochtaí,i - NOxOBM,i)$$

déanfar σ a ríomh mar fhréamh mheán na gcearnóg sna difríochtaí thar gach tástáil:

$$\sigma = \frac{1}{9}\sqrt{\sum_{i=1}^{10}(NOxastaíochtaí,i - NOxOBM,i)^2}$$

Beidh an aicme OBM comhlíontach sna cásanna seo a leanas:

(a) Má Δ tá cothrom le nialas nó níos ísle ná nialas.

(b) Má tá Δ níos mó ná nialas ach níos ísle ná 30 % den teorainn NOx is infheidhme, agus má tá σ níos ísle ná 50 % den teorainn NOx is infheidhme.

In aon chás eile, beidh an aicme OBM neamhchomhlíontach, agus beidh feidhm ag nós imeachta mhír 7. d'Fhoscríbhinn 1.

2. Critéir chomhlíontachta de réir Chuid A, mír 1.2. d'Fhoscríbhinn 1.

Má tá toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM nó NOx, nó níos mó, beidh feidhm ag critéir chomhlíontachta shonracha bunaithe ar thorthaí na tástála aonair. Ní dhéanfar torthaí na dtástálacha sin a bhreithniú maidir le comhlíontacht de réir Chuid A, mír 1.1. d'Fhoscríbhinn 1.

Beidh an aicme OBM comhlíontach sna cásanna seo a leanas:

(a) I gcás ina bhfuil toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le PM, nó níos mó:

(i) Má shocraítear stádas faireacháin OBM le haghaidh PM chuig 'Earráid' tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí.

(b) I gcás ina bhfuil toradh na tástála astaíochtaí cothrom le 2,5 oiread na teorann astaíochta is infheidhme maidir le NOx, nó níos mó:

(i) Má shocraítear stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx chuig 'Earráid' tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí.

(ii) Mura bhfuil stádas faireacháin OBM le haghaidh NOx socraithe chuig ‘Earráid’ tar éis an turais OBM a chomhfhreagraíonn don tástáil astaíochtaí, agus má tá an difríocht idir na hastaíochtaí fadsonracha NOx a thomhaistear le linn na tástála astaíochtaí agus ‘NOx fadsonrach’ don turas OBM (paraiméadar 2.5 d’Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 180 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le OBM) cothrom le 30 % de na hastaíochtaí fadsonracha NOx a thomhaistear le linn na tástála astaíochtaí nó níos lú ná sin (i.e. ní dhéanann an córas faireacháin ar bord tearcthuairisciú níos mó ná 30 % ar astaíochtaí NOx le linn na tástála).

In aon chás eile, beidh an aicme OBM neamhchomhlíontach, agus beidh feidhm ag nós imeachta mhír 8. d’Fhoscríbhinn 1.